Comhairle Chontae Laoise
Laois County Council

Tuarascáil Bhliantúil
Annual Report 2016

CLÁR

Comhráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach	1
Ráiteas Misin	2
Comhaltaí Chomhairle Chontae Laoise	3
Gnóthaí Corporáideacha, Pleanáil Chorporáideach agus Acmhainní Daonna	4
Pobal, Cúrsaí Sóisialta, Cultúr agus Oidhreacht	9
Seirbhísí Iompair, Comhshaoil agus Éigeandála	25
Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil	38
Tithíocht	45
Bainistiú Airgeadais	48
Teicneolaíocht Faisnéise Cumarsáide	52
Gníomhaíochtaí Eile	54
Aguisíní	55
Cén Chaoi Dul i dTeagmháil Linn	60

COMHRÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tá sé mar phibhléid againn an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2016 a thabhairt isteach, ina leagtar amach an raon leathan seirbhísí éagsúla a chuireann Comhairle Chontae Laoise ar fáil do mhuintir Chontae Laoise.

Tithíocht oiriúnach a chur ar fáil agus timpeallacht a choinneáil ina dtacaítear le cruthú post agus le gníomhaíocht eacnamaíoch - is ionann iad sin agus cuid de na dúshláin is mó atá os comhair na Comhairle. Is é an ról atá againn a bheith ag obair leis na hearnálacha ábhartha lena n-áirítear comhlachtaí formheasta tithíochta, an rialtas láir agus grúpaí eile chun iarracht a dhéanamh teacht ar réitigh ar na dúshláín sin. In 2016, tosaíodh ag tógáil tríocha trí aonad tithíochta ag Seanbhóthar Chnoc Maí, Port Laoise. Bhog an Chomhairle ar aghaidh aonaid a fháil i gcomhair tithíochta sóisialta ag roinnt lonnaíochtaí agus in 2016 freisin, formheasadh dearadh i gcomhair forbairtí eile a beartaíodh.

I réimse an Fhiontair Eacnamaíoch, lean an Chomhairle léi ag tabhairt tacaíochta do ghnó atá ann cheana agus do ghnó nua. In 2016, bunaíodh an tAonad Tacaíochta Gnó ina ionchorpraítear an Oifig Fiontair Áitiúil agus an fhoireann don Fhorbairt Eacnamaíoch lena bhfoirmítear pointe lárnach teagmhála do gnóthaí atá ann cheana agus do ghnóthai ionchais. Leis seo, spreagfar fiontar áitiúil agus cuirfear Contae Laoise chun cinn in Éirinn agus thar lear mar scothcheantar don infheistíocht.

I gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht Laoise, an Oifig Fiontair Áitiúil agus IT Cheatharlach, sheol Comhairle Chontae Laoise "Ráth Domhnaigh a Spreagadh", ar tionscnamh é lena gcruthaítear deiseanna do ghnóthaí nua, nuálaíocht, fiontraíocht agus forbairt scileanna. Earcaíodh níos mó ná tríocha rannpháirtí ón gceantar áitiúil leis an gclár.

Tá an Chomhairle daingean díongbháilte freisin ar tharraingteacht Chontae Laoise a bharrfheabhsú mar ionad sármhaitheais thurasóireachta agus tá sí tiomanta gach deis a thapú chun Contae Laoise a chur chun cinn sa chomhthéacs sin.

Rinneadh céad bliain Éirí Amach na Cásca 1916 a chomóradh i rith 2016 ina raibh 72 ócáid ar an iomlán curtha ar siúl ar fud an chontae, lena n-áirítear foilsiú dhá leabhar faoi stair na haimsire agus leabhar filíochta agus próis a fuair inspioráid ón aimsir sin. Osclaíodh gairdíní comórtha ag Halla an Chontae, i Mainistir Laoise, in Ioma, i gCill an Áird, i Móinteach Mílic, i Maighean Rátha agus i Raithín Chuileannáin.

D'aithin an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé súil a chaitheamh ar an todhchaí, agus sa chomhthéacs sin coimisiúnaíodh GVA Bilfinger and Consultants chun Ráiteas Físe a dhéanamh do Lár Bhaile Phort Laoise. In 2016 reachtáladh roinnt comhairliúchán poiblí agus ócáidí rannpháirteacha chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin méid a beartaíodh agus chun aiseolas a fháil a stiúrfadh an próiseas.

In 2016, leanadh leis an obair leanúnach a dhéanann grúpaí pobail, grúpaí bailte slachtmhara srl ar an leibhéal áitiúil, agus tógaimid an deis seo chun na daoine sin a admháil agus chun buíochas a ghabháil leo, thar ceann na Comhairle, as an tacaíocht leanúnach a thugann siad.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa, leis an bhFoireann Bainistíochta agus le foireann na Comhairle as ucht an tiomantas a léirigh siad agus an dianobair a rinne siad agus táimid lánchinnte go dtabharfar forbhreathnú do mhuintir Chontae Laoise ar an raon leathan gníomhaíochtaí a tugadh futhú agus ar an méid a bhain an Chomhairle amach in 2016 sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

John Mulholland
Príomhfheidhmeannach

An Comhairleoir Tom Mulhall
Cathaoirleach

"Is í an Chomhairle a bheidh i gceannas ar fhorbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus pobail ár gContae agus is í a sheachadfaidh seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán do na pobail a sheirbheálaimid."

Sainordú

Is í Comhairle Chontae Laoise an Príomhúdarás a Toghadh go Daonlathach i gContae Laoise a chuireann raon fairsing seirbhísí éagsúla ar fáil a mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagair, tionsclaíocha, turasóireachta agus cultúrtha an chontae. Áirítear ar na seirbhísí sin tithe, bóithre, soláthar uisce agus scéimeanna séarachais a sholáthar agus a choinneáil (faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Leibhéal Seirbhíse faoi Uisce Éireann), pleanáil agus forbairt eacnamaíoch, bainistiú dramhaíola, cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí áineasa, leabharlanna, forbairt chultúrtha agus pobail, lena n-áirítear áineas agus spórt. Tá lucht oibre mór sa Chomhairle, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach agus fostaithe gairmiúla, teicniúla, dlíthiúla, riaracháin, airgeadais agus faoin spéir.

Comhaltas na Comhairle

Tá 19 Comhalta Tofa i gComhairle Chontae Laoise - sé chomhalta an cheantair ó cheantar bardasach Bhuiríos Mór Osraí-Mhóinteach Mílic agus na Gráige-Chúil an tSúdaire agus seacht gcomhalta ó cheantar bardasach Phort Laoise.

Na Comhaltaí Tofa le Bainisteoir an Chontae ag Cruinniú Cinn Bliana Chomhairle Chontae Laoise i mí an Mheithimh, 2014

Cruinnithe na Comhairle

In 2016, ba ghnách é Cruinnithe na Comhairle a reachtáil ar an Luan deireanach de gach mí, i Seomra na Comhairle ag Áras an Chontae. Bhí cúig chruinniú déag ann in 2016 agus ní raibh cruinniú ar bith ann i mí Lúnasa.

An Grúpa um Beartas Corporáideach (G.B.C.)

Tá an Grúpa um Beartas Corporáideach ann chun sainordú daonlathach agus ról ceaptha beartais na gcomhaltaí tofa a fheabhsú. Tacaíonn an Príomhfheidhmeannach leis an G.B.C. agus is iad Cathaoirleach na Comhairle agus ceathrar Chathaoirleach na gCoistí Beartais Straitéisigh (C.B.S.) a chomhdhéanann an grúpa. Is e príomhfheidhm an G.B.C. ná obair na C.B.Sanna difriúla a chomhordú agus fóram a chur ar fáil ina ndéantar cinntí beartais a dhéanann difear don Chomhairle iomlán a chomhaontú le go gcuirfear faoi bhráid na Comhairle iomlán iad le go gcinnfear iad. Tháinig an G.B.C. le chéile 12 uair in 2016.

Ceantair Bhardasacha

Is iad seo a leanas na mionsonraí maidir le líon Chruinnithe na gCeantar Bardasach a bhí ar siúl in 2016:

Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí/Mhóinteach Mílic - 11 cruinniú
Ceantar Bardasach na Gráige/Chúil an tSúdaire - 11 cruinniú
Ceantar Bardasach Phort Laoise - 13 cruinniú

Toghadh na Comhaltaí seo a leanas do Chomhairle Chontae Laoise sna Toghcháin Áitiúla a bhí ar siúl an 23ú Bealtaine 2014

COMHALTAÍ
CHEANTAR BARDASACH BHUIRÍOS MÓR OSRAÍ-MHÓINTEACH MÍLIC

Patrick Bracken (F.F.)

John King (F.G.)

Brendan Phelan (Gan Pháirtí)

David Goodwin (F.G.)

Séamus McDonald (F.F.)

James Kelly (Gan Pháirtí)

COMHALTAÍ
CHEANTAR BARDASACH PHORT LAOISE

Mary Sweeney (F.G.)

John Joe Fennelly (F.F.)

William Aird (F.G.)

Jeremiah Lodge (F.F.)

Catherine Fitzgerald (F.F.)

Caroline DwaneStanley (S.F.)

Noel Tuohy (Páirtí an Lucht Oibre)

COMHALTAÍ
CHEANTAR BARDASACH CHÚIL AN tSÚDAIRE-NA GRÁIGE

Tom Mulhall (F.G.)

John Robert Moran (F.G.)

Pádraig Fleming (F.F.)

Ben Brennan (Gan Pháirtí)

Aidan Mullins (S.F.)

Paschal McEvoy (F.F.)

Stiúrthóir Seirbhísí: Dónal Brennan

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna: Carmel McNicholl

GNÓTHAÍ CORPORÁIDEACHA

Plean Corporáideach

Ghlac Comhaltaí na Comhairle Plean Corporáideach Chontae Laoise 2014-2019 i mí na Nollag, 2014.

Leis an bPlean Corporáideach soláthraíodh creat chun straitéis shoiléir a chur chun feidhme chun an contae a fhorbairt sa tréimhse 2014-2019 agus ullmhaíodh é tar éis comhairliúcháin le fostaithe, le hionadaithe tofa, le grúpaí leasmhara pobail, deonacha agus comhshaoil, le geallsealbhóirí eachtracha agus le comhlachtaí poiblí eile a oibríonn ar an leibhéal áitiúil.

Bhreithnigh na Comhaltaí Tofa nuashonrú ar chur chun feidhme an Phlean Corporáidaigh ag an gcruinniú a bhí acu i mí Eanáir 2016.

Cairt Chustaiméirí

Le Cairt Chustaiméirí Chomhairle Chontae Laoise, leagtar amach an chaoi ina ndéanann an Chomhairle iarracht déileáil lena custaiméirí. Tá an doiciméad le feiceáil i ngach Oifig phoiblí na Comhairle agus ar an láithreán gréasáin atá againn ag www.laois.ie. Áirítear ar na gCairt seo tiomantas do chomhionannas i seirbhísí a sholáthar agus aitheantas ar chineál éagsúil an phobail a sheirbheálaimid. Áirítear ar an gCairt freisin Nós Imeachta i gComhair Gearán ó Chustaiméirí ar féidir duine ar bith nach bhfuil sásta le cáilíocht na seirbhíse a fuair siad a úsáid.

Buaicphointe

- 26ú Bealtaine 2016 - Fáiltiú an Chathaoirligh le hurraim do Mioneolaithe Intel - Seaimpíní Uile Éireann

- 23ú Meitheamh - 2016 Fáiltiú an Chathaoirligh le hurraim do Bhantracht na Tuaithe Laoise

- 27ú Deireadh Fómhair 2016 - Fáiltiú Ceantair Bhardasaigh le hurraim do Zach Tuohy

Ba é costas iomlán na n-ócáidí thuas os cionn €1,587.20.

Scéim na Gaeilge

Dhearbhaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaelteachta Scéim na Gaeilge de chuid Údaráis Áitiúla Chontae Laoise agus tháinig sí i bhfeidhm an 1ú Nollaig, 2016. Tá an scéim le feiceáil ar an láithreán gréasáin atá againn, www.laois.ie. Tá scéim nua á ullmhú.

Aithníonn Údaráis Áitiúla Chontae Laoise go bhfuil sé de cheart ag ár gcustaiméirí a gcuid gnó a dhéanamh linn sa teanga is fearr leo agus go n-éascaítear é sin nuair a bhíonn siad ag déileáil linn a mhéid is féidir, cibé as Gaeilge nó as Béarla.

Más maith leat a bheith i dteagmháil leis an gComhairle as Gaeilge, le do thoil cuir rphost chuig gaeilge@laoiscoco.ie.

Deontais Ardoideachais

In 2016, fuarthas líon iomlán de 6 iarratas ar athnuachan i gcomhair cúnamh deontais.

Ba ionann an méid iomlán a íocadh in 2016 i ndáil le Deontais Ardoideachais agus €24,532.

An Plean Bliantúil maidir le Seachadadh Seirbhíse

Ag an gcruinniú a bhí acu an 25ú Aibreán 2016, ghlac na Comhaltaí an Plean maidir le Seachadadh Seirbhíse do 2016. Déanfar athbhreithniú ar chur chun feidhme an Phlean sin go luath in 2017 mar chuid den phróiseas chun Plean 2017 a fhorbairt. Cuirfear san áireamh freisin feidhmiú na Comhairle i ndáil leis na táscairí feidhmíochta arna sonrú ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta.

Sláinte & Sábháilteacht

Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta: Jim Bolger

Toisc go bhfuil Comhairle Chontae Laoise i 'mbabhta 1' d'fheidhmiú céimneach Mhodúl Sláinte agus Sábháilteachta an chórais CORE, feabhsaíodh ár gCóras Bainistithe Sábháilteachta (CBS) trí chomhoiriúnacht leis an modúl CORE a áirithiú. Sa réigiún lár tíre, tosaíodh tionscnamh Trasúdarás Áitiúil iniúchta ar shábháilteacht leis na Seirbhísí Dóiteáin i gComhairle Chontae Laoise ag glacadh páirt ann. Ina theannta sin, le cur chun feidhme cláir tras-stiúrthóireachta imscrúdaithe ar shábháilteacht, bhíothas in ann ár 'mbonn fianaise' a fhorbairt tuilleadh. Lean an roinn Seirbhísí Uisce atá againn le feidhmíocht sábháilteachta a thomhas, trí chlár iniúchta Sláinte, Sábháilteachta, Cáilíochta agus Comhshaoil (SSCC) de chuid Uisce Éireann.

Tugadh tosaíocht d'oiliúint reachtúil maidir le sábháilteacht trí oiliúint Pas Shábháilte a sholáthar. Bhí an roinn MyPay atá againn ag earcú i gcónaí agus leis sin bhí gá le hoiliúint leanúnach ionduchtúcháin maidir le sábháilteacht a sholáthar.

Tá fáil ag fostaithe uile Chomhairle Chontae Laoise a bhfuil rochtain acu ar an idirlíon ar an mbunachar sonraí atá againn, agus leis sin áirithítear go bhfuil Comhairle Chontae Laoise ar an eolas faoi fhorbairtí reachtaíochta.

Ar deireadh, leanadh le cur chun feidhme chlár ionaclaithe na Comhairle agus le faireachán a dhéanamh air.

Comhpháirtíocht

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Comhpháirtíochta san Ionad Oibre amhail an 31ú Nollaig 2016.

Ainmnithe na Bainistíochta	Ainmnithe an Cheardchumainn
Kieran Kehoe (Comhchathaoirleach)	Anne Marie Maher/ Tom O'Carroll (Comhchathaoirleach roinnte)
Michael Rainey	Folamh
Bernie Foran	Folamh
Michael O'Hora	Anthony Tynan
Geraldine Dunne	

Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Comhpháirtíochta i rith 2016.

Saoráil Faisnéise (S.F.)

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 an 14ú Deireadh Fómhair 2014. Leis sin tugadh isteach athruithe suntasacha ar réimeas na Saorála Faisnéise, tríd an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 a aisghairm agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 a chur ina n-ionad agus trí raon feidhme an achta a shíneadh chuig roinnt comhlachtaí breise. Leis an acht sin, rinneadh an reachtaíocht a chomhdhlúthú, a nuachóiriú agus a nuashonrú go ginearálta freisin.

Iarratais a fuarthas/a próiseáladh in 2016

Iarratais idir lámha an 31ú Nollaig 2015	04
Iarratais a fuarthas in 2016	65
Cinntí a rinneadh i rith 2016	69
Iarratais nár leanadh leo	0
Iarratais a déileáladh leo lasmuigh de SF	0
Iarratais idir lámha an 31ú Nollaig 2016	00

An Cineál Faisnéise a iarradh

Pearsanta (don iarratasóir)	10
Neamhphearsanta	55

Achomhairc

Níor dhearnadh aon achomharc leis an gCoimisineir Faisnéise in 2016.

Foinse Iarratas

An Pobal i gCoitinne, Dlíodóirí & Eile	33
Iriseoirí	32

Táscairí Feidhmíochta

I gCuid 126c den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014, leagtar amach feidhmeanna an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta (NOAC) lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht comhlachtaí an rialtais áitiúil i gcoinne tríocha cúig táscaire.

D'fhoilsigh NOAC an tuarascáil i ndáil le 2015 i mí na Samhna 2016.

Tá feidhmíocht Chomhairle Chontae Laoise i ngach réimse in 2015 san áireamh sa tuarascáil seo i ngach ceann de na codanna ábhartha.

Nochtadh Cosanta a Thuairisciú

Níor bhfuair an tOifigeach Ainmnithe do Nochtadh Cosanta aon nochtadh i rith 2016.

Clár na dToghthóirí

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí a thiomsú do Chontae Laoise nuair a thagann sé i bhfeidhm an 15ú Feabhra gach bliain. Le bheith incháilithe le cur ar Chlár na dToghthóirí, ní mór d'iarratasóirí a bheith ar a laghad 18 bliana d'aois an lá a thagann an Clár i bhfeidhm agus ní mór dóibh a bheith ina ngnáthchónaí i dToghcheantar an 1ú Meán Fómhair roimh don Chlár teacht i bhfeidhm.

Clár na dToghthóirí 2017/2018

Dáilcheantar	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí Dála
Laois	56,344	57,131

Toghcheantar Toghcheantar Pharlaimint na hEorpa	Toghthóirí na hEorpa	Toghthóirí na hEorpa a d'fhéadfadh a bheith ann
Lár Tíre-Iarthuaisceart	57,846	605

Toghlimistéir Áitiúla Postvótálaithe agus	Líon na dToghthóirí
Buiríos Mór Osraí - Móinteach Mílic	19,565
An Ghráig - Cúil an tSúdaire	19,420
Port Laoise	20,681
Iomlán:	59,666

Vótálaithe Speisialta agus Postvótálaithe	
Gardaí	0
Óglaigh na hÉireann	218
Taidhleoirí	3
Daoine faoi mhíchumas	15
Slí Beatha	1
Vótálaithe Speisialta	7

ACMHAINNÍ DAONNA

Staidrimh Earcaíochta

Fostaíodh líon iomlán de 489 duine i gComhairle Chontae Laoise amhail an 31ú Nollaig 2016.

Le linn 2016, reachtáil Comhairle Chontae Laoise 17 comórtas, agus baineadh amach na staidrimh seo a leanas i ndáil leis na comórtais sin:

Líon iomlán na hiarratais a fuarthas:		597
	Fireann	Baineann
Iarratasóirí	268	329
Iarratasóirí ar éirigh leo	82	73

Ceapacháin Bhuana/Arduithe Céime		2016
	Fireann	Baineann
Ceapacháin	21	24
Arduithe Céime	5	6

Tionscnaimh maidir le Cothromaíocht Oibre Is Saoil

Lean Comhairle Chontae Laoise léi ag cur tionscnaimh maidir le cothromaíocht oibre is saoil chun feidhme don fhoireann i rith 2016. Ag deireadh na bliana, bhí 5 fostaí ag baint tairbhe as an Scéim Sos Gairme, bhí 35 fostaí ag baint tairbhe as an scéim chomhroinnt post/oibre, bhain 41 fostaí leas as an Scéim Saoire do Thuismitheoirí agus bhain 18 fostaí leas as as Scéim maidir le Bliain Oibre Níos Gaire, ghlac 4 fostaí páirt sa Scéim Saoire Gan Phá.

Caidreamh Oibreachais

Lean Comhairle Chontae Laoise le caidreamh maith oibreachais a choinneáil i rith 2016, gan díospóidí móra ag teacht aníos. Leanann an Chomhairle ag oibriú i gcomhréir leis na Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí i gcomhairle leis na Ceardchumainn ábhartha.

Oiliúint & Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta d'oiliúint agus forbairt fhostaithe uile na Comhairle i gcomhthéacs spriocanna agus cuspóirí na Comhairle a bhaint amach agus chun scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. Tá Comhairle Chontae Laoise ag déanamh sáriarrachta feabhas leanúnach a bhaint amach ó thaobh seachadadh na seirbhísí de, trí fhorbairt phearsanta a fostaithe.

Tá an clár bliantúil oiliúna bunaithe go príomha ar na riachtanais aonair oiliúna a aithnítear trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid de phróiseas an Chórais Forbartha Bainistithe Feidhmíochta. Ionchorpraítear sa chlár freisin ceanglais maidir le Sláinte & Sábháilteacht, Cláir Náisiúnta Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC), Cláir Foghlama Oscailte Tríú Leibhéal agus Seimineáir/Ceardlanna éagsúla de réir mar a thagann siad aníos.

Ba ionann an caiteachas iomlán ar oiliúint agus €355,687 (caiteachas ar Sheirbhísí Dóiteáin san áireamh) Seachadaíodh clár an-chuimsitheach oiliúna le linn 2016. Seo a leanas sampla de na cláir oiliúna a chuirtear ar fáil:-

- Oiliúint maidir le Lotnaidicidí
- Pas Sábháilte
- Bainistiú Go Sábháilte sa Tógáil
- Láimhsiú Sábháilte
- Oiliúint sa Gharchabhair
- Oiliúint maidir le Túir do Rochtain Shoghluaiste
- Suíomhanna Cúnga - Riosca íseal
- Oiliúint CSCS maidir le Miontochaltóirí
- Oiliúint maidir le Lomairí léana
- Oibriú & Coinneáil Monarchana beaga Fuíolluisce
- Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí
- Oiliúint maidir le Bainistiú Dramhaíola
- Oiliúint maidir le Saoráil Faisnéise

Clár Foghlama Oscailte

Déanann Comhairle Chontae Laoise a seacht ndícheall, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, tacú le fostaithe ar mian leo Cúrsaí Foghlama Oscailte Tríú Leibhéal a dhéanamh a bheadh ábhartha agus a chuirfeadh le forbairt ghnó na Comhairle agus le ról agus freagrachtaí an fhostaithe agus iad a éascú. Seo a leanas sampla de na cláir Foghlama OScailte a éascaíodh i rith 2016:-

- An Foras Riaracháin - Teastas/Dioplóma sa Rialtas Áitiúil
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge - Máistreacht san Eolaíocht Anailíseach & Bainistiú Cáilíochta
- IPASS - Teastas i dTeicnící Párolla
- Ollscoil Uladh - Innealtóireacht Shibhialta
- Ollscoil Wales - Máistreacht i Staidéar Leabharlainne agus Faisnéise
- ACI - Teastas - Teicneoir Cuntasaíochta

Beartais Foirne

Ag teacht leis an deachleachtas i mBainistiú Acmhainní Daonna, d'fhorbair Comhairle Chontae Laoise tacar beartas foirne AD - tugadh isteach/rinneadh athbhreithniú ar na beartais seo a leanas le linn 2016:

- An Scéim Blianta Oibre Níos Gaire 2016
- An Beartas Taistil agus Maireachtála
- An Beartas agus an Nós Imeachta Gearán
- An Beartas agus an Nós Imeachta Smachta

Comhionannas agus Ag Tacú le hÉagsúlacht

Fostóir comhdheiseanna is ea Comhairle Chontae Laoise agus tá sí tiomanta do raon leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta a bhfuil sé d'aidhm acu rannchuidiú agus feidhmíocht aonair a aithint, cumas an duine aonair a fhorbairt agus chomhdheis a thabhairt do gach duine a bhua/a bua a úsáid agus an méid is féidir leis/léi a bhaint amach.

Tacaíonn Comhairle Chontae Laoise le daoine faoi mhíchumas a fhostú agus comhlíonann sí an sprioc arna leag amach ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Táscairí Feidhmíochta 2015 (Tagann na Táscairí Feidhmíochta sa doiciméad seo ó Thuarscáil Uimh. 11 de chuid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta a foilsíodh i mí na Samhna 2016 agus ina ndéantar tagairt do 2015, toisc gurb iad na sonraí is déanaí atá ar fáil).

Líon iomlán na cóibhéiseacha lánama, % saoire bhreoiteachta íoctha le deimhniú ó dhochtúir agus féindeimhnithe

Líon foirne an chóibhéisigh lánama	376.12
Céatadán laethanta oibre íoctha a cailleadh de dheasca asláthaireacht trí bhreoiteacht le deimhniú ó dhochtúir	2.76%
Céatadán laethanta oibre íoctha a cailleadh de dheasca asláithreacht trí bhreoiteacht féindeimhnithe	0.38%

3.5% is ea an sprioc náisiúnta i ndáil le hasláithreacht de dheasca saoire breoiteachta deimhnithe agus neamhdheimhnithe.

Pobal, Cúrsaí Sóisialta, Cultúr agus Oidhreacht An Coiste Beartais Straitéisigh

Stiúrthóir Seirbhisí: Dónal Brennan

Cathaoirleach: Brendan Phelan, C.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Padraig Fleming, C.C.C.	P. J Phelan (LRP Pobal/Deonach)
Tom Mulhall, C.C.C.	Bobby Delaney (LRP Comhshaol)
James Kelly, C.C.C.	Donald Scully (An Colún Feirmeoireachta)
	Elizabeth White (LRP Cuimsiú Sóisialta)

COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL LAOISE (CFPÁ)

Bunaíodh Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Laoise (CFPÁ) i mí Meán Fómhair 2014 chun críoch cur chuige straitéiseach, soiléir a fhorbairt, a chomhordú agus a fheabhsú i leith Forbairt Pobail Áitiúil.

Ionadaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach araon atá ar an gCoiste agus go príomha tá sé freagrach as forbairt pobail áitiúil sa chontae a chomhordú, a phleanáil agus maoirseacht a dhéanamh air.

Déanann an CFPÁ maoirseacht ar chur chun feidhme an méid a leanas:

- An Clár Gníomhaíochta Pobail don Chuimsiú Sóisialta (CGPCS)
- Cuspóirí pobail sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP) 2016-2021
- Cur chun feidhme Straitéis Forbartha Áitiúil Laoise arna feidhmiú faoi chuimsiú Chlár LEADER 2014-2020 i gcomhpháirtíocht leis an údarás áitiúil (an Páirtí Airgeadais) agus leis an cuideachta áitiúil forbartha (an Páirtí Cur Chun Feidhme).

Tagann comhaltas CFPÁ Laoise ó chomhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla araon, mar seo a leanas:

- Paddy Buggy, LRP Laoise (Cuimsiú Soisialta & Cathaoirleach
- John Mulholland, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae Laoise
- An Comhairleoir John King, Comhairle Chontae Laoise
- An Comhairleoir Jerry Lodge, Comhairle Chontae Laoise
- An Comhairleoir Pascal McEvoy, Comhairle Chontae Laoise
- Evelyn Reddin, Oifig Fiontair Áitiúil Laoise
- David Hackett, An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Joe Ruane, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Linda Tynan, Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
- Anne Goodwin, Cuideachta Comhpháirtíochta Laoise
- Joe Thompson, Earnáil na hÓige
- Kieran Finane, An Earnáil Ghnó
- Dave Fingleton, LRP Laoise (An Colún Comhshaoil)
- Michael Bergin, An Earnáil Feirmeoireachta
- Mary White, LRP Laoise (Cuimsiú Sóisialta)
- Robbie Quinn, LRP Laoise (Pobal/Deonach)
- P.J. Campbell, LRP Laoise (Pobal/Deonach)

Príomhoifigeach CFPÁ - Michael Rainey

PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA & POBAIL LAOISE 2016-2021

Leis an CFPÁ freisin, déantar maoirseacht ar ghnéithe pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021 (PÁEP). Cuireadh an Plean seo le chéile i gcomhaontú le roinnt geallsealbhóirí ón earnáil phoiblí, faoi cheannteidil na forbartha pobail agus na forbartha eacnamaíche araon. Ghlac Comhairle Chontae Laoise an Plean i mí an Mhárta 2016, agus leis an bPlean déanfar an creat straitéiseach a chomhaontú chun acmhainní i gcomhair forbartha eacnamaíche agus forbartha pobail a leithdháileadh, agus stiúrfar leis próisis phleanála eile thar tréimhse 5 bliana.

Chuir an CFPÁ i gcrích measúnú ar phlean cur chun feidhme 2016 do PÁEP Laoise. D'fhormheas an CFPÁ an tuairisc ar an measúnú agus tugtar ar aird go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta in 2016 i leith formhór na ngníomhaíochtaí.

LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ LAOISE

Is é an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) an creat don rannpháirtíocht phoiblí i gcontae Laoise. Is é an LRP an príomhnasc lena mbíonnn an tÚdarás Áitiúil i dteagmháil leis an earnáil phobail, dheonach, agus chomhshaoil gan dochar do na próisis chomhairliúcháin eile.

Bunaíodh LRP Laoise i mí an Mhárta 2015 agus tá an líonra ag fás i gcónaí le 328 grúpaí cláraithe.
Tá rúnaíocht ag an LRP ina bhfuil 12 chomhalta agus 29 post ionadaíoch. Déanann ionadaithe LRP ionadaíocht don LRP ar choistí an údaráis áitiuil agus ar choistí cinnteoireachta eile i gcontae Laoise. I mí Eanáir 2016, ceapadh Oibrí Acmhainní LRP tiomanta agus i mí Lúnasa 2016, urraíodh oifig nua do LRP Laoise ag Carrchlós Chearnóg Lyster, Ascaill JFL, Port Laoise.

Le linn 2016, bhí 2 Sheisiún Iomlánacha Contae, a raibh Ceardlann Cistithe & Acmhainní do Ghrúpaí Pobail ar siúl ag ceann amháin acu. D'éirigh go han-mhaith leis agus bhí 25 grúpaí ann ag taispeánt agus d'fhreastal thart ar 250 duine air. I mí Mheán Fómhair 2016, reachtáladh Seisiúin Iomlánacha na gCeantar Bardasach i ngach ceann de na 3 Cheantar Bardasacha. Is é is cuspóir do Sheisiúin Iomlánacha na gCeantar Bardasach ná dul i gcomhairle leis na pobail maidir le Dréachtphlean Forbartha an Chontae. Arís eile, d'fhreastal go leor daoine ar Sheisiúin Iomlánacha na gCeantar Bardasach.

Le linn 2016, reachtáil LRP Laoise seisiún oiliúna freisin d'Ionadaithe agus do chomhaltaí Rúnaíochta LRP.

Is iad na chéad céimeanna eile i bhforbairt an LRP ná líonrú agus foghlaim roinnte do ghrúpaí, a iarraidh ar ghrúpaí clárú leis an nGrúpa Leasanna Speisialta, agus sásra aiseolais a fhorbairt le haghaidh an tsreabh eolais idir na comhlachtaí cinnteoireachta agus na pobail áitiúla.

DÁMHACHTAINÍ POBAIL & DEONACHA 2016

Rinneadh laochanna na bpobal áitiúil ar fud an chontae a chéiliúradh i mí na Bealtaine 2016 ag an 7ú Dámhachtainí Bliantúla Pobail & Deonacha 2016, a raibh Comhairle Chontae Laoise ina óstach orthu, i gcomhar le LRP Laoise. Is é is aidhm do na Dámhachtainí an méid a chuireann grúpaí pobail agus grúpaí deonacha leis an saol i gContae Laoise, agus cuireadh fáilte is fiche roimh 50 ainmnithe trasna 6 chatagóir, agus bhí 15 duine aonair ainmnithe as ucht an méid suntasach a chuir siad lena bpobal áitiúil, na laochanna gan chlú gan cháil. Aithníodh gur rinneadh gach aimní difear suntasach ina bpobal áitiúil agus lasmuigh, trí a gcuid ama a thabhairt agus trí dhianobair a dhéanamh chun clubanna rathúla, ócáidí rathúla agus tiomsú airgid a bhaint amach ina bpobal. Rinneadh comhghairdeas le gach grúpa agus le gach duine oíche na nDámhachtainí agus bronnadh teastas orthu lena aithnítear an méid a chuireann siad leis an bpobal agus le cúrsaí deonacha i gcontae Laoise.

Ba iad seo a leanas buaiteoirí 2016 agus na grúpaí a bhí sa dara háit:

Ealaíon, Cultúr & Oidhreacht
Buaiteoir: Coiste Mhórshiúil Lá Fhéile Pádraig Phort Laoise
An Dara hÁit: Banna Píoba Chill Uiseann

Pobal Sláintiúil & Gníomhach
Buaiteoir: Cumann Lúthchleasa Naomh Abban
An Dara hÁit: Cumann Lúthchleas Gael O'Dempsey's Lárionad Pobail Chill Uiseann

Leanaí & Daoine Óga
Buaiteoir: 1ú Gasóga Mhóinteach Mílic Laoise
An Dara hÁit: Club Foróige Ráth an Uisce

Comhshaol
Buaiteoir: Coiste na mBailte Slachtmhara Chill an Áird
An Dara hÁit: Coiste Pháirc Conláiste/Páirc Súgartha Mhaighean Rátha
Bailte Slachtmhara Chluain na Slí

Cuimsiú Sóisialta
Buaiteoir: Portlaoise Action to Homelessness (PATH)
An Dara hÁit: Cúram Pobail Mhóinteach Mílic

As na 15 duine a ainmníodh, ba í Maura Gorman ó Mhóinteach Mílic a bronnadh an duais Laoch Gan Chlú Gan Cháil 2016 uirthi oíche na nDámhachtainí. Rinne an Cathaoirleach, An Comhairleoir Catherine Fitzgerald comhghairdeas leis na daoine uile a ainmníodh agus leis na buaiteoirí, in éineacht leis an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan, T.D., agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Laoise, John Mulholland, a mhol an obair dheonach a dhéantar i gcontae Laoise agus ghabh sé buíochas le gach duine as ucht an obair dhian a dhéanann siad agus an tiomantas a léiríonn siad dá gceantair áitiúla agus don mhuintir.

AN CISTE DO THIONSCADAIL PHOBAIL & DHEONACHA 2016

Leis an gCiste do Thionscadail Phobail & Dheonacha cuirtear cúnamh airgeadais ar fáil do ghrúpaí/eagraíochtaí ar fud an chontae trí iarratais arna mol ag comhalta tofa Chomhairle Chontae Laoise. Próiseáladh 50 iarratas faoin gCiste seo in 2016.

CLÁR AOISBHÁÚIL LAOISE

Tá Clár Aoisbháúil Laoise mar chuid de chlár náisiúnta chun seachadadh seirbhísí ar sheandaoine a fheabhsú agus chun a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú faoi roinnt ceannteideal.

Lean Comhaontas Aoisbháúil Laoise, ar coiste idirghníomhairecht é a bhfuil sé d'aidhm aige an Clár Aoisbháúil a sheachadadh i gcontae Laoise, ag teacht le chéile in 2016 agus ghlac sé Straitéis Aoisbháúil Chontae Laoise 2016-2021 i mí an Mheithimh 2016 tar éis a bheith i ndlúthchomhairle le seandaoine ar fud an chontae. Leagtar amach leis an Straitéis roinnt cuspóirí a bhfuil sé d'aidhm acu contae Laoise a dhéanamh níos fearr mar áit chónaithe do sheandaoine faoi cheannteidil amhail spásanna faoin spéir, iompar, sláinte, rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta agus meas/cuimsiú sóisialta.

In 2016, bunaíodh Fóram do Sheandaoine i Laoise, a dhéanann ionadaíocht do sheandaoine ar fud an chontae agus a dhéanann faireachán ar sheachadadh na Stratéise Aoisbháúil ag an ngníomhaireacht agus a áirithíonn go ndéanfar athruithe iomchuí léi. Thosaigh Comhairle Chontae Laoise gníomhaíochtaí sa straitéis in 2016 i gcomhpháirtíocht leis an bhFóram do Sheandaoine lena n-áirítear páirceáil Aoisbháúil a phíolótú, Scéim Aoisbháúil Aitheantais Ghnó agus Eolaire Seirbhísí do Sheandaoine.

TACAÍOCHTAÍ & RANNPHÁIRTÍOCHT DO DHAOINE ÓGA

Comhairle na nÓg Laoise

Déanann Comhairle na nÓg Laoise a seacht ndícheall ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine óga i gcontae Laoise agus tá sé d'aidhm aici go gcloisfidh cinnteoirí fásta na tíre guth na n-óg, i ndáiríre, rud lena ligtear don ghlúin atá le teacht cabhrú le hÉirinn a dhéanamh níos fearr mar áit chónaithe, oibre agus chun cuairt a thabhairt uirthi.

Arna gcomhordú ag Obair d'Ógra Éireann Laoise, agus i gcomhar le Comhairle Chontae Laoise, tháinig 25 comhalta óga Chomhairle na nÓg Laoise le chéile os cionn 40 uair in 2016 agus sheol siad toradh a dtionscadal 2016 i mí Dheireadh Fómhair 2016, eadhon "Atlas Gníomhaíochta Laoise" agus suirbhé lena mbaineann ar dhaoine óga dar teideal "Laois, trí shúile duine óig". Tá faisnéis sa leabhrán seo ar áiseanna do dhaoine óga i gcontae Laoise agus trí ghrúpaí na n-óg agus scoileanna scaipeadh an leabhrán ar a mhéid daoine óga agus ab fhéidir. Rinne 15 toscaire ionadaíocht do Chomhairle na nÓg Laoise in 2016 nuair a d'fhreastal siad ar Shárthaispeántas Chomhairle Náisiúnta na nÓg, agus bhí ionadaí Laoise ar Choiste Feidhmiúcháin Chomhairle Náisiúnta na nÓg.

Tá sé mar aidhm ag Comhairle na nÓg Laoise dul i gcomhairle leis na cinnteoirí fásta a dhéanann beartais agus pleananna don tír, agus in 2016, chuathas i gcomhairle le Comhairle na nÓg Laoise i ndáil le Dréachtphlean Forbartha an Chontae 2017-2023 agus Straitéis Ríochta Poiblí Phort Laoise a beartaíodh. Rinne comhaltaí na Comhairle cur i láthair os comhair na gcomhaltaí tofa, rinne siad ionadaíocht do dhaoine óga ag roinnt comhairliúchán/cruinnithe agus chas siad le teachtaí an Oireachtais chun saincheisteanna a thabhairt aníos i ndáil le cistiú seirbhísí do dhaoine óga i gcontae Laoise.

Tá an Chomhairle freagrach as aiseolas a chur ar fáil do dhaoine óga ar fud an chontae agus déantar an méid seo ar bhealaí éagsúla, lena n-áiríear trí na naisc atá aici le naoi meánscoil agus Youthreach, le grúpaí na n-óg agus ag an gcruinniú cinn bliana, a reachtáladh an 19 Deireadh Fómhair 2016. D'fhreastal os cionn 90 duine óg ó ar fud chontae Laoise ar an gcruinniú cinn bliana, agus thug siad sianordú don Chomhairle scrudú a dhéanamh ar an ábhar "oideachas"; beidh an sainordú sin mar bhunús d'obair na Comhairle in 2017.

Comhpháirtíocht Oideachais

Leis an gclár Comhpháirtíocht Gnó Scoileanna "Scileanna ar an Obair", dírítear ar dhaltaí sa chúigiú bliain i meánscoileanna ar leith ar fud na tíre agus tá sé d'aidhm aige a spreagadh an scoil a chríochnú mar aon leis a thábhachtaí atá sé go meastar gur rogha maith é an oideachas tríú leibhéil do gach dalta, tríd an scoil a chur i gcomhpháirtíocht le gnó/fostóir. Sa scoilbhliain 2016/2017, cuireadh 25 dalta ó Choláiste Phort Laoise in aithne do roinnt ball foirne sa Chomhairle a raibh cúlra éagsúil oibre agus oideachais acu, agus leanfar leis an gclár seo i rith 2017 chun ceangal le Comhairle Chontae Laoise agus cuairteanna ar láithreáin á ndéanamh agus ó thaobh CV a ullmhú agus agallaimh bhréagacha a dhéanamh. Éascaítear an clár seo leis an gComhpháirtíocht Náisiúnta Gnó Scoileanna agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

TACAÍOCHTAÍ DO DHAOINE ÓGA

Tugadh tacaíocht leanúnach do dhaoine óg i gcontae Laoise in 2016. Déantar ionadaíocht don Chomhairle ar Chuibhreannas Chaifé na nÓg Ráth Domhnaigh agus ar Thionscadail Atreoraithe na nÓg de chuid an Gharda Síochána i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire araon. Tá Caifé na nÓg Ráth Domhnaigh ar oscailt anois agus le cabhrú ó Obair d'Ógra Éireann Laoise, seachadaítear cláir do dhaoine óga áitiúla ann.

CUIMSIÚ SÓISIALTA

Bhí Comhairle Chontae Laoise i gcomhpháirtíocht le geallsealbhóirí i ndáil leis na tionscadail seo a leanas in 2016:

- Sraith Sacair Sráide Phort Laoise
- Clár Cóitseála Pobail
- Clár Míchumais Cuimsithe Sóisialta Chomhphairtíocht Spóirt Laoise
- Caifé na nÓg Ráth Domhnaigh
- Seachtain Bróid na dTaistealaithe Laoise/Seantán na bhFear Taistealaithe/Clár Sláinte na mBan Taistealaithe
- Tacaíochtaí comhtháthaithe do phobail nua, e.g. cónaitheoirí in An tIonad Soláthar Díreach in Ioma

Rinne ball foirne ón roinn Forbartha Pobail ionadaíocht don Chomhairle ar na Boird/Coistí seo a leanas in 2016:

- Tionscadail Atreoraithe na nÓg BLOCK agus PORT de chuid an Gharda Síochána
- Cuibhreannas Chaifé na nÓg Ráth Domhnaigh
- Grúpa Comhoibríoch Laoise maidir le Meabhairshláinte 2016
- Líonra Áitiúil Drugaí Laoise
- Tionscnamh Lár Tíre Idirghabháil Choinbhleachta na dTaistealaithe
- Ionad Eolais do Shaoránaigh Phort Laoise
- Tascghrúpa Laoise do Leanaí & Daoine Óga
- Grúpa Stiúrtha Daoine Fásta Chomhairle na nÓg Laoise

SCÉIM PHOBAIL D'ALÁRAIM DHÓITEÁIN

Ceannaíodh 300 aláram deataigh faoin scéim náisiúnta in 2016 agus scaipeadh iad le saineolas agus le cúnamh ó Sheirbhísí Dóiteáin & Tarrthála Chontae Laoise.

LAOIS connects
PROMOTING HEALTH & WELLBEING

LAOISE I dTEAGMHÁIL

Bhí Seachtain Feasachta don Mheabhairshláinte Laois I dTEAGMHÁIL 2016 ar siúl idir an 8ú agus an 15ú Deireadh Fómhair agus d'éirigh go han-mhaith leis arís. Cuireann na hócáidí seo, faoi stiúr Chomhairle Chontae Laoise i gcomhpháirtíocht le roinnt gníomhaireachtaí, béim shuntasach ar fheasacht maidir le meabhairshláinte agus saincheisteanna a bhaineann leis i measc lucht mór féachana agus éisteachta. Bhí teachtaireacht na bliana seo bunaithe ar dhaoine a bheith i dteagmháil lena chéile agus ag lorg cúnaimh/tacaíochta. Cuireadh béim ar an tacaíocht atá ann trí na hócáidí a bhí ar siúl, lena n-áirítear roinnt siúlóidí agus ócáidí bunaithe ar ghníomhaíocht fhisiciúil, ócáidí óráidíochta poiblí agus eachtraí sa mhol folláine "aonuaire" in Ionad Siopadóireachta Laoise, a raibh FSS ina óstach air, áit a raibh ócáidí cruthaitheacha agus aireachais ar siúl. Rinneadh an tseachtain seo a óstáil i gcomhar le roinnt gníomhaireachtaí a bhí ag obair le chéile - Comhpháirtíocht Spóirt Laoise, Comhpháirtíocht Laoise, Seirbhísí MS FSS, Oifig Acmhainní Cosc ar Fhéinmharú FSS, Mental Health Ireland agus eagraíochtaí eile a chuir ócáidí ar siúl i rith na seachtaine, lena n-áirítear GROW, Chillout Ireland, Pobailscoil Mhóinteach Mílic, Teach Glosna, chun cuid díobh a lua. D'éirigh go thar cionn leis an tseachtain agus tá pleananna ar bun chun an ócáid a chur ar siúl arís in 2017.

Táscairí Feidhmíochta 2015

Rannphairtíocht Pobail agus na nÓg

Céatadán na scoileanna áitiúla a ghlac páirt i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	100%
Líon na nEagraíochtaí ar Chlár an Chontae an 31/12/2015	297
% na nEagraíochtaí ar Chlár an Chontae a roghnaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste Cuimsithe Sóisialta leis an LRP	12.79

TURASÓIREACHT

Le linn 2016, lean an Chomhairle léi ag cur an Chontae chun cinn agus d'oibrigh sí go gníomhach le Bord Turasóireachta Laoise, le Fáilte Ireland, agus leis an bpobal chun Laois a chur chun cinn ar bhealach gníomhach mar cheann scríbe d'Fhéilte agus d'Ócáidí agus chun próifíl an chontae mar cheann scríbe a dtabharfadh cuairteoirí cuairt air gach bliain a chruthú.

Scéim Deontais Pobail don Diaspóra 2016

Leithdháileadh méid iomlán de €32,300 ar 15 coiste eagraíochtúla féile agus ócáide éagsúla faoin tionscnamh seo in 2016. Ba chomhthionscnamh é seo idir Fáilte Ireland, Árachas IBP agus Údaráis Áitiúla ar fud na tíre. Ar na hócáidí a tacaíodh leo, áiríodh Féile Fear Bréig Uile-Éireann Dharú, Railí Gaile Náisiúnta, Cúrsa Carr Clasaiceach Gordon Bennett, Féile Siúlóidí Laoise, 'Ramble in Éireann' Rothaíocht Oidhreachta 'High Nelly'.

Thug an Chomhairle tacaíocht freisin do raon féilte níos lú amhail Féile na Sléibhe Ros Fhionnghlaise, Mórshiúlta Lá Fhéile Pádraig Laoise, Féile Cheoil Traidisiúnta Ghráig an Eiscire, Féile Samhraidh Mhóinteach Mílic agus Féile Bhaile an Bhiocáire 'Beat the Barge'.

Dúshlan Idirnáisiúnta Gailf Laoise:

Bhí an 12ú Dushlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise ar siúl ó Dé Luain, an 16ú Bealtaine go dtí Déardaoin, an 19ú Bealtaine. Tá an Dúshlán Gailf ag fás i gcónaí agus tháinig rannpháirtithe na bliana seo ón mBreatain Beag, ó Shasana agus ó Thuaisceart Éireann, agus leo siúd agus le comhaltaí ó chlubanna áitiúla agus ó na contaetha timpeallaithe, d'éirigh go thar cionn leis an ócáid. Bronnadh 35 duais ar an iomlán ar dhaoine aonair agus ar fhoirne ag an searmanas dámhachtainí a bhí ar siúl Déardaoin, an 19ú Bealtaine. Ba iad Martin Controy (C.G. Phort Omna) agus Paddy Molloy (C.G. Chill Rois) buaiteoirí na hócáidí.

Féile Garraí Laoise:

Bhí Féile Garraí Laoise ar siúl Dé Domhnaigh, an 12ú Meitheamh i bhForas Pobail na Spince. Bhí go leor saineolaithe garraí mór le rá ann a thug cainteanna ar gharraíodóireacht, lena n-áirítear Dermot O'Neill. Bhí garraíodóirí agus plandlanna áitiúla i láthair agus taispeántais éagsúla leo in éineacht leis na táirgeoirí áitiúla bia. D'fhreastal go leor daoine ar an ócáid seo agus tá pleananna á ndréachtú cheana féin chun an ócáid a chur ar siúl arís in 2017.

Cúrsa Carr Clasaiceach Gordon Bennett na hÉireann

Bhí fáiltiú an Chathaoirligh ar siúl Dé hAoine, an 3ú Meitheamh i Seomra na Comhairle chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí a bhí ag glacadh páirt i gCúrsa Carr Clasaiceach Gordon Bennett 2016. Bhí na cairr chlasaiceacha i mórshiúl seanré a bhí ar siúl Dé Sathairn an 4ú Meitheamh mar chuid d'Fhéile Samhraidh Mhóinteach Mílic. Bhí clár lán d'ócáidí ar siúl thar an deireadh seachtaine saoire bainc i mí an Mheithimh agus ghlac na cuairteoirí páirt in an-chuid de na nithe cáiliúla is díol spéise do thurasóirí atá sa chontae.

Féile an tSeandún:

Bhí féile nua sráide corraitheach ar siúl i bPort Laoise Dé Sathairn, an 25ú & Dé Domhnaigh, an 26ú Meitheamh ar an tSráid Mhór. Is é stair shuimiúil Dhún Phort Laoise, nach bhfuil go mór i mbéal an phobail, atá mar inspioráid do theideal agus téama Fhéile Cheathrú an tSeandún. Bhí clár lán d'ócáidí ar siúl ó mheánlae go

meánoíche gach lá lena n-áirítear Amharclannaíocht Sráide, Siúlóirí ar Chosa Croise, Lámhchleasaithe, Drámaí Puipéad, Cluichí Móra agus Ceardlanna Ealaíon don Mhuintir. Bhí raon Taispeántas Oidhreacht na Meánaoise ar siúl Dé Domhnaigh, lenar tugadh sampla don saol mar a bhí i nDún Phort Laoise le taispeántais ó Ghabha, ó Armlann agus breise ón ngrúpa athléirithe Irish Arms. Bhí go leor grúpaí mór le rá ag seinnt ceoil bheo ar an tSráid Mhór.

AN ROINN EALAÍON

Scoil Cheoil Laoise

Tháinig ardú ar rolla Scoil Cheoil Laoise go dtí 320 dalta i mí Mheán Fómhair 2016 agus tá feabhas mór ar an áitreabh anois tar éis córas nua téimh a chur isteach. Bhí bliain iontach gnóthach ag an gCeolfhoireann agus tugadh cuireadh di comhoibriú le Music Generation Laois chun 'In My Back Garden' a chumadh agus a sheinm, a chum Elaine Agnew mar chuid de Shraith Saothair Nua de chuid MGL. Bhí go leor ceardlann i gceist leis sin agus bhí an léiriú ar siúl an 22ú Bealtaine. Chuir an Ensemble Sinsearach isteach ar Fhéile Wesley agus sheinn siad i mí an Mhárta. Tugadh cuireadh don Cheolfhoireann seinm ag Margadh na Nollag i Mainistir Laoise i mí na Nollag agus i Lárionad Kyle i bPort Laoise. Bhí an 3ú Féile Bhliantúil Cheoil ar siúl i mí an Mhárta agus bhí os cionn 100 rannpháirtí ann. I gcomhpháirtíocht le SCL, MGL & Comhlachas Cheolfhoirne na nÓg, tugadh isteach an t-olldord mar uirlis cheoil atá chomh tábhachtach céanna, agus thosaigh an chéad dalta olldoird ceachtanna i mí Dheireadh Fómhair.

Music Generation Laois

Agus an 4ú bliain bainte amach aige, tá Music Generation Laois ag fás agus ag forbairt i gcónaí. I mí na Bealtaine 2016, tugadh cuireadh do triúr ceoltóirí óga seinm i Nua Eabhrach, mar chuid de dhinnéar tiomsaithe airgid do Chistí na hÉireann. Sa bhreis air sin i mí na Bealtaine 2016, chríochnaigh Sraith Saothair Nua de chuid Music Generation Laois le trí shraith nua ceoil a coimisiúnaíodh. I mí Dheireadh Fómhair, rinne deichniúr ceoltóirí óga ionadaíocht do chontae Laoise i bhFéile Creative Connexions sa Spáinn. Bhí an chéad Tionól: Clársaigh agus Píobaí ar siúl i bPort Laoise i mí na Samhna agus mheall sé ceoltóirí ó gach cuid den tír. I mí na Samhna freisin, ghlac níos mó ná 300 amhránaí páirt sa cheolchoirm deiridh de thionscadal John Spillane 'Irish Songs We Learned at School', mar chuid de chéiliúradh chéad bliain 2016 i gcontae Laoise.

Amharclannaíocht na nÓg Laoise

Tá trí ghrúpa amharclannaíochta ag Amharclannaíocht na nÓg Laoise i bPort Laoise agus i gcúil an tSúdaire, a mbíonn ceardlanna seachtainiúla ar siúl acu, i gcomhair suas le 80 leanaí/daoine óga, faoi stiúr teagascóirí cáilithe dráma. Drámaí i mí na Bealtaine: chuir na daoine óga 15-18 bliana d'aois WORD PLAY i láthair, agus chuir na daoine óga 12-14 bliana d'aois 'Don't Shoot the Messenger' le John Morton i láthair.

Ionad Ealaíon Dhún Másc

Tugann Comhairle Chontae Laoise tacaíocht leanúnach d'Ionad Ealaíon Dhún Másc mar gur ceann de phríomhionad na n-ealaíon i gcontae Laoise is ea é.

An tIonad Sainealaíne, An Sráidbhaile

In 2016, bhí ocht taispeántas aonair ar siúl i nGailearaí an Ionaid Sainealaíne, mar aon le clár cónaitheachta ealaíontóirí, ceardlanna, turais agus cainteanna. Ar na hócáidí arbh bhuaicphointí iad, áirítear seoladh an leabhráin agus an scannáin 'En Plein Air' i mí na Bealtaine, agus 'House Portraits' a éascú lenar bhain Ealaíontóir Mary Burke úsáid as an scéim céatadán don ealaín.

An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Cuireadh an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna ar bun i naoi scoil in 2016. Leis an Scéim sin, tá daltaí in ann taithí domhain a bheith acu le healaíontóir gairmiúil agus tugtar an deis dóibh a bheith ag plé le meáin dhifriúla ealaíon.

Féile Bealtaine - do Sheandaoine

Chuir Oifig na nEalaíon clár iomlán d'ócáidí ar siúl do sheandaoine i lonnaíochtaí pobail agus cúraim le linn mhí na Bealtaine.

Tionscadail Chomhoibríocha Lár Tíre

Foilsíodh dhá irisleabhar faoi Ealaíona agus Cultúr Lár Tíre in 2016 agus scaipeadh ar fud na tíre agus ar fud réigiún an láir tíre iad.

Clár Ealaíon an tSamhraidh

Bhí ealaíona agus ceardaíocht, ceardlanna potaireachta agus ealaín na ngreannán ar siúl thar 3 lá i mí Iúil agus mí Lúnasa ar fud an chontae agus ionchorpraíodh iontu tionscadail chuimsithe sóisialta i Móinteach Mílic agus i Maighean Rátha.

Oíche Chultúir Náisiúnta

D'éirigh go thar cionn le hOíche Chultúir a bhí ar siúl Dé hAoine an 16ú Meán Fómhair agus bhí ócáidí saor in aisce ar siúl timpeall chontae Laoise. Ar na buaicphointí áirítear ceolchoirm le 'New Road' agus Aonach Ceirde ag an Malthouse, sa tSráidbhaile, Léiriú Damhsa Sáthaispeántais le Ensemble Damhsa na nÓg Laoise ag an Plaza, in Áras an Chontae, ceardlanna Bodhráin do thosaitheoirí agus ceardlann 'En Plein Air' le Jock Nichol ag Fearainn Chúirt Ioma.

Scoil James Fintan Lalor

Bhí an ceathrú Scoil James Fintan Lalor ar siúl ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus deireadh seachtaine de dhíospóireachtaí agus de phlé polaitiúil a thóg inspioráid ó shaothair scríofa James Fintan Lalor a bhí ann.

Féile Litríochta na nDuilleog

Bhí Féile Litríochta bhliantúil na nDuilleog ar siúl i mí na Samhna le clár lán lenar áiríodh Oíche Litríochta agus Ceoil i dTeach na Coille Cruinne, Ceardlann Filíochta/Seoladh Leabhair agus Léamh Maidhc Oscailte agus cuireadh Oíche d'Fhinscéalta Coireachta ar siúl in Ionad Ealaíon Dhún Másc.

Ar gníomhaíochtaí eile áiríodh an méid a leanas:

- Dámhachtainí Deontas Acht na nEalaíon
- Sparántacht Ionad Tyrone Guthrie
- Taispeántais
- Tionscadail Chéatadán don Ealaín - Clár Cónaitheachta Ealaíontóirí
- Tacú le Féilte agus ócáidí ealaíon an phobail

AN ROINN SPÓIRT & FÓILLÍOCHTA

Lean an Roinn Spóirt agus Fóillíochta ag seachadadh sraith rathúil ócáidí agus gníomhaíochtaí i rith 2016. Ar na buaicphointí, áirítear:

Áiseanna Fóillíochta agus Súgartha

Bhain Ionaid Fhóillíochta i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire amach Bratach Bhán na hÉireann - Dámhachtainí Bonn Óir 2016/17. Rinne Comhairle Chontae Laoise, le cabhrú ó Dheontas Caipitil Spóirt de €102,000, uirlisí aclaíochta a uasghrádú sa dá Ionad Fóillíochta.

Faoi láthair déanann Comhairle Chontae Laoise bainistíocht ar fiche Áis Súgartha Pobail rud lena cheanglaítear go leor clár bliantúil coinneála agus deisithe chun ardchaighdeán seirbhíse a choinneáil.

I rith an tSamhraidh in 2016, cuireadh Páirc Scátála isteach in Ionad Fóillíochta Phort Laoise, agus tá an-chuid daoine ag baint úsáide aisti. Bhí an Roinn Spóirt & Fóillíochta i gceannas ar áiseanna breise a chur ar fáil i bPáirc an Phobail i bPort Laoise, ar páirc í a bronnadh Bratach Uaine uirthi ag Ócáid oifigiúil Ardaithe Brataí Uaine ag an bpáirc an 26ú Deireadh Fómhair 2016.

Seachtain na Rothar 2016

In 2016, d'éirigh le Comhairle Chontae Laoise cistiú a dhaingniú ón Roinn Iompar, Turasóireachta & Spóirt chun sraith ócáidí a chomhordú le cabhair ó ghrúpaí pobail ar fud an chontae.

Clár náisiúnta is ea Seachtain na Rothar lena spreagtar do na mílte daoine ar fud na hÉireann triail a bhaint as an rothaíocht, cibé don spraoi, mar bhealach chun dul chuig na siopaí áitiúla, chun dul ar scoil, nó chun cuairt a thabhairt ar na cairde.

Rinne an Roinn Spóirt agus Fóillíochta 23 ócáid Sheachtain na Rothar a chomhordú a reachtáladh ón 11ú-19ú Meitheamh 2016 agus a d'fhreastal 784 rannpháirtí orthu ar fud chontae Laoise.

Ghlac dhá scoil déag ó chontae Laoise páirt in Ócáidí Sheachtain na Rothar agus d'éirigh go maith leo.

Eagraíodh 11 ócáid pobail difriúla do Sheachtain na Rothar lena n-áirítear Cumann na nÁitritheoirí Lána na hÁithe Mhaighean Rátha, Grúpa Forbartha na mBan Mhainistir Laoise, Cumann na nÁitritheoirí an Ghleanna, i gCúil an tSúdaire, Céaslóirí an Droichid Adhmaid, Club Rothaíochta Osraí, NLN agus Ionad Forbartha na nÓg Mhóinteach Mílic.

Ghlac foireann Chomhairle Chontae Laoise páirt iomlán i Seachtain na Rothar agus d'eagraigh siad cúrsaí rothaíochta ag am lóin don fhoireann, mar aon le Ceardlann 'Deireadh le Guagadh' a d'fhreastal thart ar 20 páiste a raibh deacrachtaí acu an rothaíocht a fhoghlaim.

Clár Gníomhaíochtaí do Pháistí

Bróisiúr an tSamhraidh 2016

D'fhoilsigh an oifig Spóirt agus Fóillíochta a treoir bhliantúil ar ghníomhaíochtaí do mhuintireacha sa samhradh. Scaipeadh 10,000 cóip ar fud scoileanna agus leabharlanna an Chontae.

Rith 2016

Féile náisiúnta is ea Rith agus is ceann de phríomhócáidí Sheachtain na Gaeilge é freisin. Cúrsa 700km ab ea é a reachtáladh mar shraith cúrsaí reatha ó bhaile go baile.

D'éascaigh an Roinn Spóirt & Fóillíochta trí scoil áitiúla a bheith páirteach agus 5km den chúrsa trí Phort Laoise a rith, in eineacht leis an gCathaoirleach Catherin Fitzgerald.

Leadóg i bPáirceanna 2016

D'eagraigh Comhairle Chontae Laoise clár éagsúil an tsamhraidh agus sheachadaigh sí é ar fud an chontae in 2016. Cuireadh Leadóg i bPáirceanna ar siúl i Ráth Domhnaigh, Móinteach Mílic, Port Laoise agus Cúil an tSúdaire agus ghlac 160 páiste páirt sa chlár seo.

Lá Súgartha Náisiúnta 2016

Chuir Comhairle Chontae Laoise clár ócáidí 'saor in aisce' ar fáil i bPáirc an Phobail sa chéad tseachtain i mí Iúil 2016, le 'Do Ghairdín Sí féin a Chruthú', tógáil caisleán gainimh agus treordóireacht. Bhí súgradh le Playdough, Déanamh Seodra, Ealaíona & Ceardaíocht agus Cúrsaí Rothaíochta Rothar Tandaim i bPáirc Súgartha Ráth Domhnaigh chun Lá Súgartha Náisiúnta a chéiliúradh i mí Iúil 2016. Bhí páistí agus tuismitheoirí an-sásta leis na hócáidí sin.

An tSeachtain Áineasa Náisiúnta 2016

Tionscnamh comhpháirteach idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) agus Údaráis Áitiúla is ea an tSeachtain Áineasa Náisiúnta 2016. Leis an tSeachtain Áineasa Náisiúnta dírítear ar dhaoine óga idir 12 go 18 bliana d'aois. Ba é príomhchuspóir na hócáide in 2016 béim a chur ar a thábhachtaí atá áineas do dhaoine óga agus iad a spreagadh chun triail a bhaint as gníomhaíocht faoin spéir.

Chuir RLGÓ cistiú ar fáil chun clár seachtaine a chur ar siúl, agus ar na heachtraí a rinneadh i rith na seachtaine áiríodh Fánaíocht Eachtraíochta 12k, Déanamh agus Rás Cadhc, Portatan 6k, turas lae chuig Rainse

Gníomhaíochta faoin spéir áit ar bhain gach duine taitneamh as Scaoileadh Raidhfilí, Marcaíocht ar Chapall, Caith Crú Capaill agus Coraíocht Cos. Ghlac 30 duine páirt sna heachtraí sin a raibh an-rathúil.

Cluichí ar an bhFaiche

Lean Comhairle Chontae Laoise leis an gcomhpháirtíocht rathúil atá aici le FAI, le Rugbaí Laighin agus le CLG Laoise chun fostaíocht oifigeach forbartha a chistiú i bpáirt chun spóirt a sheachadadh sa chlár pobail.

Leis an gclár Cluichí ar an bhFaiche thug oifigigh forbartha seisiúin traenála do pháistí in eastáit ar fud an chontae. Tá an clár seo oscailte do bhuachaillí agus cailíní araon idir 6 agus 13 bliana d'aois ar feadh 12 seachtaine, ar bhonn seachtainiúil. Ba iad na lonnaíochtaí a cumhdaíodh sa chlár 2016 ná Eastát an tSráidbhaile i mBaile Uí Laigheanáin, Lána na hÁithe & An Mhóin Bhán i Maighean Rátha, Páirc Uí Chiardubháin i Móinteach Mílic, Eastát Imligh, The Swan agus Páirc Uí Choigligh i Ráth Domhnaigh. Ar an iomlán, ghlac 292 páiste páirt sa chlár agus i mí an Mheithimh 2016 bhí an Cluiche Ceannais ar siúl ag Ionad Fóillíochta Phort Laoise, a chuir deireadh leis an gclár, agus bhí Cathaoirleach Chomhairle Chontae Laoise, Tom Mulhall, i láthair.

Clár Leanaí Sacair

Le Leanaí Sacair tugtar an deis do chailíní agus buachaillí 3 go 6 bliana d'aois páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht eagraithe spóirt. Bíonn an clár ar siúl thar 8 seachtaine agus dhá uair le linn na bliana i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire. Oibríonn an clár ar scileanna bunúsacha sacair amhail pas a thabhairt, druibleáil, lámhach agus scileanna an chúil báire. Níl gné iomaíoch ag baint leis an ngníomhaíocht seo agus bíonn liathróid ag gach páiste i rith an traenála sa chaoi is go mbeadh go leor ama acu leis an liathróid, rud a bhfuil fianaise ann ina leith go gcabhraíonn sé le himreoirí forbairt. Tá clubanna tar éis tosú anois ar sheisiúin acadaimh cosúil leis sin a thabhairt isteach do pháiste 4 bliana d'aois agus níos sine ionas gur féidir le páiste ceangal a bheith acu le club ag aois níos óige.

Sacar do Chách

Clár sacair is ea clár FAI Sacar do Chách a bhíonn ar siúl do dhaoine aonair a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá go leor deiseanna ann do dhaoine aonair ón mbunscoil go dtí an duine fásta. I gcontae Laoise, oibríonn oifigeach forbartha FAI le roinnt grúpaí éagsúla lena n-áirítear an Líonra Foghlama Náisiúnta, Scoil Speisialta agus Cúram Athshlánaithe Naomh Proinsias, Teach Darach, Cúram Sláinte Nua agus siondróm Down Laoise. Cuirtear na gníomhaíochtaí sacair ar siúl chun go mbainfidh na rannpháirtithe taitneamh astu agus chun go bhfoghlaimeoidh siad scileanna nua. Ba é Portlaoise AFC an chéad chlub i gcontae Laoise a bhunaigh Club Sacair do Chách ar fhoireann é do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Chinn Portlaoise AFC é a oscailt do pháistí ar speictream an uathachais.

Sraith Sráide Phort Laoise

Eagraíodh sraith Sráide Phort Laoise 2016 ar bhonn blitzchomórtas aon lae de dheasca gnéithe éagsúla, Euro 2016 san áireamh. Do mhic léinn, do dhaoine atá dífhostaithe ar bhonn fadtéarma, do dhaoine aonair ar andúiligh i mbun téarnaimh agus do ghrúpaí mionlach eitneach atá an tsraith sráide. Bronnadh duaiseanna ar an bhfoireann a bhuaigh agus ar an bhfoireann a bhí sa dara háit lá na nduaiseanna agus

déanfaidh siad ionadaíocht anois do chontae Laoise i gcluichí ceannais Sraith Sráide Uile Éireann i dTamhlacht i mí Aibreáin 2017. Rinne trí fhoireann ó Phort Laoise ionadaíocht do chontae Laoise ag an tSraith Sráide Uile Éireann in 2016, agus chaill Blue Angels an cluiche ceannais le bearna fíor-íseal. Ba mhór an toradh é sin toisc go raibh os cionn 200 imreoir ag glacadh páirt sa chomórtas.

Sraith na hOíche Mhóinteach Mílic

Bíonn an tsraith ar siúl oíche Dé hAoine idir 9-11i.n. Bhí sraith na hóiche Laoise ar siúl i Móinteach Mílic ar feadh 6 seachtaine idir 9-10i.n. do bhuachaillí agus cailíní idir 15-18 bliana d'aois. Ghlac 38 buachaill páirt sa tsraith thar na 6 seachtaine, b'iontach maith a bhí sé. Bronnadh duaiseanna ar an mbeirt a d'aimsigh na pointí is mó agus bronnadh duaiseanna breise ar thriúr eile a ghlac páirt gach oíche den sé.

LEABHARLANNA

Tá ról ríthábhachtach ag an tseirbhís Leabharlann go fóill do na pobail ar fad i gcontae Laoise agus is seirbhís éifeachtúil túslíne fós í do na baill ar fad a chuireann rochtain ar leabhair, ar na meáin, ar sheirbhísí ar líne agus ar an idirlíon/wifi ar fáil. Oibríonn na leabharlanna le go leor grúpaí ina bpobail agus tairgíonn siad ócáidí éagsúla agus cláir éagsúla taispeántas. In 2016, cuireadh níos mó ná 1,000 ócáid ar siúl ar fud an chontae a d'fhreastal 17,400 duine orthu. Ar na buaicphointí, áiríodh cuirteanna ó údair, grúpaí cniotála, ciorcail chomhrá agus clubanna leabhair, agus is ionaid iad na dánlanna i Móinteach Mílic agus i Mainistir Laoise a bhfuil tóir orthu chun taispeántais ealaíon, chultúrtha agus oideachais a reachtáil. Tá níos mó ná leabhair i leabharlanna poiblí chontae Laoise, tá raon leathan seirbhísí ar fáil i ngach brainse. Áirítear orthu siúd seirbhísí idirlín leathanbhanda ar rátaí an-réasúnacha, priontáil, áiseanna fótachóipeála agus scanta, WIFI saor in aisce do na baill, closleabhair, DVDanna, acmhainní ar líne, nuachtáin agus irisleabhair laethúla, ócáidí saor in aisce agus clubanna. Tá timpeallacht shaibhir, chultúrtha agus oideachais ar fáil i leabharlanna an lae inniu, agus tá spás agus rochtain ar fáil iontu do na daoine sin ar mian leo cur lena saol laethúil.

Leabharlann Nua Chúil an tSúdaire

D'athoscail Leabharlann Chúil an tSúdaire, a raibh athchóirithe go hiomlán, don phobal i mí Feabhra 2016. Is ionann an leabharlann agus ionad 450 méadar cearnach chun freastal do dhaonra Chúil an tSúdaire agus an cheantair mhórthimpeall, ar daonra é atá ag fás. Áis úrscothach ealaíon atá ann don phobal ar fad is ea í, ina bhfuil os cionn 16,000 píosa stoc agus meán, áiseanna uasghrádaithe agus méadaithe TF Priontála agus scanta agus WIFI saor in aisce. Tá an leabharlann ar oscailt ag uaireanta lánaimseartha, lena n-áirítear Dé Sathairn agus tá córais fhéinseiceála inti lenar féidir custaiméirí a n-ítimí a sheiceáil isteach agus amach iad féin. Cuireadh isteach an córas 'ríomh an pobal' i mí na Bealtaine, agus chuaigh níos mó ná 20,000 duine den phobal isteach san fhoirgneamh, agus taifeadadh gur úsáideadh na ríomhairí 3,566 uair ar an gcóras áirithinte RP.

Leabharlann Nua Phort Laoise - Láithreán Shaws ar an tSráid Mhór

Fuair an Chomhairle foirgneamh Shaws ar an tSráid Mhór Íochtarach i bPort Laoise chun Leabharlann Phoiblí nua agus roinn Staidéar Áitiúil a chur ar fáil. Tá an foirgneamh lonnaithe go straitéiseach i lár Phort Laoise. Urraíodh cistiú caipitil chun an láithreán a fhorbairt, agus ceapadh MCOH Associates mar Ailtirí don tionscadal i mí Dheireadh Fómhair. Bhog an tionscadal ar aghaidh go dtí an chéim pleanála sonraithe agus deartha. Nuair a bheidh sí críochnaithe, feabhsófar rochtain ar sheirbhísí do gach duine sa phobal leis an leabharlann.

Ócáidí agus Gníomhaíochtaí

Reachtáladh réimse leathan ócáidí agus gníomhaíochtaí i leabharlanna brainse ar fud an chontae in 2016. Bhain leanaí agus tuismitheoirí taitneamh as an oireadh ócáid agus gníomhaíocht a d'eagraigh foireann na leabharlann. Bhí clár 2016 an-ghnóthach agus an-chorraitheach le cuairteanna ó údair, comórtais ealaíon, seoltaí agus taispeántais ealaíon, léirithe ceoil, clubanna leabhair, ranganna ríomhaire agus scéalaíocht.

Ba iad buaicphointí na bliana Bealtaine, Seachtain na Gaeilge, Seachtain na hOidhreachta, Oíche Chultúir agus Féile Leabhar na bPáistí.

Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh

D'eagraigh an tSeirbhís Leabharlann dúshlán léitheoireachta don samhradh, agus in 2016 glacadh páirt i gClár náisiúnta Léitheoireachta an tSamhraidh 'Réaltaí an tSamhraidh', a thacaigh Aonad Forbartha Leabharlann na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil leis. Ba í an Chomhairle a chistigh an tionscnamh seo, arbh ionann an costas iomlán agus €4,500. Is do pháistí bunscoile atá an ócáid chun forbairt litearthachta a chur chun cinn agus chun páistí nach maith leo a bheith ag léamh a spreagadh chun triail a bhaint as. Tá sé ag fás i gcónaí agus i mbliain fuair níos mó ná 1,600 páiste bonn tar éis dóibh an dúshlán a chríochnú. D'fhill an t-údar Patricia Forde, a sheol an dúshlán léitheoireachta, chun na boinn a bhronnadh in éineacht leis an gCathaoirleach, An Comhairleoir Tom Mulhall, ag sraith ócáidí in Óstán Heritage i bPort Laoise.

Clár Chomóradh Céad Bliain 1916

Ba bhliain thábhachtach é 2016 sa tseirbhís leabharlann mar gur rinneadh Éirí Amach na Cásca 1916 a chomóradh. Ba dheis é do na leabharlanna brainse stair agus litríocht na tréimhse a chur chun cinn trí ócáidí a eagrú/a óstáil bunaithe ar an ábhar. Áiríodh ar an méid sin:

- Sraith léachtaí le stairithe mór le rá lena n-áirítear Maurice O'Keeffe, Michael Wrafter agus Jim Fleming
- Taispeántas taistil ina dtugtar sonraí faoin scéal náisiúnta agus faoi scéal chontae Laoise ag an aimsir sin
- Taispeántas Chonradh na Gaeilge
- Bailiúchán de Stair ón mBéal a fháil
- Córanearraigh (Maureen Culleton & Grúpa Lucht Scoir Gníomhach Laoise ag casadh amhrán ó 1916)

Le deontas ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil de €6,000 bhíothas in ann stoc faoin abhar seo a fhorbairt tuilleadh.

Leabharlann Mhaighean Rátha

D'éirigh go han-mhaith le clár samhraidh Leabharlann Mhaighean Rátha Áiríodh air seo am scéalta agus taispeántas le téama na feirme, tóraíocht taisce bunaithe ar shíscéalta, seisiún dathúcháin BFG, seisiún ceirde colláis le pictiúir agus cipíní líreacáin. Bhí gach spás sna seisiúin cheirde ar fad curtha in áirithint.

Chríochnaigh os cionn 80 páiste an dushlán Léitheoireachta. Cuireadh ceardlann athfhionnachtana ar siúl do pháistí i mí an Mheithimh. Ba é buaicphointe Fhéile Leabhar na bPáistí an chuairt ón údar Dave Rudden chun an leabhar nua s'aige 'Knights of the Borrowed Dark' a phlé. D'fhreastal naocha dalta agus múinteoir ó thrí scoil áitiúil ar an ócáid. Aimsir Oíche Shamhna agus aimsir na Nollag ba iad seo a leanas na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl do na páistí: Am Scéalta Táibhsiúla, Ceirdeanna Crainn an Fhómhair, Ceird Ochtapais agus dhá sheisiún ceirde na Nollag i gcomhair aoiseanna difriúla. Bhí fíoréileamh ar cheirdeanna an tséasúir. I rith na bliana, tháinig ranganna ar chuairt ó S.N. Scoil Bhríde, ó Scoil Naomh Fiontan, S.N. Bhaile an Chaisleáin agus Daltaí ATF ó Phobalscoil Mhaighean Rátha. Bhí roinn taispeántas leabhar ag an Leabharlann amhail: Star Wars, Roald Dahl, Scéalta Marthanais agus leabhair le téama Oíche Shamhna agus na Nollag.

Do dhaoine fásta, reachtáladh na hócáidí seo a leanas i rith na bliana: Bealtaine - caint ar Chothú do dhaoine fásta; Seachtain na hOidhreachta - Ginealas do Thosaitheoirí le cartlannaí Sinéad Holland; An Gnáthshaol i gContae Laoise in 1916 le Tom Cox, údar áitiúil, agus d'fhreastal an-chuid daoine ar gach ócáid. Tagann sé ghrúpa daoine fásta le chéile go rialta sa leabharlann: tagann an Grúpa Cniotála le chéile gach maidin Dé hAoine ó 10.30-1i.n.; tagann grúpa Scríbhneoirí Fásta le chéile uair sa mhí (an 1ú Céadaoin) ar 11a.m.; tagann an Club Leabhair do Dhaoine Fásta le chéile (an 1ú Déardaoin de gach mí) ar 6.15i.n.; tagann an Grúpa Staire Áitiúla le chéile (an 2ú Déardaoin de gach mí) ar 6.15i.n.' tagann an Ciorcal Comhrá (an Grúpa Comhrá as Gaeilge) le chéile (an 3ú Déárdaoin de gach mí) ar 6.15i.n. agus tagann an grúpa Dathúchán do Dhaoine Fásta (aireachas) le chéile (an 2ú & an 4ú Céadaoin de gach mí) ar 11a.m.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Bíonn ranganna fichille fós ar siúl do pháistí gach seachtain i Leabharlann Mhainistir Laoise agus ranganna Ealaíon gach mí. Lonnaíocht iontach sa chontae i gcomhair taispeántas ealaíona i gcónaí is ea an tIonad Sainealaíne i Mainistir Laoise, leis an éadanas suntasach bóthair atá aici. Tá an club Cniotála do dhaoine fásta ag fás i gcónaí. In 2016, bunaíodh Club Lego do Pháistí, a bhfuil an-mhór leis na páistí. Bhí an samhradh an-ghníomhach sa leabharlann toisc gur chláraigh an oiread sin páistí do 'Dhúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh' gur scriosadh taifid. Bhí an leabharlann ina óstach do 'Chlub Mario Makers' i rith mhíosa an tsamhraidh a raibh an-tóir air i measc pháistí an chontae. Arís eile, b'aimsir ghnóthach í Seachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa le cuairt ó Eddie Lenihan, a raibh daoine óga is aosta an-tógtha lena seanscéalta, agus ó Gordon D'arcy, a chuaigh a ranganna línithe fiadhúlra go mór i bhfeidhm ar dhaoine. Bhain an leabharlann éacht mhór amach i mí Dheireadh Fómhair d'Fhéile Leabhar na bPáistí le cuairt ó Dave Rudden, a scríobh 'Knight of the Borrowed Dark', ar leabhar é a roghnaíodh do Léamh i mBaile Átha Cliath Unesco.

Lár an phobail is ea Leabharlann Mhainistir Laoise, de bharr na gníomhaíochta sin ar fad, agus mar gheall ar na cuairteanna rialta ó ranganna ó scoileanna áitiúla agus ó daltaí meánscoile a úsáideann na háiseanna atá sa leabharlann chun staidéar a dhéanamh do scrúduithe.

Leabharlann Phort Laoise

Mol tábhachtach i bpobal atá ag fás is ea Leabharlann Phort Laoise i gcónaí. Sa bhreis ar iasachtaí leabhar agus meán, spás don staidéar agus áiseanna gnóthacha TF, cuirtear ar fáil inti freisin sceideal iomlán clubanna agus ócáidí saor in aisce. Bhí an-tóir ar na clubanna breise Club na Scannán Clasaiceacha agus ar an dara club leabhar 'The Novel Bunch'. Bhí roinnt ócáidí san áireamh sa chomóradh céad bliain 1916 lenar áiríodh '1916 i gContae Laoise' agus dhá thaispeántas. Reachtáladh roinnt ócáidí i gcomhpháirtíocht leis an nGrúpa Cuimsithe Sóisialta nua chun béim a chur ar éagsúlacht Phort Laoise ar bhealach dearfach. Bhí an-chuid de shaothar Roald Dahl in ócáidí léitheora do pháistí ar an gclár samhraidh mar aitheantas dá bhreithlá 100 bliain in 2016. Mar fhocal scoir, chuir Leabharlann Phort Laoise fáilte roimh go leor údar lena n-áirítear Linda Allen, Jane Evans, Anna McPartlin, Erika McGann, Dave Rudden agus Brian Leyden.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

In 2016, ar an iomlan bhí 203 ócáid ar siúl i Leabharlann Móinteach Mílic, a d'fhreastal 3,423 duine orthu. Ba ócáidí leanúnacha iad cuid acu - Clubanna Leabhair, Grúpa Dathúcháin do Dhaoine Fásta, Grúpa Króiseála Crafty Angels, Comhrá as Spáinnis, Ceirdeanna Tapa do Leanaí, seoltaí Dánlanna, Am Scéalta. Ba ceardlanna/cainteanna iad ócáidí eile - Meabhairshláinte, Ginealas, Iontaobhas Madraí, Ealaín do dhaoine fásta/pháistí, Comóradh Cead Bliain 1916, Carthanas Concern, Cuilteáil, Stair na hÉireann Beo agus cuairteanna ó údair eile, srl. Bhí an leabharlann ina óstach ar chuairteanna ranga ó scoileanna freisin. Chríochnaigh an bhliain i Leabharlann Mhóinteach Mílic le cuairt ó Dhaidí na Nollag nuair a bhí an deis ag 36 páiste (agus a muintir) casadh air, agus ina dhiaidh sin rinne siad roinnt cártaí Nollag le chéile.

Leabharlann Chúil an tSúdaire

Bhí an bhliain 2016 an-ghnóthach i Leabharlann Chúil an tSúdaire. D'athoscail an leabharlann i mí Feabhra agus bhí raon leathan gníomhaíochtaí ar siúl le linn na bliana. D'éirigh go thar cionn leis na heachtraí rialta amhail an club cniotála do dhaoine fásta agus am scéalta na bpáistí a thagann le chéile uair sa tseachtain sa leabharlann, an Club Leabhar Clasaiceach na Litríochta agus Club Leabhar na nÓg a thagann le chéile uair sa mhí.

Thug daltaí ón trí bhunscoil sa bhaile agus daltaí ó Choláiste Íosagáin cuairteanna ranga ar an leabharlann go rialta le linn na bliana i gcomhair malartuithe leabhar agus chun freastal ar ócáidí speisialta dírithe ar rang.

Mar chuid den Chomóradh Céad Bliain 1916, bhí an leabharlann ina óstach ar chur i láthair ó Maurice O'Keeffe maidir le Stair ó Bhéal faoin Éirí Amach, léiriú den scanán 'A Terrible Beauty', agus cainteanna faoi théama 1916 le bean léinn Elaine Sisson agus fear léinn Daire Keogh, mar aon le heachtra speisialta Stair na hÉireann Beo 1916 a chuir Michael Moylan i láthair.

San Earrach, bhí dhá shraith de ranganna TF sé seachtaine ar siúl do thosaitheoirí sa leabharlann i gcomhlar le Comhpháirtíocht Laoise. Ar ndóigh, is gné mhór d'aon leabharlann iad ócáidí liteartha, agus in 2016 tháinig Dave Rudden, ar údar scéalta do pháistí é a bhfuil duaiseanna buaite aige, mar chuid d'Fhéile Leabhar na bPáistí. Tháinig Bea Jane Evans, ar údar scéalta do pháistí ón RA í, ar chuairt chuig an leabharlann, mar a rinne údair áitiúla David Butler, a sheol an t-úrscéal grafach s'aige "Shakelton: Voyage of the James card" i mí an Mheithimh, agus James Egan, ar údar é a bhfuil go leor leabhar foilsithe aige féin agus a thug cur i láthair faoi phróiseas an féin-fhoilsithe. Tháinig Eirka McGann ar chuairt chuig an leabharlann

freisin mar chuid d'Fhéile Leabhar na bPáistí i mí Dheireadh Fómhair.

Bhí an leibhéal rannpháirtíochta i nDúshlán bliantúil Léitheoireachta an tSamhraidh an-ard i mbliana agus bhí an-suim sa Chlub Fichille Samhraidh do pháistí. Bhí an-tóir ar cheardlanna ealaíon le Caroline Keane agus ar cheardlanna origami le Mineko Saito freisin, mar a bhí ar cheardlann ón Iontaobhas Madraí maidir le cúram madraí.

Bhí an-suim sa Cheardlann Ginealais a rinne an cartlannaí, Sinéad Holland, i rith Sheachtain na hOidhreachta ag deireadh mhí Lúnasa, agus i gCaint Mhaisithe ar Chrainn Dhúchais na hÉireann le Kevin Hutchinson, agus rinne Gordon D'Arcy rang línithe fiadhúlra do bhaill níos óige na leabharlainne.

I mí Mheán Fómhair, rinne Leabharlann Chúil an tSúdaire céad bliain ó rugadh údar cáiliúil scéalta do pháistí, Roald Dahl, a chomóradh le lá spraoi de ghníomhaíochtaí bunaithe ar Dahl an 13ú Meán Fómhair.

D'éirigh chomh maith sin leis an gClub Fichille Samhraidh do Pháistí, gur thug an teagascóir fichille Lukasz Goralski bunchúrsa fichille ceithre seachtaine do dhaoine fásta sa leabharlann san fhómhair.

Rinneadh Seachtain na hEolaíochta a chéiliúradh sa leabharlann i mí na Samhna le ceardlann speisialta 'Let's Go Fly a Kite' agus coinneofar deireadh na bliana i gcuimhne a bhuíochas le Raven Haven Aviaries a thug cuairt ar an leabharlann chun an raon leathan créatúir andúchasacha a thaispeáint, rud a thaitin leis na daoine óga is aosta araon.

Lárionad Díreach AE i Leabharlann Mhóinteach Mílic

Lean leabharlann Mhóinteach Mílic ar aghaidh mar cheann de 8 Lárionad Faisnéise Dírí AE (EDIC) sa tír. Feidhmíonn an Lárionad faisnéise, atá lonnaithe sa limistéar poiblí sa leabharlann, mar ionad ilfhreastail do dhaoine atá ag lorg faisnéise faoi AE, amhail beartais, faisnéis nó cearta saoránach. Cuireann an lárionad ócáidí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le AE ar siúl. In 2016, chuir an lárionad níos mó na 30 ócáidí agus cainteanna le téama AE ar siúl chun an lárionad agus AE a chur chun cinn.

STAIR ÁITIÚIL/STAIDÉIR ÁITIÚLA

Úsáidtear go rialta an chuid Staidéar Áitiúil agus Cartlanna i leabharlann an chontae, go hidirnáisiúnta trí cheisteanna i ríomhphoist agus ag staraithe áitiúla agus baill den phobal. Le blianta beaga anuas d'fheabhsaigh foireann na Leabharlainne láithreán gréasáin na staire áitiúla, www.askaboutireland.ie, agus chuir siad ábhar breise leis. Áirítear air bailiúchán mór de chártaí poist chontae Laoise, e.g. seansráid-dreacha agus sainchomharthaí mór le ra. Tá scéal breise ann faoi nósanna áitiúla agus béaloideas áitiúil. Is é seo a leanas an nasc ó Leathanach Gréasáin na Leabharlainne: www.laois.ie/Departments/Libraries/Services/Local Research/Local History Online. Rinne roinnt leabhar mór le rá faoin Stair Áitiúil a dhigitiú agus tá siad ar fáil anois ar líne. Is iad sin 'Statistical Survey of the Queens County' le Coote, 'The History of the Queens County' le O'Byrne agus 'The Manor of Glenmore'. Tá nuachtáin chartlainne ar fáil i bhfoirm dhigiteach anois i leabharlanna brainse.

WIFI

Tá WIFI ar fáil saor i Leabharlanna Phort Laoise, Mhóinteach Mílic, Mhaighean Rátha, Mhainistir Laoise, Chúil an tSúdaire agus Ráth Domhnaigh.

CISTE NA LEABHAR

Ba ionann Ciste na Leabhar i gcomhair 2016 agus €75,000.

Forbairt Seirbhíse

Ag teacht leis an straitéis náisiúnta do leabharlanna 'Deiseanna do Chách', cuireadh roinnt tionscnamh chun cinn in 2016, go háirithe an Córas Bainistithe Leabharlanna a roinntear ar fud na tíre. Tosaíodh an t-ascnamh sonraí i gcontae laoise agus bainfear amach an trasach go hiomlán i mí an Mhárta 2017. Leis an gclár nua roinnte seo, feabhsaíodh raon seirbhísí do bhaill agus rinneadh pribhléidí, fíneálacha agus muirir leabharlainne a chaighdeánú ar fud na tíre agus fuarthas réidh le táillí ballraíochta ag an am céanna.

Chlac an tseirbhís leabharlann páirt freisin sa tionscadal náisiúnta fála rud lenar cuireadh baill leabharlann ar fud na tíre ar an eolas faoi ríomhleabhair, ríomh-irisleabhair, ríomh-chlosleabhair agus cláir ríomhfhoghlama. Ó acmhainní leabharlann a bhfuarthas cistiú don tseirbhís nua ríomhleabhar seo chun go mbeidh custaiméirí chontae Laoise in ann úsáid a bhaint as an áis seo gan íoc.

Táscairí Feidhmíochta 2015

Cuairteanna ar Leabharlanna

Líon na gcuairteanna ar leabharlanna in aghaidh an duine (bunaithe ar dhaonáireamh 2016)	2.78
Líon na n-ítimí a eisíodh d'iasachtaithe i rith na bliana	208,255
Costas per Capita (bunaithe ar Dhaonáireamh 2016)	22.23

OIDHREACHT

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise chun feasacht agus tuiscint a chur chun cinn i ndáil le hoidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha chontae Laoise. Déantar é sin le cúnamh ón gComhairle Oidhreachta, trí na tionscadail a chuirtear síos orthu sa Phlean Oidhreachta do Chontae Laoise a sheachadadh.

An Plean Oidhreachta do Chontae Laoise 2014-2019

Tacaíonn Comhairle Chontae Laoise agus An Comhairle Oidhreachta leis an bPlean Oidhreachta do Chontae Laoise. Tá 50 gníomh ann a chuirfear chun feidhme sna blianta atá le teacht, faoi chúig príomhréimse cuspóra:

- An tuiscint ar oidhreacht chontae Laoise a mhéadú
- Oidhreacht chontae Laoise a thaifeadadh
- Caomhnú gníomhach oidhreacht chontae Laoise a chosaint agus a chur chun cinn
- Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna agus i dtionscadail oidhreachta a chur chun cinn
- Rochtain ar oidhreacht agus an taitneamh a bhaintear aisti a chur chun cinn

Tionscadail ón bPlean Oidhreachta 2014-2019 a seachadaíodh in 2016

Baineann an fhaisnéis a leanas le tionscadail ón bPlean Oidhreachta do Chontae Laoise a tugadh futhú le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, ó Chomhpháirtíocht Laoise agus ó ghrúpaí eile in 2016.

1. An tuiscint ar oidhreacht chontae Laoise a mhéadú

Le linn 2016, d'oibrigh an tOifigeach Oidhreachta le go leor daoine aonair agus grúpaí pobail chun tionscadail oidhreachta a phleanáil agus chun comhairle a thabhairt maidir le cúnamh deontais agus tacaíocht do thionscadal a fháil. D'fhonn scaipeadh níos forleithne faisnéise oidhreachta a áirithiú, rinneadh na tuairiscí agus na foilseacháin ar fad a tairgeadh le linn na bliana a thaisceadh sa chuid Staidéar Áitiúil i Leabharlann Chontae Laoise agus tá siad ar fáil le híoslódáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae Laoise.

Laois 2016

Rinneadh céad bliain Éirí Amach na Cásca 1916 a chomóradh i gContae Laoise in 2016, agus cuireadh 72 ócáid ar an iomlán ar siúl ar fud an chontae. Coiste Comórtha Laoise a stiúr an clár comórtha le tacaíocht ó oifig náisiúnta tionscadail Éire 2016. Fuarthas cistiú ó Chomhairle Chontae Laoise, ón Roinn Ealaíon, Oidreachta agus Gnóthaí Tuaithe, Réigiúnacha agus Gaeltachta, ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Aitiúil agus ó Irish Public Bodies Mutual Insurance. Íocadh deontais phobail iomlán de €65,100 chun tacú le hócáidí áitiúla.

Ar buaicphointí an chláir chomórtha, áiríodh dhá leabhar faoi stair na haimsire, agus leabhar filíochta agus próis a fuair inspioráid ón aimsir sin a fhoilsiú; gairdíní comórtha a oscailt ag Halla an Chontae, i Mainistir Laoise, in Ioma, i gCill an Áird, i Móinteach Mílic, i Maighean Rátha agus sa Ráithín, agus cur isteach cóipeanna den Fhorógra mar aon le hardú na brataí i gCúil an tSúdaire, i Ráth Domhnaigh agus i Mainistir Laoise; cruthú agus léiriú cheithre píosa ceoil thraidisiúnta lánfhada; dráma na n-óg; ceardlanna amhráin na Gaeilge, suiteáil ealaíne ceirmigh, scannáin, cainteanna, díospóireachtaí agus taispeántais a bhí ar siúl ar feadh bliana iomláine agus a chumdaigh gach gné den oidhreacht, de na healaíona agus den léiriú cruthaitheach.

Ócáidí Feasachta ar Oidhreacht

Sa bhreis ar an gclár comórtha, ar na hócáidí a reachtáladh le linn 2016 chun feasacht ar shaincheisteanna oidhreachta a ardú, áiríodh an méid a leanas:

- Eagraíodh clár seachtaine le níos mó ná 50 ócáidí don mhuintir, siúlóidí le treoraí, cainteanna, taispeántais sleamhnán agus laethanta spraoi do Sheachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa;
- Chuidigh an Oifig Oidhreachta le Tionscadal Oidhreachta do Scoileanna de chuid Cumann Oidhreachta Chontae Laoise a fhorbairt, ar comórtas é do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, arna eagrú i gcomhlar le hIonad Oideachais Laoise;
- Bhí Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna an-rathúil le raon ócáidí agus cainteanna poiblí. Reachtáladh ceardlanna do scoileanna i Mainistir Laoise, i mBuiríos Mór Osraí agus i dTogh Mochua, agus d'fhreastal scoileanna ó Chúil an tSúdaire ar cheardlann lae i Leabharlann Chúil an tSúdaire. Thacaigh Discover Science and Engineering agus an Chomhairle Oidhreachta agus leis na hócáidí.

2. Oidhreacht chontae Laoise a thaifeadadh

Sonraí ar ghnéithe oidhreacht an chontae a bhailiú agus a scaipeadh is ea an chéad chéim riachtanach chun oidhreacht chontae Laoise a chaomhnú agus béim a chur uirthi. In 2016, rinneadh tionscadal bailithe sonraí amháin:

Iniúchadh ar Oidhreacht Geolaíoch
Rinneadh suirbhé ar láithreáin gheolaíocha sa chontae le tacú ón gComhairle Oidhreachta agus ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Moltar sa suirbhé 33 láithreáin a bhfuil tábhacht gheolaíoch ag baint leo a chur san áireamh mar 'Láithreáin Gheolaíocha an Chontae' i bPlean nua Forbartha an Chontae. Foilsíodh tuairisc ar an suirbhé ina bhfuil sonraí ar fad na láithreán agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae Laoise.

3. Caomhnú gníomhach oidhreacht chontae Laoise a chosaint agus a chur chun cinn

Cloigtheach Thigh Mochua
Foilseofar an Plean Caomhnaithe do Láithreán Mainistreach Thigh Mochua go luath in 2017 agus cuirfear chun feidhme é sna blianta atá le teacht.

Caisleán Lé
Le tacú ó Oifig Oidhreachta Laoise agus on gComhairle Oidhreachta, leanadh le taighde gheoifisiceach a dhéanamh ar láithreán na lonnaíochta meánaoise, agus reachtáladh oícheanta faisnéise poiblí faoin struchtúr tábhachtach seo.

Dún Phort Laoise
Choimisiúnaigh Comhlachas Oidhreachta Laoise Céim II de phlean bainistithe caomhnaithe don láithreán seo in 2016, le cistiú ó Chomhairle Chontae Laoise agus ón gComhairle Oidhreachta. Beartaítear go gcríochnófar an plean agus go gcuirfear chun feidhme é sna blianta atá le teacht, faoi réir cistithe a bheith ar fáil.

4. Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna agus i dtionscadail oidhreachta a chur chun cinn

Pobail a cheangal le Tionscadal Oidhreachta
Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal seo ná daoine áitiúla a cheangal lena n-oidhreachta áitiúil, trasna trí chuid:

- Bailte Slachtmhara agus Bithéagsúlacht. Reachtáladh seisiúin oiliúna agus líonraithe idir grúpaí Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise agus Bhaile an Chaisleáin agus Cumann Beachairí Dhún Másc, agus mar thoradh orthu sin bhí plandáil do phailneoirí i ngach pobal. Tugadh tacaíocht don Duais Pailneoirí nua a seoladh in 2016 mar chuid den Chomórtas Náisiúnta Bailte Slachtmhara.
- Laois a Mhapáil - Tosaíodh ag déanamh taighde i gcomhair leabhair nua faoi léarscáileanna stairiúla Laosie, a fhoilseofar in 2018.
- Comóradh
  - Oidhreacht na hEolaíochta: Nochtadh plaic i gcuimhne Thomas Prior (duine de bhunaitheoirí Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, agus duine dúchais Ráth Domhnaigh) ag Eaglais na hÉireann i Ráth Domhnaigh i mí Aibreáin 2016.
  - Biddy ó Achadh Bhó: Chuirfear plaic dhátheangach chun tobar Biddy ó Achadh Bhó a mharcáil ag an láthair ar Bhóthar Mhaighean Rátha i bPort Laoise

5. Rochtain ar oidhreacht agus an taitneamh a bhaintear aisti

Feidhmchlár Nua Oidhreacht Laoise agus Clostreoracha Nua Ilteangacha

Le cistiú ó Fáilte Ireland, cruthaíodh treoir d'oidhreacht Laoise i gcomhair feidhmchláir fóin chliste in 2016, ar a bhfuil clostreoracha do Bhealach Oidhreacht Laoise agus don bhealach Mainistreach Laoise ar fáil as Béarla, as Gaeilge, as Fraincís, as Gearmáinis, as Spáinnis, as Iodáilis agus as Mandairínis. Cruthaíodh trí scannán gearra, ilteangacha faoi scéalta an chontae freisin agus tá siad ar fáil do chuairteoirí ag na príomhláithreáin oidhreachta Tigh Mochua, Domhnach Mór agus Mainistir Laoise, agus ar an idirlíon freisin trí láithreán gréasáin Chomhairle Chontae Laoise agus ar Youtube.

An Coiste Beartais Straitéisigh um Seirbhísí Iompair, Comhshaoil agus Éigeandála

Stiúrthóir Seirbhisí: Kieran Kehoe
Donal Brennan

Cathaoirleach: Jerry Lodge, C.C.C.

Comhaltaí	Earnálach
Ben Brennan, C.C.C.	Michael Kielty, Comhdháil na gCeardchumann (Ceardchumann)
John King, C.C.C.	John Fitzpatrick, (Feirmeoireacht)
Noel Tuohy, C.C.C.	Chris Callaghan (Forbairt/Tógáil)
Seamus McDonald, C.C.C.	Kitty Creighton (Comhshaol/ Caomhnú)
	Ger Mulhall (Gnó/ Tráchtáil)

BÓITHRE

Innealtóir Sinsearach: Henry Ritchie, Bóithre & Comhshaol

Leithdháiltí Deontais do Bhóithre 2016

in 2016, d'urraigh an Roinne Bóithre €14.8 milliún de réir mar a leanas:-

- €8.2 millliún ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS)
- €2.1 milliún ó Bhonneagar Iompair Éireann (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta mar a bhí)
- €964,744.24 milliún i Ioncam & €1,753,351.76 i gcistiú caipitil ó acmhainní Chomhairle Chontae Laoise.

Scéimeanna Caipitil

Bóthar Faoisimh Thuaisceart Cheatharlach

Cuireadh deireadh rathúil le fáil talún ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus Faighteoirí Mhainéar Fruithill chun Bóthar Faoisimh Thuaisceart Cheatharlach a shíneadh idir Caisleán an Chomair agus Bóithre na nUimhreacha sa Ghráig in 2015. Fuarthas conradh an tsínidh 750m i mí Lúnasa 2015. Tosaíodh an tógáil i rith mhí Mheán Fómhair. I mí na Nollag comhaontaíódh síneadh leis an gconradh agus leis sin bhíothas in ann Bóthar na nUimhreacha a leathnú agus a uasghrádú 200m breise isteach i gCeatharlach. Críochnaíodh an scéim go ráthúil agus osclaíodh don trácht go hoifigiúil é an 29 Aibreán 2016.

Bealach Ciorclach Phort Laoise Theas

Bealach Ciorclach Phort Laoise Theas - Tar éis Cuid VIII Formheas Pleanála a dheonadh i mí Iúil 2016, tá dul chun cinn á bhaint amach maidir le hoibreacha mionsonraithe deartha agus suirbhéanna. Táthar ag leanúint leis an teagmháil le húinéirí maoine agus úinéirí talún cóngaraí dhéantar difear dóibh. Faoi réir chistiú ó RITS, d'fhéadfaí tús a chur leis an scéim le linn na chéad leithe de 2017.

N80 Cúil na nAbhall go dtí Athailíniú na nGarrán, An tArdlios

N80 Scéim Athailínithe na nGarrán - Tarraingíodh siad na hagóidí i gcoinne an iarratais phleanála a bhfuair An Bord Pleanála ó úinéirí talún agus leis sin ní raibh gá le hÉisteacht Béil a chuir An Bord Pleanála ar ceal. Tarchuireadh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh chuig Comhairle Chontae Laoise agus tháinig sé i bhfeidhm an 23ú Lúnasa 2016. D'fhormheas An Bord Pleanála an Scéim faoi Cuid 177AE den Acht Pleanála agus Forbartha 2000-2015, faoi réir coinníollacha. Seirbheáladh Fógra Gnóthaíochta ar úinéirí talún a ndéantar difear dóibh an 25ú Deireadh Fómhair 2016.

Cearnóg Lyster i bPort Laoise

Cearnóg Lyster i bPort Laoise - Tar éis di a bheith i dteagmháil le trádálaithe, tá Comhairle Chontae Laoise ag cur dearadh ar aghaidh maidir le scéim laghdaithe sa ghearrthéarma, a bheadh i gceist leis trasnú breise coisithe agus lána casta ar dheis don trácht atá ag iarraidh casadh ar dheis i dtreo na leabharlainne agus iad ag teacht ó Thimpeallán JFL. Táthar ag déanamh scrúdú ar Chearnóg Lyster a mhéadú tuilleadh trí Straitéis níos leithne Ríocht Phoiblí Phort Laoise. Is é is aidhm don scéim carachtar na Cearnóige a fheabhsú agus an timpeallacht a dhéanamh níos mealltaí do cheannaitheoirí, do choisithe agus d'úsáideoirí eile leochaileacha na mbóithre.

SCÉIMEANNA COINNEÁLA

Athchóiriú agus Feabhsú Bóithre agus Coinneáil Cosán

Bóithre Náisiúnta

D'fhormheas Bonneagar Iompair Éireann cistiú de €550,000 i gcomhair dhá scéim athdhromchlaithe. Chuir Comhairle Chontae Laoise agus Oifig Bóithre Náisiúnta Chill Dara oibreacha deartha agus tógáil feabhsaithe cosán ar aghaidh ag N77 An Tóin Dubh agus feabhsú cosán de 3km ag N80 An tSráidbhaile.

Fuarthas na scéimeanna athdhromchlaithe Tánaisteacha náisiúnta do 2016 chun friotaíocht sciorrtha cosán na mbóithre a fheabhsú go sonrach. Sainaithníodh naoi láithrean ar an mbóthar N80 agus an N77 le haghaidh fheabhsú dromchla trí scríobadh meicniúil. Rinneadh scrúdú ar 15 láithreán breise le haghaidh athdhromchlaithe. Ullmhaíodh líníochtaí scéime agus doiciméid chonartha. D'fhormheas an Roinn dhá scéim athdhromchlaithe ar bhóithre náisiúnta agus críochnaíódh iad anuraidh. Ceann amháin ar an mbóthar N80 ag an tSráidbhaile agus an ceann eile ar an mbóthar N77 ag an gCorrbhaile. Chuir Bonneagar Iompair Éireann cistiú ar fáil agus déanfar thart ar 3km den bhóthar a athdhromchlú ar an iomlán.

Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Rinne foireann an Limistéir Bhóithre, le tacaíocht ón bhfoireann Deartha Bóithre, neartú cosán agus cóiriú dromchla ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla faoin gclár bóithre. Neartaíodh 24.79km dár ngréasán agus rinneadh coiriú dromchla ar 24.84km de bhóithre. Ar an iomlán ba ionann é sin agus thart ar 2.3% den ghréasán iomlán bóithre sa tír.

Oibreacha Aimsire Troime

Ag deireadh mí Eanáir 2016, d'fhógair an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Ciste Aimsire Troime le leithdháileadh de €106 milliún go náisiúnta le haghaidh oibreacha deisithe mar fhreagra ar an damáiste a rinneadh de dheasca stoirme agus tuile i mí na Nollag 2015 agus i mí Eanáir 2016. Rinne Comhairle Chontae Laoise aighneacht leis an Roinn go luath i mí Feabhra, agus í ag lorg cistithe chun damáiste a dheisiú agus chun oibreacha coisctheacha a dhéanamh chun ateagmhais a chosc. Rinneadh aighneacht le breis sonraí ag deireadh mhí Aibreáin 2016. Leithdháil an Roinn €1.8 milliún ar an iomlán le costas na ndeisithe agus na n-oibreacha coisctheach sin ar fud na tíre, ar oibreacha agus deisithe iad a críochnaíodh faoi dheireadh 2016 den chuid is mó.

Mar an rinne i mblianta roimhe, rinne Comhairle Chontae Laoise oibreacha coinneála seachtaine ar gach bóthar poiblí sa chontae. Ar na hoibreacha sin áirítear oibreacha draenála, bearradh ciumhaise, deisithe ar chosáin, bacainní sábhála a chur suas nó cinn nua a chur in ionad bacainní damáiste, glantachán sráideanna agus bailiú bruascair.

Oibreacha Draenála na Bearú

Rinne foireann Dhraenáil Bearú na Comhairle oibreacha móra coinneála ar chraobh-aibhneacha na Bearú agus na Feoire i gCeantair Bhardasacha Buiríos Mór Osraí/Móinteach Mílic agus An Ghráig/Cúil an tSúdaire araon. Ar na hoibreacha sin áiríodh fásra dlúth, crainn tharchrochta/a thit agus oileáin siolta feadh codanna de na haibhneacha sin a bhaint. Bhí gá le cead/ceadúnas ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus

Fiadhúlra (SPFN) agus le cead ó Iascaigh Intíre Éireann. Leis na hoibreacha coinneála sin, déanfar fadhbanna tuile a chonacthas le blianta beaga anuas.

Struchtúir

Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar Dhroichead an Spá, ar droichead saoirseachta le cúig áirse é, lena iompraítear an bóthar R419 thar an Bhearú ar imeall tuaisceart Chuil an tSúdaire. Bhí teanntaí an sruchtúir sin ag dul i laige de dheasca sciodarnaí. Nochtadh na pilí a thacaíonn leis an síneadh áirse coincréite faoin teannta theas. Cuireadh isteach ballaí coincréite naprúin ar phiaraí agus ar theanntaí an dá áirse lasmuigh i mí Iúil 2016 chun cosc a chur ar sciodarnach amach anseo.

Scéimeanna Ísealchostais Sábháilte

Cuireadh Scéimeanna Ísealchostais Sábháilte ar aghaidh ag ocht láithreán ar fud an chontae le cistiú de €250k a chuir an RITS ar fáil. Bhí oibreacha éagsúla ar siúl ar fud na láithreán agus áiríodh orthu feabhsúcháin ar chomharthaí, ar mharcanna líne agus oibreacha cosán mar aon le mullaird, oileáin deighilte tráchta agus soilsiú poiblí a chur isteach. Mar chuid den chistiú sin, rinneadh an timpeallán ag Eastát Eskerhills ar Bhóthar an Droma a athdhearadh agus a laghdú chun sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí uile na mbóithre.

Comharthaí Luasbhraiteora

Cuireadh comharthaí luasbhraiteora le taispeáintí éagsúla teachtaireachta lena dtaispeántar luas na bhfeithiclí i limistéir 60 km/u agus 50 km/u isteach in ocht láthair. Tá siad an-éifeachtach ó thaobh a luas a chur in iúl do thiománaithe agus iad a spreagadh chun tiomáint níos moille.

Soilsiú Poiblí

Chuir Bonneagar Iompair Éireann cistiú de €55,000 ar fáil chun 57 Solas a uasghrádú go soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh ag Crois Chluain Broc agus Crois Shíomain N77. Cuireadh isteach na soilse in 2016 agus laghdófar costas Fhuinneamh Soilsithe Poiblí BIÉ le €6,000 in aghaidh na bliana leo.

Úsáideadh cistiú CHLÁR chun tacú le hoibreacha uasghrádaithe ar shoilse i scoileanna agus in áiseanna pobail ag naoi láthair ar fud an Chontae agus leis sin bhíothas in ann 70 solas a uasghrádú go soilse LED atá tíoscach ar fhuinneamh, lena soláthraítear coigilteas de suas le 50%.

Athbhreithniú ar an Luasteorainn

In 2016, leanadh le hobair a dhéanamh ar an Athbhreithniú Náisiúnta ar an Luasteorainn de réir mar a bhaineann sé le contae Laoise. Críochnaíodh tréimhse an taispeántais phoiblí do na dréacht-fhodhlíthe ar luasteorainn 30km/u in eastáit tithíochta agus cuireadh os comhair na Comhairle iad i mí an Mheithimh lena nglacadh.

Críochnaíodh na comharthaí zón mall 30km/u d'eastáit tithíochta a bhí fágtha a chur isteach i rith an tsamhraidh in 2016 agus cuireadh beartas maidir le luasteorainneacha inathraithe faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh Iompair. Tá na fodhlíthe chun luasteorainneacha a chur chun feidhme i ngach eastát poiblí tithíochta faoi chúram na Comhairle i bhfeidhm anois. Ba é an 1ú Lúnasa 2016 an dáta tosaithe a bhí ann do na fodhlíthe.

Tar éis gur glacadh an beartas maidir le luasteorainneacha tréimhsiúla taobh amuigh de 75 scoileanna (67 bunscoil agus 8 meánscoil) chontae Laoise i mí an Mheithimh, ullmhaíodh iarratais ar chistiú do láithreacha tréimhsiúla ina gcuirfí comharthaí inathraithe teachtaireachta chun luasteorainneacha a laghdú in uaireanta ar leith ar laethanta áirithe. Cuireadh isteach comharthaí do luasteorainneacha tréimhsiúla in ocht láthair timpeall ar scoileanna. Do bhealaí náisiúnta, reachtáladh cruinnithe le BIÉ agus leis na Gardaí Síochána i mí Lúnasa chun an t-athbhreithniú ar na luasteorainneacha ar an 101km de Bhealaí Tánaisteacha Náisiúnta i gcontae Laoise a phlé. Ba é an togra a pléadh ná go bhfanfadh na codanna tuaithe de bhealaí náisiúnta ag 100km/u ach gur dóchúil go gcuirfí athruithe isteach amhail 60km/u agus 50km/u ar bhóithre isteach i mbailte. Tar éis babhta cruinnithe faisnéise ina dhiaidh sin le Comhaltaí Tofa ar fud na trí Cheantar Bardasacha, cuireadh dréacht na bhfodhlíthe luasteorainneacha ar aghaidh i ndáil le bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúil.

Trasrianta Coisithe

Críochnaíodh ceithre thrasrian nua ar an mbóthar N80 agus ar an mbóthar N77 i bPort Laoise in 2016, ar trasrianta iad a chuir BIÉ cistiú ar fáil dóibh ag na láithreacha seo a leanas:

a. N77 Bóthar Mhainistir Laoise - Trasrian Soilsithe Coisithe ag Cherrygarth
b. N80 Bóthar Mhóinteach Mílic - Trasrian Coisithe ag Faiche an Aonaigh
c. N80 Bóthar Mhóinteach Mílic - Trasrian coisithe ag Gort na Feá (cóngarach don Ionad Leighis) agus
d. N80 Ascaill JFL/426 Acomhal Bóthair Thigh Mochua - Trasrian Coisithe trasna thaobh Bhóthar Thigh Mochua an acomhail.

Coinneáil an Gheimhridh

Rinneadh oibríochtaí Coinneála an Gheimhrigh ar 41 ócáid i rith an gheimhridh 2015/2016, lenar cóireáladh 446km den líonra faoi shalann i gcontae Laoise. Scaipeadh thart ar 1,680 tona salainn i rith na tréimhse sin. Ag tús an tséasúir 2016/2017, i mí Dheireadh Fómhair 2016, cuireadh 7% breise nó 30km breise leis an líonra cóireáilte, agus leis sin ba ionann an t-achar faoi shalann agus thart ar 476km. Baineadh amach an méid sin trí bharrfheabhsú bealaí na bhfad cóireáilte.

Oiliúint Sábháilteachta ar Rothar

Ghlac 625 dalta bunscoile ó 12 scoileanna náisiúnta agus 12 dalta ó Shiondraim Down Laoise páirt sa chlár Oiliúint Sábháilteachta ar Rothar a bhí ar siúl ar fud an chontae, agus ghlac 20 páiste páirt san Ócáid Bhliantúil Sábháilteachta ar Bhóithre a bhí ar siúl i rith Sheachtain Náisiúnta na Rothar.

An Clár Tiomáin Feadh an tSaoil

Ghlac seasca dalta breise páirt sa chlár feasachta agus sábháilteachta ar bhóithre do dhaltaí meánscoile.

Cainteanna/Cuairteanna faoi Shábháilteacht ar Bhóithre

Thug na hOifigigh Sábháilteachta ar Bhóithre cuairteanna ar bhunscoileanna le linn na bliana chun oideachas faoi shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

Veisteanna Sofheicthe

Tugadh veisteanna sofheicthe, bandaí muinchille agus nithe do na málaí scoile do na páistí le linn na gcuairteanna ar scoileanna agus tugadh d'eagraíochtaí éagsúla iad arna iarraidh sin.

Táscairí Feidhmíochta 2015

Céatadán (bunaithe ar fhad) na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla araon a taifeadadh a riocht Innéacs Riochta Dromchla Cosán (IRDC) amhail ag 31/12/2015

	Réigiúnach	Áitiúil
Foriomlán%	100%	100%

Gráid in Innéacs Riochta Dromchla Cosán
Céatadán dhromchla na mbóithre réigiúnacha, na bpríomhbhóithre áitiúla, na mbóithre tánaisteacha áitiúla agus na mbóithre treasacha áitiúla i ngach ceann de na 10 gcatagóir grádaithe IRDC

Aicme Bóithre	1-4	5-6	7-8	9-10
Bóithre Réigúnacha	10%	29%	30%	20%
Príomhbhóithre Áitiúla	14%	35%	27%	4%
Bóithre Tánaisteacha Áitiúla	14%	32%	28%	5%
Bóithre Treasacha Áitiúla	14%	20%	17%	11%

COMHSHAOL

Stiúrthóir: Donal Brennan

Innealtóir Sinsearach: Henry Ritchie, Bóithre & Comhshaol

Bainistiú Bruascair

Bhí an tionscnamh frithbhruascair s'againn is mó agus is faide ar an saol, Laois a Ghlanadh, ar siúl i mí Aibreáin 2016 i gcomhar leis an urraitheoir, AES. Ghlac 54 grúpa páirt. Tar éis gur éirigh chomh maith sin leis an tionscnamh, d'eagraigh Grúpa Bhailte Slachtmhara Phort Laoise seisiúin ghlantacháin a reachtáil go ráithiúil, agus chuaigh siad i ngleic le cumainn chónaitheoiri i rith an phróisis. D'éirigh go thar cionn leis an dá tionscadal agus cheangal siad le cuspóirí an Phlean Bainistithe Bruascair 2015-2017. Scaipeadh dhá fhorlíonadh ina raibh dhá leathanach faoi dhumpáil, truailliú bruascair agus íoc de réir meacháin sa phreas áitiúil i rith na bliana 2016.

Feasacht Comhshaoil & Tionscnaimh Phobail

Ag leanúint leis an gcomhpháirtíocht iontach le hionadaithe tofa, pobail, scoileanna agus gníomhaireachtaí áitiúla, reachtálamar na feachtais agus na cláir thacaíochta seo a leanas:

- Meantóireacht agus oiliúint a chur ar fáil agus comórtas áitiúil a óstáil i gcomhair Chónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara;
- Tionscnaimh náisiúnta feasacht a sheachadadh

atá oiriúnach don rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil;
  - Treoirthionscadal náisiúnta maidir le hathchúrsáil ceallraí baile i gcomhar le WEEE Éire agus le Grúpa Bhailte Slachtmhara Mhainistir Laoise.
- Sainoiliúint a chur ar fáil do ghrúpaí sonracha e.g. scoileanna
- Taispeántas cócaireachta faoi bac a chur amú bia a rinne Rory O'Connell a eagrú, a d'fhreastal 240 aoi air, i gcomhar le Comhairle Pobail na Cúlchoille, arna gcistiú faoi chlár Líonra Coisc Údaráis Áitiúil de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), lenar comhlánadh tionscnamh 4 seachtaine Bac ar Chur Amú Bia chun cumas a thógáil a rinne 12 mhuintir áitiúil ón gCúlchoill.
- Cuireadh cúnamh airgeadais ar fáil do ghrúpaí ar fud an chontae de réir Scéim Deontais na mBailte Slachtmhara, na Scéime Deontais Pobail agus Chiste Comhpháirtíochta Comhshaoil an Chláir Oibre Áitiúil 21.

Páirc an Phobail, Port Laoise

Mar chuid den chlár leanúnach forbartha i bPáirc an Phobail, reachtáladh ceardlanna bithéagsúlachta do scoileanna áitiúla sa Pháirc. I rith 2016, ba í an pháirc ceann de na 21 páirceanna/spásanna náisiúnta lasmuigh a bhfuair duais na brataí uaine atá mór le rá. Bhí searmanas chun an bhratach uaine a ardú i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus díríodh go mór ar rannpháirtíocht an phobail.

Forfheidhmiú Dramhaíola

Tá an Roinn Forfheidhmithe Dramhaíola tiomanta don chomhshaol ardchaighdeáin a choinneáil agus a fheabhsú do mhuintir Chontae Laoise trí Reachtaíocht agus Rialachán Dramhaíola a fhorfheidhmiú. D'éirigh go maith leis an Roinn seo ó thaobh gearáin faoi dhramhaíl a réiteach agus ó thaobh a bheith ag obair go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Forfheidhmithe Pleanála. In 2016, déileáladh go rathúil le 89 gearán faoi dhramhaíl.

Ta an Roinn Forfheidhmithe Dramhaíola freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar Cheadanna Saoráidí

Dramhaíola agus Teastais Chláraithe agus as iad a eisiúint. In 2016, cláraíodh 18 Cead Saoráidí Dramhaíola agus Teastas Cláraithe i gContae Laoise.

An Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre (GFLT)

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2016

Is iad na príomhúsáideoirí fuinnimh i gComhairle Chontae Laoise Soilsiú Poiblí agus foirgnimh. Baineann an chuid eile den ídiú fuinnimh le gás nádúrtha, ola agus breosla d'fheithiclí flít.

Sa Tuarascáil Bhliantúil 2016 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) maidir le Feidhmíocht Éifeachtúlacha Fuinnimh na hEarnála Poiblí, tuairiscítear go raibh coigilteas de 18% ag Comhairle Chontae Laoise ag deireadh na bliana 2015 i gcoinne an sprioc atá aici de 33% faoi 2020.

Gníomhartha a Rinneadh in 2016

Rinneadh an Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre raon gníomhartha chun éifeachtúlacht fhuinnimh a chur chun cinn ar fud an réigiúin:

- D'éascaigh sí Staidéir Fardail ar Shoilsiú Poiblí a rinneadh ar os cionn 33,000 solas tríd an Mórphobal Cleachtais, d'eagraigh oiliúint bogearra bunachar sonraí Deadsure don fhoireann soilsithe poiblí agus conraitheoirí soilsithe a bhi i mbun an staidéar s chríochnú.
- Reachtáil sí Oiliúint faoi Straitéis Fuinnimh In-athnuaite an Údaráis Áitiúil (SFIÚÁ) mar chuid de Chuid L de na Rialacháin Tógála i gcomhair oiliúint faoi Phleanáil Spáis agus Mapáil Éilimh ar Fhuinneamh d'fhoireann pleanála agus ghairmiúil údaráis áitiúil, i gcomhar le ÚFIÉ.
- Lá 3 den Oiliúint EnergyMAP a críochnaíodh i gcomhair na Foirne Fuinnimh in údaráis áitiúla arna tacú ag ÚFIÉ.
- Bhí Tairscint i seilbh na GFLT chun seirbhísí comhairleacha fuinnimh a sholáthar chun tacú le comhairle agus meantóireacht faoi iniúchtaí fuinnimh ar fud an réigiúin. Le ceapadh Ghníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach Chill Chainnigh mar chomhairleoirí, cuirfear saineolas agus tacaíocht ar fáil chun bainistiú fuinnimh a spreagadh i ngach ceann de na 4 údarás áitiúil in 2017.
- Chomhordaigh GFLT tacaíocht ÚFIÉ a cheapadh le foireann deartha chun leabharlann Phort Laoise a dhearadh ar bhealach ata éifeachtúil ó thaobh fuinneamh de agus atá ag teacht le caighdeáin foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh.

Rinne Comhairle Chontae Laoise raon tionscnamh chun feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Staidéar Fardail a chríochnú ar na Sócmhainní Soilsithe Poiblí ar fad chun fardal náisiúnta caighdeánaithe mar a thug ÚFIÉ/Meitheal Theicniúil BIÉ comhairle faoi. Leis sin, beifear in ann iarfheistithe LED amach anseo a mheas i ndáil le costas tairbhe agus cuirtear bunachar sonraí neamh-mhéadraithe ar fáil leis don BSL atá le huasghrádú leis na sócmhainní soilsithe is déanaí.
- Thacaigh BIÉ le huasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh ar an soilsiú poiblí ag Cluain Broc agus ag Crochta Ard ar an mbóthar N78. Cuireadh LEDanna atá tíosach ar fhuinneamh in áit 60 solas le costas €55,000 agus a raibh coigilteas de 50% mar thoradh orthu.
- Úsáideadh cistiú CHLÁR chun tacú le hoibreacha uasghrádaithe ar shoilse i scoileanna agus in áiseanna pobail ag 9 láthair ar fud an Chontae agus leis sin bhíothas in ann 70 solas a uasghrádú go soilse LED atá tíoscach ar fhuinneamh, arís lena soláthraítear coigilteas de suas le 50%.
- Chríochnaigh sí Teastais Fuinnimh Léirithe ar 9 gceann d'fhoirgnimh phoiblí na comhairle contae lena n-áirítear oifigí, ionaid fhóillíochta agus leabharlanna i gcomhréir leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.
- Ghlac sí páirt i gClár de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí faoi Chumhacht a Bharrfheabhsú ar an Obair a bhí ar siúl i Halla an Chontae i bPort Laoise. Cuireadh isteach méadair gháis & leictreachais chun faireachán a dhéanamh ar úsáid fhuinnimh agus tá clár leanúnach faoi fheasacht fhuinnimh ar siúl.
- D'eagraigh sí go ndéanfadh ÚFIÉ iniúchadh fuinnimh Measúnachta, Meantóireachta & Comhairle ar Halla an Chontae i bPort Laoise agus chuir sí chun feidhme cuid de na hítimí ísealchostais a d'eascair as an tuarascáil chun cuidiú le laghdú fuinnimh.
- Chuir sí an caidéal hiodrálach saor ó fhuinneamh i láthair ag an ócáid Fuinneamh sa Talmhaíocht a bhí ar siúl i gColáiste Talmhaíochta an Ghoirtín, rud a ghin go leor suime sa lucht freastail de 1200.
- Chuaigh Amharclann Dhún Másc i bPort Laoise i gcomhpháirtíocht le Econcertive chun rochtain a fháil ar 50% de chistiú faoi BEC2016 chun uasghrádú ó théamh ola go téamh gáis, rud lena sábháiltear 55,000kmh/na bliana, leis an gciste céanna ó Chomhairle Chontae Laoise & ón Roinn Ealaíon.
- Le déanaí chuaigh Ionad Fóillíochta Phort Laoise i gcomhpháirtíocht le Urban Volt chun uasghradú a dhéanamh ar na soilse. Cuireadh 218 feisteas nua isteach a thuartar go mbeidh coigilteas 16,000kwh in aghaidh na bliana ag baint leo. Leis sin, bhí siad in ann tionscadal €30k a chríochnú trí scéim 5 bliana aisíocaíochta spárála fuinnimh.

Táscairí Feidhmíochta 2015

Líon/% na dteaghlach a úsáideann seirbhís 3 araid bhruscair ag 31/12/2015

Líon na dteaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2011, a úsáideann seirbhís 3 araid bhruscair ag 31/12/2015	4,919

% na dteaghlach a úsáideann seirbhís 3 araid bhruscair	17.62

Gearáin faoi Thruailliú Comhshaoil a Dúnadh

Líon Iomlán na gcásanna Truaillithe a bhí ina n-ábhar gearán i rith 2015	796
Líon Iomlán na gcásanna Truaillithe a dúnadh i rith 2015	773
Líon Iomlán na gcásanna Truaillithe idir láimh ag 31/12/2015	16

% Cheantar an Údaráis Áitiúil laistigh de 5 Leibhéal Truaillithe Bruscair

% an cheantair neamhthruaillithe nó saor ó bhruscar	23
% an cheantair faoi thruailliú éadrom	74
% an cheantair faoi mheántruailliú	3
% an cheantair faoi thruailliú trom	0
% an cheantair faoi olltruailliú	0

SEIRBHÍSÍ UISCE

Innealtóir Sinsearach: Michael O'Hora, Seirbhísí Uisce

Lean Comhairle Chontae Laoise ag cur seirbhísí uisce phoiblí agus seirbhísí fuíolluisce ar fáil do mhuintir Chontae Laoise, in éineacht le hUisce Éireann de réir Comhaontaithe Leibhéil Seirbhíse (CLS) agus i gcomhréir le Plean Bliantúil Seirbhíse a comhaontaíodh in 2016. Maidir leis an gcaiteachas a thabhaítear ag Comhairle Chontae Laoise agus na seirbhísí sin á gcur ar fáil, tagann sé ón bhuiséad arna soláthar ag Uisce Éireann. An t-údarás reachtúil is ea Uisce Éireann i gcónaí, ar údarás é atá freagrach as scéimeanna uile uisce phoiblí agus fuíolluisce.

Cé gur dúshlán é Seirbhísí Uisce a sheachadadh faoin CLS, is deis é freisin chun leibhéal de gníomhaíochta seirbhísí uise a choinneáil sa Rialtas Áitiúil agus leis sin chun tionchar a imirt ar infheistíocht i seirbhísí uisce agus ar bheartas amach anseo.

Ta Uisce Éireann i mbun Creat Oibríochta an Tionscail Uisce (COTU) a fhorbairt, a bheidh sé d'aidhm aige foráil a dhéanamh do Shamhail Fóntais Phoiblí (SFP) a bheidh bunaithe ar na hÚdaráis Áitiúla agus Uisce Éireann ag obair le chéile mar aonad aonair agus uisce poiblí agus fuíolluisce á soláthar.

An tÚdarás Seirbhísí Uisce is ea Comhairle Chontae Laoise i gcónaí, de réir an Achta um Sheirbhísí uisce 2007, i gcomhair soláthairtí uile uisce príobháidigh agus fuíolluisce lena n-áirítear Grúpscéimeanna Uisce (GSU) agus Grúpscéimeanna Séarachais (GSS), soláthairtí beaga príobháideacha le húsáid phoiblí (SBP) agus is é an t-údarás maoirseachta é do na soláthairtí uile uisce phríobháidigh faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil) 2014.

An 26ú Deireadh Fómhair 2016, bhronn Bord Náisúnta na hÉireann um Chreidiúnú creidiúnú ISO17025 ar Shaotharlann Seirbhísí Uisce Chomhairle Chontae Laoise as paraiméadair sheiceála uisce óil móide níotráití. Leanann saotharlann Chomhairle Chontae Laoise ag cur seirbhís ardchaighdeáin ar fáil d'Uisce Éireann faoin CLS agus déanfaidh sí triail anailíse do GSU, Soláthairtí Beaga Príobháideacha (d'úsáid phoiblí) agus an Treoir Réime Uisce agus faireachán ar líonadh talún.

Seirbhís Uisce Phoiblí agus Fuíolluisce a sheachadadh

Oibríocht leanúnach agus Coinneáil

Faoi láthair soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise thart ar 23,000 méadar ciúbach in aghaidh an lae do mhuintir Chontae Laoise thar ceann Uisce Éireann, trí sholáthairtí leordhóthanacha uisce a sholáthar agus a choinneáil trasna 28 Zón Soláthair Uisce agus saoráidí cóireála agus diúscartha fuíolluisce ag 27 ceirtleán fuíolluisce (lena n-áirítear roinnt saoráid Dear, Tóg agus Oibrithe).

Uisce Gan Tásc is ea 49% den uisce i gContae Laoise.

Cáilíocht an Uisce Óil

Tá feidhmeanna reachtúla ag Uisce Éireann i ndáil le faireachán a dhéanamh ar sholáthairtí uisce óil phoiblí sa chontae, de réir mar a leagtar amach i Rialacháin AE (Uisce Óil) 2014. Le torthaí anailíse a rinneadh ar uisce óil in 2016, léirítear go raibh ráta comhlíonta micribhitheolaíochta 99.6% agus ráta comhlíonta ceimiceach 99.9% ag Scéimeanna Uisce Phoiblí i gcontae Laoise.

Faoi chuimsiú na Rialachán, is é Comhairle Chontae Laoise an tÚdarás Maoirseachta freisin do Grúpscéimeanna Príobháideacha Uisce agus do Scéimeanna Soláthairtí Beaga Príobháideacha Uisce. Le torthaí anailíse a rinneadh ar uisce óil in 2016, léirítear gur chomhlíon Grúpscéimeanna Príobháideacha Uisce go hiomlán, le 100%, na paraiméadair mhicribhitheolaíochta agus gur chomhlíon siad na paraiméadair cheimiceacha le 99.0%. Bhí ráta comhlíonta ceimiceach 100% ag Scéimeanna Soláthairtí Beaga Príobháideacha Uisce agus bhí ráta comhlíonta micribhitheolaíochta 96.5% acu freisin.

Sceitheadh ar Shéaraigh

Tá 111 Ceadúnas Sceite Chuid 16 eisithe ar ghnóthaí faoin Acht um Rialtas Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990, chun eisilteach trádála a sceitheadh ar shéaraigh sa chontae agus déanann an Chomhairle Faireachán orthu sin ar bhonn rialta le linn na bliana. Aistríodh na táillí do na ceadúnais sin chuig Uisce Éireann i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Ceadúnas Sceite Fuíolluisce GCC

Oibríonn Comhairle Chontae Laoise Ionaid Chóireála Fuíolluisce thar ceann Uisce Éireann i gcomhréir le Teastais Údaraithe nó Ceadúnais Sceite ó GCC faoi chuimsiú na Rialachán maidir le Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007. Leis na ceadúnais agus na teastais sin, sonraítear coinníollacha chun a áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin maidir le cáilíocht uisce agus Treoracha Comhshaoil AE. Go dtí seo, deonadh ceadúnais sceite ar 14 ceirtleán. Fuarthas teastais i gcomhair 14 ionad beaga cóireála sa chontae.

Cosaint an Chomhshaoil

Tá baint ag foireann Chosaint an Chomhshaoil i reachtaíocht agus beartas a chur chun feidhme i ndáil le cáilíocht uisce abhann agus screamhuisce, cáilíocht an aeir agus truailliú ó thorann de réir mar a bhfuil feidhm acu i gContae Laoise.

Cáilíocht an Uisce

In 2016, lean Comhairle Chontae Laoise léi ag cur Plean Bainistithe Cheantar Abhantraí an Oirdheiscirt agus Plean Bainistithe Cheantar Idirnáisiúnta Abhantraí na Sionainne 2009-2015 a chun feidhme. Sínfear an plean atá ann faoi láthair go 2017, agus ina dhiaidh sin cuirfear plean athbhreithnithe i bhfeidhm. Bhailigh an Chomhairle 415 sampla d'uisce abhan do chláir fhaireacháin Faireachais agus Oibríochtúil GCC agus thóg sí 63 sampla imscrúdaitheacha d'uisce abhann.

In 2016, cuireadh tríocha is a hocht Plean Bainistithe Cothaitheach maidir le scaipeadh Sloda Múnlaigh sa chontae faoi bhráid na Comhairle lena bhformheas.

In 2016, lean an Chomhairle léir ag déanamh faireacháin ar cheadúnais sceite chuig aibhneacha agus screamhuisce faoi chuimsiú Chuid 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Ulsce) 1977 go dtí 1990. Tógadh 48 sampla ar an iomlán agus rinneadh anailís orthu chun a áirithiú go gcomhlíontar ceadúnais. Bhí feidhm ag naoi gceadúnas in 2016 agus d'fhéadfaí tús a chur le dhá cheann in 2017. Bhain ceadúnas oibríochtúil amháin le heastát tithíochta a glacadh faoi chúram go déanach in 2016.

Rinne an Chomhairle iniúchadh freisin ar na dabhcha séarachais i gcomhréir le Plean Náisiúnta Iniúchta GCC 2015-2017 i ndáil le Córais Cóireála Fuíolluisce Bhaile. Rinneadh 23 iniúchadh ar an iomlán in 2016, de réir mar a cheanglaítear leis an bPlean.

Rinne Comhairle Chontae Laoise gach gearán a fuarthas faoi thruailliú uisce sa chontae a iniúchadh. Fuarthas fiche a trí gearán uisce in 2016. Níor eisíodh fógraí faoi Chuid 12 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 go dtí 1990.

Cáilíocht an Aeir

Ní raibh aon Cheadúnas gníomhach Astaíochtaí Aeir sa chontae in 2016. Fuarthas tríocha a cheathair gearán faoi cháilíocht an aeir agus rinneadh iniúchadh orthu in 2016. Ar cineál na ngearán sin, áiríodh fahdbanna le bolaithe talmhaíochta agus núis ó dheatach. Bunaíodh clár i gcomhair soláthróirí breosla agus rinneadh 83 iniúchadh ar ghual toiteach in 2016.

Truailliú ó Thorann

Fuarthas ocht déag gearán faoi thorann in 2016. Bhí gné baile ag baint le cuid de na gearáin sin agus i gcásanna den chineál sin, spreagann an Chomhairle do chomharsana an fhadhb a phlé eatarthu féin agus teacht ar réiteach a comhaontaítear le chéile. Bhí gearáin eile ag baint le gníomhaíochtaí tráchtála sa Chontae.

An Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide

Cuireadh foireann le chéile chun obair a thosú ar Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide de chuid na Comhairle a ullmhú, lena ndéanfar iarracht feabhas a chur ar athléimneacht an Comhairle ó thaobh seirbhísí a sholáthar i bhfianaise an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann don aeráid amach anseo.

Uisce Éireann - Clár Infheistíochta Caipitil

Leanann Uisce Éireann leis ag tabhairt cistithe do na Tionscadail Chaipitil Seirbhísí Uisce uile.

Scéim Fheabhsú Soláthair Uisce Chúil an tSúdaire - La Bergerie

Síníodh le déanaí an conradh i gcomhair an Ardchonartha do Scéim Fheabhsú Soláthair Uisce Chúil an tSúdaire ag páirc tobair La Bergerie. Ar na hoibreacha áirítear an tríú poll tóraíochta sa pháirc tobair a chur ag táirgeadh, foirgneamh ina choimeádtar saoráidí cóireála clóirín, fluairíde, agus mangainéise a sholáthar. Bronnadh conradh Dear, Tógáil, agus Oibriú dhá mhí déag le dhá mhí déag breise de sheirbhís Oibrithe & Coinneála ar Veolia, a ghlac freagracht oibríochtúil ón 20ú Iúil 2016.

Uasghrádú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce Chúil an tSúdaire (Ardchonradh)

Eisíodh an conradh maidir le hUasghrádú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce Chúil an tSúdaire chun tairsceana in 2015. Ar na hoibreacha, áirítear feabhsúcháin agus oibreacha uasghrádaithe ar an ionad chun comhlíonadh maidir le caighdeáin eisilteach agus éifeachtúlacht fhuinnimh a bhaint amach. Bronnadh conradh Dear, Tóg, agus Oibriú dhá mhí déag le dhá mhí déag breise de sheirbhís Oibrithe & Coinneála ar AECOM, a ghlac freagracht oibríochtúil ón 1ú Meán Fómhair 2016.

Conradh 2 Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce (Dear)

Tógadh RPS isteach chun seirbhísí comhairliúcháin a chur ar fáil chun dearaí agus doiciméid chonartha a ullmhú le cur chun tairsceana chun príomhlíonra uisce nua a chur isteach in 8.5km breise faoi chuimsiú Chonradh Uimh. 2. Bronnadh conradh iniúchta láithreáin ar Priority agus tosaíodh an t-iniúchadh i mí na Samhna. Cuirfear an chéim deartha sin i gcrích i rith 2017.

Scéim Séarachais do Bhailte Grúpáilte Chontae Laoise

Rinneadh na hionaid nua ar fad a dheimhniú ó thaobh an phróisis de anois agus tháinig siad i bhfeidhm in 2015, agus tosaíodh seirbhís oibríochta fiche bliana in 2016.

Scéim Séarachais Phort Laoise, Chúil an tSúdaire agus Mhóinteach Mílic

Cuireadh Múnlú Draenála Fuíolluisce sreabh agus lódáil do Phort Laoise, Cúil an tSúdaire agus Móinteach Mílice chun cinn le rannphairtíocht ó Chomhairligh i rith 2016. Cuireadh RPS i ngleic le DAP Phort Laoise agus ba cheart go gcríochnófar le múnlú sreabh agus lódáil i rith 2017.

Miontionscadail/Mionchláir

In 2016, cuireadh roinnt miontionscadail caipitil chun cinn lena n-áirítear Plean Ceantair Dhraenála Phort Laoise (Dear), uasghrádú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce (ICF) Mhóinteach Mílic (an Chéim Tairsceana), ICF Bhaile an Chaisleáin (an Chéim Tairsceana) agus IFC Bhuiríos Mór Osraí (Tógáil), forsceitheadh ICF Phort Laoise, an clár Athchóirithe ar thaischumair, cur isteach Faireachán agus Sampláil Sreibhe i mBuiríos Mór Osraí, ICF Bhaile Átha an Róine agus Chúil an tSúdaire, tógáil tobair thaiscéalaíoch i bhFormaoil, Sampláil Cripteaspóiridiam a chur isteach i roinnt ICFanna, scagaire ionraoin Bhaile Átha an Róine, suirbhéanna ar chomhla bhrúlaghdaithe, agus oibreacha uasghrádaithe ar pholl tóraíochta PLCanna/SCADA i ICF Choill Mhinsí.

Mionteagaisc faoi Riachtanais Sócmhainní

Cuireadh tuilleadh aighneachtaí ar raon tionscadal caipitil uisce agus fuíolluisce faoi bhráid Uisce Éireann i bhfoirm Mionteagaisc faoi Riachtanais Sócmhainní in 2016, Ar feitheamh iad a fhormheas ag Uisce Éireann, táthar ag súil leis go gcuirfear na tionscadail sin ar aghaidh in 2017.

Caomhnú Uisce

Thosaigh na hoibreacha Braith Ghníomhaigh Sceite i bPort Laoise agus i Móinteach Mílic go déanach in 2016. Leis an obair sin, cuideofar leis an méid uisce a chailltear ón líonra uisce phoiblí trí sceitheadh a laghdú. Táthar ag súil leis go sínfear na hoibreacha sin in 2017, rud lena méadófar slándáil an tsoláthair agus lena gcuideofar le forbairt.

AN CLÁR UISCE TUAITHE

Clár Ilbhliantúil 2016-2018

Tugadh isteach an Clár Ilbhliantúil 2016-2018 in 2016, lena aistríodh é ón gclár bliantúil a bhí ann cheana go dtí creat cistithe ilbhliantúil nua. Is iad seo a leanas cuspóirí an chreata:

- Cinnteacht faoi chistiú méadaithe i gcomhair riachtanais infheistíochta ar tosaíochtaí iad a sholáthar.
- Tacú le pleanáil cuí agus forbairt inbhuanaithe na gceantar tuaithe a chur chun feidhme, chun ceanglais na Treorach maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh i ndáil leis na soláthairtí uisce tuaithe.
- Tacú le bearta a sheachadadh arna sainaithint i bPlean Bainistithe Abhantraí chun cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a chomhlíonadh.

Fuair contae Laoise leithdháileadh iomlán de €387,250 chun oibreacha a dhéanamh faoi na catagóirí seo a leanas:

Beart 1. Comhlíonadh Comhshaoil agus Sláinte Poiblí san Earnáil Grúpaí Uisce

Ar na hoibreacha a rinneadh sa chatagóir seo, áirítear córas cóireála níotráití a chur isteach i GSU na Cúlchoille, chun a áirithiú go gcomhlíontar Rialacháin AE maidir le hUisce Óil. Sa bhreis air sin, cuireadh isteach caidéal nua dáileogach clóirín ag GSU Áth Tanaí.

Beart 2. Scéimeanna Grúpaí atá ann cheana a Fheabhsú

Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar theach caidéil agus ar líonra ag roinnt Scéimeanna Grúpaí lena n-áirítear GSU Bhaile Mhadóg, GSU Bhaile Phiocáis, GSU Theach na Bearú, GSU Dhoire Liam Óig agus GSU Ghráig na hAbhann.

Cuireadh tús le conarthaí Uasghrádaithe ar Líonra ag GSU Bhaile Cholla, GSU Eiréil agus GSU an Fhraoigh. Leanfaidh na hoibreacha sin ar aghaidh go dtí 2017.

Beart 3. Forbairt Tuaithe san Earnáil Grúpaí Uisce

Ceapadh Hidrigeolaí chun staidéar a dhéanamh ar chumas fhoinse GSU Bhaile Phiocáis uisce a sholáthar do grúpscéim nua uisce a bheartaítear sa Chnoc, sa Spinc.

Beart 4. Scéimeanna a aistriú chuig an earnáil uisce phoiblí agus fuíolluisce

Tosaíodh Céim III den uasghrádú ar GSU Chluain Caoin Fhormaoileach in 2016, agus bronnadh an conradh ar Dunne Brothers, i Móinteach Mílic, tar éis an phróisis ríomhThairsceana.

Tosaíodh obair ar GSU Bhaile Uí Chléirigh agus ar GSU Bhaile Adaim (lena n-ionchorpraítear Baile Adaim 1 & 2 agus Móin na Scríobán) ag druidim le deireadh na bliana 2016, mar ullmhúchán do tháthcheangal ó Uisce Éireann.

Beart 5. Nuálaíocht agus Taighde

Cuireadh cistiú ar fáil do GSU na Cúlchoille chun suirbhé a dhéanamh ar níotráití chun an fhoinse níotráití sa dobharzón a aithint trí fhaireachán agus anailís. Rinne mac léinn Máistreachta an taighde sin faoi mhaoirsiú ó Choláiste na Tríonóide agus le tacú ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus ó Chónaidhm Náisiúnta na nGrúipscéimeanna Uisce.

Fuair GSU Bhaile Cholla cistiú chun stáisiún aimsire amháin a chur isteach i scoil náisiúnta arna soláthar ag an scéim, chun críoch feasacht a mhéadú faoi uisce, faoi a thábhachtaí atá sé, faoi a thabhachtaí atá an Grúpscéim Uisce áitiuil agus faoi a thábhachtaí atá sé uisce a chosaint. Toisc go bhfuil trí scoil náisiúnta arna soláthar ag an GSU, cheannaigh sé agus chuir sé isteach dhá stáisiún aimsire breise óna hacmhainní féin.

Ba ionann caiteachas iomlán ar an gClár Uisce Tuaithe 2016 agus €309,561, le tuilleadh caiteachais de €119,363 le críochnú chlár 2015.

Leis na hoibreacha sin ar fad, cuireadh aidhmeanna na Comhairle ar aghaidh chun cuidiú le grúpscéimeanna sa chontae soláthar uisce ar ardchaighdeán a choinneáil, a bheadh ag teacht le caighdeáin AE maidir le cáilíocht uisce óil agus chun costais fhuinnimh agus oibríochta a laghdú.

Rinne Clár Uisce Tuaithe na Comhairle €307,806 i bhfóirdheontais le Grúpscéimeanna Uisce a phróiseáil in 2016. Íocadh €54,121 le hiarratasóirí chun a dtobair bhaile a uasghrádú nó chun tobair nua a chur ar fáil dóibh in 2016. Ní bhfuarthas aon iarratas ar chúnamh deontais i gcomhair Córas Cóireála Fuíolluisce Bhaile in 2016. Tá an Scéim sin ar fáil chun cuidiú le húinéirí áitreabh atá ceangailte le córais chóireála fuíolluisce bhaile ó thaobh costas na n-athchóirithe ar chórais chóireála den chineál sin, nó ó thaobh iad a uasghrádú nó córais nua a chur ina n-áit. I ndáil leis na deontais agus na híocaíochtaí fóirdheontais sin, forchúitítear na híocaíochtaí ar fad ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

An Straitéis Náisiúnta Luaidhe

Seoladh an Straitéis Náisiúnta Luaidhe i mí an Mheithimh 2016 agus tugadh isteach scéim deontais do theaghlaigh ísealioncaim chun cuidiú le píoba nua a chur isteach in ionad na bpíob luaidhe atá ina dteach. Is é an tÚdarás Áitiúil a riarann an scéim deontais sin agus cuireann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil cistiú ar fáil. Fógraíodh an scéim deontais sin sa phreas áitiúil, ar láithreán gréasáin na Comhairle agus ar Facebook. Ní bhfuarthas aon iarratas ar chúnamh deontais go dtí seo.

Athbhreithniú ar Sheachadadh Seirbhíse na nÚdarás Áitiúil d'Uisce Tuaithe

Faoi choimirce Chumann Lucht Bainistríóchta Contae agus Cathrach agus na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, bunaíodh meitheal nua, an Grúpa Náisiúnta Athbhreithnithe ar Uisce Tuaithe (GNAUT), ina raibh Comhairle Chontae Laoise an Príomhúdarás agus ina raibh comhaltaí ag teacht ón Roinn, ó Chónaidhm Náisiúnta na nGrúipscéimeanna Uisce agus ó roinnt Údarás Áitiúil ar fud an chontae. Ba é cuspóir an tionscadail seo roinnt samhlacha a aithint lena mbainfear amach éifeachtúlacht agus seachadadh níos fearr seirbhíse san Earnáil Uisce Tuaithe.

Bhí an cruinniú tionscnaimh ag an nGrúpa i mí an Mhárta agus críochnaíodh an DTT i mí Mheán Fómhair. D'fhormheas an Bord Tionscadail an doiciméad i mí na Nollag. Is é an chéad chéim eile Cás Gnó a ullmhú a thosófar in 2017 agus moladh faoin samhail is fearr chun seirbhísí uisce tuaithe a sheachadadh.

Struchtúir Chontúirteacha agus Áiteanna Contúirteacha

Faoi chuimsiú an Achta Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) 1964, tá sé de chumhacht ag Údaráis Áitiúla Fógra a sheirbheáil ar úinéirí maoine, i gcás ina bhfuil an Chomhairle den tuairim gur maoin nó áit chontúirteach í, ag iarraidh orthu gníomh feabhais a dhéanamh chun go mbeidh an mhaoin slán. Muna gcomhlíontar an Fógra, d'fhéadfaí an t-ábhar a tharchur chuig na Cúirteanna. I gcás éigeandála, tá sé de chumhacht ag an gComhairle maoine den chineál sin a dhéanamh slán agus na costais a fhorchúiteamh. Coinníonn an t-údarás áitiúil Clár Áiteanna Contúirteacha/Struchtúir Chontúirteacha agus bhí 27 comhad oscailte ar an gclár i gcontae Laoise an 31ú Nollaig 2016.

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse **2015**

Uisce óil i scéimeanna príobháideacha a chomhlíonann ceanglais reachtúla	98.84%

SÁBHÁILTEACHT UISCE LAOISE

Seachtain Feasachta Sábháilteachta Uisce 2016

I gcomhar le Coiste Ceantair Sábháilteachta Uisce Laoise, chuir Comhairle Chontae Laoise roinnt príomhócáidí ar siúl chun Feasacht Sábháilteachta Uisce a chur chun cinn in 2016.

I rith 2016, tháinig scoileanna agus grúpaí pobail ar cuairt, agus cuireadh cainteanna ar fheasacht bunúsach faoi shábháilteacht uisce agus taispeántais baoi tarrthála ar siúl.

D'oibrigh Sábháilteacht Uisce Laoise go maith i gcomhar le Féile na Canála Bhaile Bhiocáire 'Beat the Barge' i mí Mheán Fómhair 2016, áit a raibh cadhcáil/curachóireacht, seaschéaslóireacht agus gníomhaíochtaí déanamh rafta ar siúl. Leis na hócáidí sin, cuireadh béim ar a thábhachtaí atá sé an seaicéad tarrthála cuí/áis bhuacachta chuí a chaitheamh timpeall uisce oscailte.

RANGANNA SABHÁILTEACHTA UISCE 2016

Sheachadaigh Sabháilteacht Uisce Laoise Ranganna Sábháilteachta Uisce san Earrach agus san Fhómhar le linn 2016 ag Ionad Fóillíochta Phort Laoise agus d'éirigh go maith leo. Ghlac 135 duine fásta agus páiste páirt sna ranganna le linn na bliana. Chuir Sabháilteacht Uisce Laoise Oíche Dámhachtainí Sabháilteachta Uisce ar siúl in Áras an Chontae an 28 Meitheamh 2016, ar oíche í a bhí sármhaith agus a d'fhreastal thart ar 100 duine uirthi chun a dteastas Sábháilteachta Uisce a fháil, a bhronn an Cathaoirleach, Tom Mulhall. An 28ú Bealtaine 2016, thug Rannpháirtithe agus Teagascóirí ó Ranganna Shábháilteacht Uisce Laoise cuairt ar Stáisiún Bád Tarrthála Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (INRBT) i nDún Laoghaire, ait a bhfuair siad turas de na háiseanna, a chonaic siad taispeántais agus cur i láthair a rinne Seirbhís Bhád Tarrthála INRBT agus a ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí uisce i gCuan Dhún Laoghaire.

Clár Paws

I gcomhar le Sábháilteacht Uisce Laoise agus Ionad Fóillíochta Phort Laoise, lean Comhairle Chontae Laoise ag tabhairt tacaíochta do Chlár Sábháilteachta Uisce na mBunscoileanna (PAWS) ar bhonn rathúil agus lean sí léi an clár a sheachadadh. Tugadh cuairt ar bhunscoileanna i gContae Laoise i mí na Nollag agus

bronnadh Teastais PAWS ar os cionn 1,000 páiste tar éis dóibh páirt a ghlacadh sa Chlár.

Baoithe Tarrthála

I rith 2016, lean Comhairle Chontae Laoise léi ag déanamh imscrúdaithe ar bhaoithe tarrthála, iad a choinneáil, a chur suas nó cinn nua a chur ina n-áit i láthair uisce oscailte ar fud an chontae.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Chuidigh comhaltaí agus teagascóirí Choiste Ceantair Sábháilteachta Uisce Laoise le Sábháilteacht Uisce Éireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Bhí an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar siúl thar 3 lá i gcontae Uíbh Fhailí, agus d'fhreastal níos mó daoine ná riamh ar an seastán chun féachaint ar na taispeántais de bhuntacaíocht beatha.

Comhdháil Bhliantúil Chumann Múinteoirí Éireann 2016

Chuidigh comhaltaí agus teagascóirí Choiste Ceantair Sábháilteachta Uisce Laoise le Sábháilteacht Uisce Éireann ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Múinteoirí Éireann. Bhí an Chomhdháil ar siúl thar 2 lá in Óstán Heritage i gCill an Áird, áit ar thug múinteoirí bunscoile cuairt ar an seastán agus ar fhéach siad ar na taispeántais de bhuntacaíocht beatha agus ar bhfuair siad eolas a bhaineann le Clár PAWS.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA CHONTAE LAOISE

An Príomh-Oifigeach Gníomhach Dóiteáin:
Declan Power

Lean an tSeirbhís Dóiteáin léi ag cur seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil sna réimsí a leanas: Cosc ar Dhóiteán, Oibríochtaí Briogáide Dóiteáin, Feasacht an Phobail ar Shábháilteacht Dóiteáin agus Pleanáil Móréigeandála.

D'fhreastal Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Laoise ar 715 cás éigeandála, lena n-áirítear 409 dóiteán, 208 cás seirbhíse speisialta & 98 bréagrabhadh.

Chun caighdeán an trealaimh a fheabhsú, in 2016 leanadh leis an gclár chun trealamh a nuashonrú agus trealamh nua a chur ina háit. Soláthraíodh feistis nua gairis análaithe, éadach gásobach cosantach ó cheimicigh, trealamh d'imbhualadh tráchta ar bhóithre & trealamh speisialta do tharrtháil, ceamara íomhánna teirmeacha, brathadóirí gáis agus trealamh cumarsáide sa limistéar dóiteáin.

Críochnaíodh dianchlár oiliúna comhraiceoirí oibríochtúla dóiteáin agus os cionn 630 daonlá san áireamh.

Chun feabhas a chur ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas na foirne dóiteáin, leanadh leis an gclár maidir le Gnáth-Threoirlínte Oibríochtúla chun tacar oibríochtaí briogáide dóiteáin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar d'fhormheas an Bhainistíocht Shinsearach an Clár Bainistithe Sláinte, Sábháilteachta & Leasa agus rinneadh athbhreithniú air 39 uair i rith na bliana.

Fuarthas 38 iarratas ar theastas sábháilteachta dóiteáin agus 80 iarratas ar cheadúnú, agus tarchuireadh 79 iarratas pleanála chuig an tseirbhís dóiteáin i rith na bliana. Rinneadh imscrúdú ar 106 áitreabh. Seirbheáladh 7 Fógra Dúnta ar áitribh a raibh saincheisteanna tromchúiseacha sábháilteachta dóiteáin acu.

Rinneadh dianphleanáil agus dian-idirghabháil le heagróirí Féile Cheoil Electric Picnic sa Sráidbhaile (le lucht frestail de thart ar 58,000 duine) chun sábháilteacht gach aon duine a áirithiú. Cuireadh dianchlár imscrúdaithe i bhfeidhm don fhéile cheoil sin.

Rinneadh an Clár Sábháilteachta Dóiteáin do Bhunscoileanna ar fud an chontae idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2016. Bhí na hocht stáisiún dóiteán ar fad páirteach. Tugadh cuairt ar 63 bunscoil agus fuair 2029 dalta comhairle/eolas faoi shábháilteacht dóiteáin.

Reachtáladh an clár do Sheachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin i mí Dheireadh Fómhair. Bhí oícheanta oscailte ag na stáisiún dóiteáin ar fad lenar áiríodh cur i láthair faoi shábháilteacht dóiteáin a d'fhreastal an pobal i gcoitinne agus grúpaí ó na pobail áitiúla, fógraíocht sna nuachtáin áitiúla agus ar an raidió áitiúil, láithreáin na meán sóisialta, Facebook agus Twitter, agus bileoga eolais a úsáid.

Ghlac Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Chontae Laoise páirt i nDúshlán Náisiúnta Bainte agus Tráma 2016 a bhí ar siúl i gContae na Mí i mí na Bealtaine, agus d'éirigh léi na torthaí a leanas a bhaint amach:

- An Comórtas Tráma: 1ú agus 2ú Áit ar an iomlán, Cás Casta Is Fearr, Gnáthchás Is Fearr.
- An Comórtas Bainte: 2ú Áit ar an iomlán, Gnáthchás Is Fearr.

Coinníodh na háiseanna Bainistithe Móréigeandála ar fad agus rinneadh na pleananna, na fophleananna agus na nósanna imeachta ábhartha ar fad a nuashonrú le linn na bliana. Cuireadh Oiliúint MEM ar fáil d'fhoireann na Comhairle i mBainistiú Faisnéise agus Idirghabháil leis na Meáin.

Táscairí Feidhmíochta 2015

Costas na Seirbhíse Dóiteáin in aghaidh an duine

Costas in aghaidh an duine	43.69
Slógadh Seirbhíse	
An meánam a thógtar, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i ndáil le dóiteán	N/B
An meánam a thógtar, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin páirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) i ndáil le dóiteán	5.32
An meánam a thógtar, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i ndáil le cásanna eile éigeandála (nach dóiteáin iad)	N/B
An meánam a thógtar, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin páirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) i ndáil le cásanna eile éigeandála (nach dóiteáin iad)	4.42

Céatadán freastail ar láithreacha

% cásanna i ndáil le dóiteán ina bhfuil an chéad fhreastal ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad	35.24%
% cásanna i ndáil le dóiteán ina bhfuil an chéad fhreastal ar an láthair tar éis de 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad	55.83%
% cásanna i ndáil le dóiteán ina bhfuil an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	8.93%
% cásanna i ndáil le gach cás éigeandála eile ina bhful an chéad fhreastal ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad	37.34%
% cásanna i ndáil le gach cás éigeandála eile ina bhfuil an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	49.79%
% cásanna i ndáil le gach cás éigeandála eile ina bhfuil an chéad fhreastal ar an láthair tar éis 20 nóiméad	12.88%

Cosaint Shibhialta Laoise

Eagraíocht dheonach is ea Cosaint Shibhialta Laoise agus tá bród ar chomhaltaí na heagraíochta as a fheidhmiú mar sheirbhís thacaíochta ar ardchaighdeán, a thacaíonn leis na príomhsheirbhísí éigeandála agus leis an bpobal áitiúil.

Daoine iloilte is ea na deonaigh agus is iad seo a leanas na príomhchláir gníomhaíochtaí a dhéanann an eagraíocht:

- Garchabhair

  Seirbhís garchabhrach agus otharchairr a sholáthar

- Scileanna Tarrthála

  Tarrtháil uirbeach, cuardach sa tuath oscailte ar dhaoine ar iarraidh agus tá madra cuardaigh agus tarrthála K9 Brath Conablach Daonna amháin i gcontae Laoise. Is é contae Laoise ceann de na hocht contaetha a sholáthraíonn drón do chuardach ón Aer.

- Comhrac Dóiteáin

  Uiscí tuile a chaidéalú agus uisce a sholáthar don phobal.

- Seirbhís Maor agus Faireachán ar Radaíocht

  Radaíocht a bhrath agus faireachán a dhéanamh uirthi.

- Cumarsáid Raidió

  Ceithre chóras neamhspleácha raidió a oibriú - U.H.F., V.H.F., Marine Band Radio agus Tetra. Oibrítear na córais sin ón Aonad Speisialaithe Oibríochtúil s'againn.

- Práinnfhreagairt

  Tá ionaid oiliúna lonnaithe sa Sráidbhaile, i nDarú, i Móinteach Mílic agus i bPort Laoise. Má tá suim agat sa méid thuas agus má tá tú idir 18-65 bliana d'aois, bí i dteagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil ar (057) 8664106, cuir ríomhphost chuig lpreston@laoiscoco.ie nó téigh chuig an láithreán gréasáin atá againn ag **www.laoiscivildefence.ie.**

Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil

Stiúrthóir Seirbhísí:	Kieran Kehoe
Cathaoirleach:	John Moran, C.C.C.
Comhaltaí	Earnálach
John Joe Fennelly, C.C.C	Harry Vanston (An Earnáil Feirmeoireachta
Mary Sweeney, C.C.C	Pat Culleton, (Forbairt/Tógáil
David Goodwin, C.C.C.	Michael Kielty, Comhdháil na gCeardchumann (Ceardchumann)
Aidan Mullins, C.C.C.	William Telford (Gnó/Tráchtáil) Noel Gavigan (Comhshaol/ Caomhnú)

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Déanann Comhairle Chontae Laoise forbairt eacnamaíoch Chontae Laoise a chur chun cinn ar bhonn leanúnach. Plean reachtúil is ea Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Laoise (PÁEP) a ullmhaíodh chun forbairt eacnamaíoch agus pobail Chontae Laoise a chur chun cinn ó 2016-2021.

D'ullmhaigh Comhairle Chontae Laoise agus Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Laoise (CFPÁ Laoise) PÁEPL i gcomhar le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus grúpaí eile.

I mí an Mhárta 2016, ghlac an Coiste Beartais Straitéisigh um Phleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch agus Comhairle Chontae Laoise an plean agus seoladh go foirmiúil é ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i dTulach Mhór i mí Mheán Fómhair 2016.

Tugadh faoi mheasúnú ar phlean cur chun feidhme 2016 maidir le PÁEP Laoise agus tugtar ar aird go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta in 2016 i leith fhormhór na ngníomhartha. Cuirtear nuashonruithe ar fáil don Choiste Beartais Straitéisigh, don Fhoireann Bainistíochta agus don Chomhairle Iomlán ar bhonn leanúnach.

In 2016, bunaíodh an tAonad Tacaíochta Gnó go foirmiúil, ina ionchorpraíonn an Chomhairle an Oifig Fiontair Áitiúil agus an fhoireann Forbartha Eacnamaíche ón gComhairle chun lárphointe teagmhála a fhoirmiú i gcomhair gnóthaí atá ann cheana agus gnóthaí ionchais. Leis an aonad, spreagfar fiontraíocht áitiúil agus infheistíocht inmheánach trí thimpeallacht ina thacaítear le gnó a sholáthar sa chontae. Beidh sé mar phríomhchuspóire ag an aonad tacaíochta Contae Laoise a chur chun cinn mar phríomhlonnaíocht infheistíochta in Éirinn agus san Eoraip.

Cibé má tá gnó ag athrú lonnaíochta nó ag síneadh, nó má tá fiontraí ag cur tús le fiontar nua, beidh an tAonad Tacaíochta ar gáil chun treoir éifeachtach a thabhairt agus gnó a éascú i gContae Laoise.

Is iad seo a leanas príomhghníomhartha eile a rinne an t-aonad Tacaíochta Gnó in 2016:

- Tús a chur le straitéis margaíochta don Chontae
- Scéimeanna Tionscnaimh Ghnó a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Tionscadal REDZ "Ráth Domhnaigh a Spreagadh" a bhunú
- Páirc Ghnó Chluain Maighneáin i bPort Laoise a uasghrádú
- Suirbhé ar Ghnó a sheoladh
- Tacú le 5 Bhaile agus iad ag glacadh páirt i nDámhachtainí Náisiúnta Bhailte na Fiontraíochta

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL LAOISE

Ba bhliain iontach tairgiúil í 2016 d'Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Laoise. Formheasadh €257,083 i gcúnamh deontais, agus leis sin d'fhéadfaí 41 post lánaimseartha a chruthú agus 20 post breise a choinneáil. Formheasadh 14 iarratas ar chúnamh deontais, ar méadú é sin de 50% ó 2015, le méadú i líon na bpost a d'fhéadfadh a bheith ann ó 33 go 41, treocht a bhfuil súil againn go leanfaidh sí ar aghaidh in 2017. Déileáladh le breis is 600 fiosrúchán agus in 2016 d'fhreastal 480 duine ar chúrsaí oiliúna, agus bhí éileamh níos airde ar shannadh meantóireachta agus ar chlinicí meantóireachta ná mar a bhí roimhe seo. Cuireadh na nithe tacaíochta sin ar fad in iúl do na gnóthaí beaga, do mhicreaghnóthaí agus do ghnóthaí tionscnaimh i gcontae Laoise, cuireadh ar fáil do na gnóthaí sin iad agus bhí siad oiriúnaithe go sonrach dóibh. Dearadh agus reachtáladh cláir a bhí tiomanta do thacaíocht a thabhairt do spriocghrúpaí amhail na hearnálacha bia agus miondíola, mná sa ghnó, srl.

Le linn na bliana, bhí baint ag OFÁ leis an Tionscadal "Ráth Domhnaigh a Spreagadh", a bhfuair cistiú faoi Chlár REDZ i gcomhar le Comhairle Chontae Laoise, Comhphairtíocht Laoise agus IT Cheatharlach. D'éirigh le OFÁ Laoise, in éineacht le hUíbh Fhailí, An Longfort agus An Iarmhí, cistiú a fháil faoi chiste Iomaíoch Fhiontraíocht Éireann i gcomhair 2 thionscadal, Tionscnamh Fáis 1 go 2 Lár Tíre agus Clár Cnuasaigh Innealtóireachta Lár Tíre, agus in éineacht le Loch Garman, Port Láirge, Cill Mhantáin, Tiobraid Árann, Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Cill Dara, d'éirigh léi cistiú a urramú don Chlár Luasaire Fáis.

Fuarthas 64 iarratas i ndáil le Fiontraí Óg Is Fearr na hÉireann, rud a chuir Laois sa 11ú áit as 31 OFÁnnai dtéarmaí iarratais a fuarthas.

ATHBHREITHNIÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTA, ASCHUIR AGUS PRÍOMHTHIONSCNAIMH I RITH 2016

Beart 1 - Idirghabháil Roghnaitheach Airgeadais - Cúnamh Deontais

Le OFÁ soláthraítear tacaíocht dhíreach airgeadais do mhicreaghnóthaí (10 fostaí nó níos lú) i bhfoirm Deontais Indéantachta/Nuálaíochta, Deontais Prímeála agus deontais Leata Gnó

- Tá Deontas Indéantacha/Nuálaíochta deartha chun cuidiú leis an duine atá ag cur an gnó chun cinn ó thaobh taighde a dhéanamh ar an éileamh ar an margadh i ndáil le táirge nó seirbhís agus scrúdú a dhéanamh ar a inbhuanaithe atá sé.

- Deontas tionscnaimh ghnó is ea Deontais Prímeála atá ar fáil do mhicreaghnóthaí laistigh den chéad 18 mí de thosú an ghnó.

- Tá Deontas Leata Gnó deartha chun cuidiú leis an ngnó sa chéim fáis tar éis an chéad 18 mí den tréimhse tosaithe.

Déantar an achoimre seo a leanas ar an tacaíocht airgeadais a formheasadh do ghnóthaí i gcontae Laoise in 2016:

DEONTAIS DE RÉIR CINEÁIL, LÍON & AN MÉID A FORMHEASADH 2016

Cineál an Deontais	Líon na nGnóthaí	Méid €
Deontais Prímeála	7	121,577
Deontais Leata Gnó	6	131,233
Deontais Indéantachta	1	4,273
Iomlán a Formheasadh	14	257,083

Beart 2 - Forbairt Fiontraíochta agus Cumais

Tá an beart seo deartha chun na scileanna riachtanacha agus an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil do ghnóthaí beaga chun cuidiú leo agus iad ag forbairt agus ag fás. Déantar foráil leis freisin do ghníomhartha a chuidíonn le cultúr fiontraíochta a fhorbairt sa chontae. Ár na gníomhartha, áirítear cláir oiliúna faoi shaincheisteanna éagsúla gnó, cláir mheantóireachta agus forbartha bainistíochta, taispeántais, cláir scoile, srl.
In 2016, táirgeadh 55 cúrsa oiliúna ar an iomlán trí OFÁ, a d'fhreastal 480 duine ar an iomlán orthu. Ar na daoine a bhfuair oiliúint i rith na bliana, ba fhir iad 170 (35%) díobh agus ba mhná 310 (65%) díobh.

Rreachtáil OFÁ 7 cúrsa "Tosaigh Do Ghnó Féin" a d'fhreastal 70 duine air in 2016, ar cúrsa é a chuir faisnéis agus oiliúint ríthábhachtach ar fáil dóibh siúd a bhí ag déanamh machnamh ar dhul isteach san fhiontraíocht.

Lean OFÁ léi ag cur oiliúint ar fáil chun riachtanais na ngnóthaí atá ann cheana a chomhlíonadh. Cuireadh oiliúint ar fáil trí cheardlanna leathlá nó lá amháin agus áiríodh an méid a leanas orthu:

- Tosaigh Do Ghnó Féin
- Cuntais Ríomhairithe Sage
- Margaíocht Dhigiteach agus Dear Láithreán Gréasáin
- Nodanna Margaíochta an Ghnó Bhig
- HACCP/Sábháilteacht Bia
- Cumas LinkedIn don Ghnó
- Cumas Facebook don Ghnó
- Cumas Twitter don Ghnó
- Leabharchoimeád Bunúsach agus Cánachas
- Clár d'Fhás Gnó
- Margaíocht Ar Líne agus na Meáin Shóisialta
- Cén chaoi Gnó Nua a Phitseáil
- Cén chaoi do Phá a Fháil in Am
- Rogha Do Mhná
- Tús Do Ghnó Bia Féin a Spreagadh
- Sláinte & Sabháilteacht don Ghnó Beag
- Cén chaoi Cuairteoirí ar Láithreán Gréasán a Aistriú go Díolacháin
- Cumas Mealltachta an Mhiondíoltóra Áitiúil
- Cén chaoi Físeáin a Shiútáil & Eagarthóireacht a Dhéanamh Orthu ar Bhuiséad
- Acadamh Bia
- D'Infheistíocht i Seó Trádála a Mhéadú
- An Biafhiontraí
- Cén chaoi Snapchat a Úsáid don Ghnó
- Réamhrá ar Dhéantúsaíocht Bharainneach
- Margaíocht agus Brandáil Straitéiseach
- Na Coimisinéirí Ioncaim a Choinneáil Sásta

Fiontraíocht na mBan

Aithníonn OFÁ go bhfuil tionscnaimh ghnó nua deacair do gach duine agus tá a cláir deartha le bheith chomh solúbtha agus is féidir. Admhaíonn sí, áfach, go mbaineann saincheisteanna sonracha le mná sa ghnó agus tugann sí aghaidh ar na saincheisteanna sin trí chláir shonracha a chur ar fáil do mhná sa ghnó.

- **Rogha do Mhná**

  Táirgeadh an clár seo do mhná chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le gnó a thosú agus leanúint leis. D'fhreastal 6 bean ar an gclár seo

- **Líonra Fiontraíochta na mBan i gContae Laoise**

  Lean OFÁ léi ag éascú Líonra Fiontraíochta na mBan i gContae Laoise agus bhí 6 chruinniú ag an líonra i rith na bliana.

Dámhachtainí Fiontraíochta Daltaí

Is é Dámhachtainí Fiontraíochta Daltaí an comórtas is mó fiontraíochta do dhaltaí in Éirinn. Leis an ócáid seo, cuidítear le daltaí fíorscileanna don saol a aimsiú trí ghnó a reachtáil lena n-áirítear a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann, táirgeadh agus airgead a bhainistiú, díolacháin agus feachtas margaíochta a eagrú, agus idirghabháil dhíreach a dhéanamh le custaiméirí, le breithimh agus leis na meáin. Bhí páirt ghníomhach ag OFÁ agus an tionscnamh seo á chur chun cinn, agus ghlac 7 scoil, arbh ionann é sin agus 300 dalta, páirt sa Chlár 2016

Cur Chun Cinn

Le linn na tréimhse, lean OFÁ léi ag déanamh réimse gníomhaíochtaí cur chun cinn a bhí deartha chun an fhiontraíócht a chur chun cinn sa chontae. Chuir OFÁ raon faisnéise ar fáil tríd an láithreán gréasáin maidir leis na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnóthaí beaga

Meantóireacht

Deartar an Clár Meantóireachta chun an t-eolas, na scileanna, na dearcaí agus an cumas fiontraíochta atá ag muintir ghnó a bhfuil taithí acu a mheaitseáil le húinéirí/bainisteoirí gnóthaí beaga a bhfuil comhairle agus treoir phraiticiúil, straitéiseach aghaidh ar aghaidh uathu. Fuair 69 cliant meantóireacht aghaidh ar aghaidh in 2016, ar méadú suntasach a bhí ann ó 2015.

Clinicí Gnó

Reachtáladh 20 clinic gnó sna réimsí Na Meáin Shóisialta, Pleanáil Ghnó agus Margaíocht i rith na bliana, agus bhain 120 cliant ar an iomlán leas as comhairle ghnó shaor in aisce aghaidh ar aghaidh.

Micro Finance Ireland

Faoi chuimsiú comhpháirtíochta idir Microfinance Ireland agus na hOifigí Fiontair Áitiúil, tá iasachtaí gnó ar fáil tríd an Oifig Fiontair Áitiúil. Chuir 9 ngnó isteach ar chistiú faoin gclár seo in 2016, agus formheasadh 2 iarratas.

Fiontraí Óg Is Fearr na hÉireann

Fuarthas 64 iarratas i gcontae Laoise faoin tionscnamh seo, rud a chur Laois san 11ú áit sa tír. Chuaigh 3 Bhuaiteoir ón gContae ar aghaidh chuig an mBabhta Réigiúnach Ceannais: An Smaoineamh Is Fearr, Francis Cosgrave (Sonrimar Ltd); An Gnó Tionsncamh Is Fearr, Alan Meredith (Alan Meredith Studio) agus An Gnó Bunaithe Is Fearr, Kelly Ging (Kelly Lou Cake).

Dearbháin don Trádáil Ar Líne

Chun tacú le gnóthaí beaga a láithreacht trádála ar líne a fheabhsú, tá Dearbháin don Trádáil Ar Líne, go dtí luach €2,500 (suas le huasmhéid 50% den chostas iomlán), ar fáil do Ghnóthaí Laoise trí chlár faoi Straitéis Náisiúnta Dhigiteach an Rialtais, arna seachadadh trí na hOifigí Fiontair Áitiúil. Faoin tionscnamh seo, fuarthas 23 iarratas mar seo a leanas:

- 4 diúltú
- 18 formheas le luach €38,110 a d'fhéadfadh 25 post lánaimseartha/22 post páirtaimseartha a chruthú
- seisiúin eolais a d'fhreastal 25 gnó orthu

Seachtain Fiontair Áitiúil

Bhí Seachtain Fiontair Áitiuil ar siúl ón 6ú go dtí an 11ú Márta 2016, mar chuid de thionscnamh OFÁ Náisiúnta. D'fhreastal os cionn 100 fiontraí ar sheisiúin mheantóireachta/seimineáir shaor in aisce i rith na seachtaine.

Lá Náisiúnta Fiontair na mBan

D'fhreastal 25 banfhiontraí ó chontae Laoise ar "I dTreo Ratha" ar an 19ú Deireadh Fómhair mar chuid de Lá Náisiúnta Fiontar na mBan 2016. Lá a reachtáladh i gcomhpháirtíocht le hUíbh Fhailí, An Iarmhí agus An Longfort, ar an lá d'fhoghlaim na rannpháirtithe príomhnodanna ó thaithí agus ó scéalta an lucht cainte chun iad a chur i bhfeidhm i ndáil lena ngnó féin a reachtáil. Leis an ócáid seo, bhí deis ag na rannpháirtithe seasamh siar ó obair laethúil a ngnó féin agus roinnt líonraithe a dhéanamh, rud éigin a fhoghlaim agus taithí na mbanghnó eile ón réigiún a roinnt.

Tábla 1a: Achomre ar Ghníomhaíochtaí Bheart 2 2016

Beart 2 (Comhairle Ghnó, Cláir Oiliúna, Meantóireachta agus Líonraithe)	**2016**
Líon na gClár Oiliúna a Seachadadh	55
Líon Iomlán na Rannpháirtithe i gCláir Oiliúna	480
Líon na Seisiún Meantóireachta a Seachadadh ar Chliaint	148

Táscaire Feidhmíochta 2015

Forbairt Eacnamaíoch

Líon na bPost arna gcruthú le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil le gach post páirtaimseartha = 0.5	112

An Roinn Pleanála

Is é is cuspóir foriomlán na Roinne Pleanála forálacha na nAchtanna Pleanála a chur chun feidhme agus bearta tacaíochta iomchuí a sholáthar d'fhonn leas fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíoch an chontae a chur chun cinn, ionad go gcosnófar agus go n-ardófar na caighdeáin mhaireachtála, agus ionas go gcothófar agus go gcruthófar deiseanna oibre, ag féachaint do phrionsabail na hinbhuanaitheachta.

Is féidir an Roinn Pleanála a bhriseadh síos sna 5 réimse ar leith a leanas:

(i) Bainistiú Forbartha
(ii) Pleanáil Chun Cinn
(iii) Forfheidhmiú Pleanála
(iv) Rialú Foirgneamh
(v) Eastáit Neamhchríochnaithe Tithíochta

(i) Bainistiú Forbartha

Fuarthas 673 iarratas pleanála in 2016. Ba cheart go dtabharfaí ar aird, áfach, go raibh 162 de na hiarratais iomlána neamhbhailí agus ceanglaíodh ar an iarratasóir iarratas nua a chur isteach. Ar na príomhchúiseanna a raibh na comhaid phleanála neamhbhailí áiríodh an méid a leanas: fógraí poiblí a raibh as dáta, nó nach raibh curtha suas ar an láithreán, ceadanna roimhe a bhí imithe in éag, ainm an ghníomhaí a bhí in easnamh ó na léarscáileanna/líníochtaí, léarscáileanna gan phointe an tuaiscirt agus leaganacha amach láithreán gan na hachair.

Ar an tábla seo a leanas, tugtar miondealú ar na hiarratais bhailí pleanála a fuarthas agus ar na cinntí a rinneadh le linn 2016:

- Líon na n-iarratas bailí a fuarthas: 511
- Líon na gcinntí a rinneadh: 459
- Líon na n-iarratas a deonadh: 450
- Líon na n-iarratas a diúltaíodh: 9

Feidhmíocht 2016

- Iarratais neamhbhailí a tugadh ar ais don iarratasóir: 24%
- Tarchur chuig na hOifigí Ceantair (laethanta oibre): 14
- Rinneadh acomharc leis An mBord Pleanála i ndáil le 14 iarratas in 2016.

Tionscnaimh Sheirbhísí Custaiméirí

In 2016 leanadh le hiarratais phleanála a scanadh de réir mar a fhaightear iad san Údarás Pleanála. Le linn 2016, bhí an pobal i gcoitinne in ann rochtain a fháil ar na hiarratais phleanála ar fad ar líne laistigh de choicís ó bhfuair an tÚdarás Pleanála iad. Bhí 406 cruinniú réamhphleanáilte ar siúl in 2016, ina raibh an deis ag baill den phobal cúrsaí pleanála a phlé le Pleanálaí sular cuireadh isteach iarratas pleanála. D'éascaigh na Pleanálaithe leis an bpobal freisin trí chruinnithe réamhphleanáilte a reachtáil ar an láthair.

Phróiseáil Comhairle Chontae Laoise 39 iarratas Chuid 5 in 2016.
Meallann an láithreán gréasáin Pleanála go leor cuairteanna i gcónaí, le 66,084 amas air anuraidh.

(ii) Pleanáil Chun Cinn

Tá ról ríthábhachtach ag an bPleanáil Chun Cinn i bhforbairt fhisiciúil, eacnamaíoch agus shóisialta Chontae Laoise. Le Plean Forbartha Chontae Laoise 2011-2017, soláthraítear an creat straitéiseach agus an comhthéacs beartais ina ndéanann an tÚdarás Áitiúil a chinntí pleanála. Leanadh leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae i rith 2016, leis an Dréachtphlean agus na doiciméid lena mbaineann arna nglac le taispeáin don phobal ag cruinniú na Comhairle i mí Iúil.

D'imigh an dara tréimhse de chomhairliúchán poiblí maidir leis an Dréachtphlean ón 5ú Lúnasa go dtí an 17 Samhain 2016 agus reachtáladh cruinnithe i mBaile Uí Laigheanáin, i Mainistir Laoise agus i mBaile an Chaisleáin. Fuarthas ochtó aighneachtaí le linn an chéim comhairliúcháin sin. Próiseas dhá bhliain is ea an próiseas athbhreithnithe agus críochnófar í in 2017.

Straitéis Ríochta Poiblí / Ráiteas Físe Phort Laoise

Coimisiúnaíodh na comhairligh GVA Bilfinger i mí Iúil 2016 chun Plean Ríochta Poiblí agus Ráiteas Físe a dhéanamh do Bhaile Phort Laoise. Reachtáladh Cruinnithe Poiblí in Óstán Heritage Dé Máirt an 30ú Meán Fómhair 2016 agus an 19ú Deireadh Fómhair 2016, a d'fhreastal slua mór daoine ón bpobal gnó agus ón lucht cónaitheoirí sa bhaile araon orthu. Táthar ag súil leis go seachnófar an plean i R1 de 2017.

Caomhnú

In 2016, próiseáladh líon iomlán de 11 Dearbhú Chuid 57 i ndáil le hoibreacha ar Dhéanmhais Chosanta ag lonnaíochtaí éagsúla ar fud Chontae Laoise.

Cúnamh Deontais do Dhéanmhais Chosanta

In 2016, reachtáladh dhá scéim deontais d'úinéirí maoine stairiúla, le cistiú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Cúrsaí Tuaithe, Réigiúnacha agus Gaeltachta.

Leis an scéim Infheistíocht san Oidhreacht Thógtha soláthraítear cistiú chun déanmhais chosanta a choinneáil. In 2016, leithdháileadh cistiú iomlán de €46,250 chun cúig mhaoin stairiuil a chaomhnú.

Tá an ciste do Dhéanmhais I mBaol ann d'fhoirgnimh atá ar tí titim. In 2016, deonadh cúnamh ar uasmhéid dhá dhéanmhas in aghaidh an chontae. Fuair dhá dhéanmhas cosanta i gcontae Laoise cistiú de €43,527 chun obair phráinneach caomhnaithe a dhéanamh. Is é an Oifig Oidhreachta a dhéanann na scéimeanna sin a bhainistiú.

Forbairt an Údaráis Áitiúil (Tionscadail Chuid 8)

Deonadh cead Chuid 8 don dá tionscadal seo a leanas i rith 2016:

- síneadh Bhealach Ciorclach Phort Laoise Theas ó R426 Bóthar Thigh Mochua go dtí N77/Bóthar Mhainistir Laoise i bPort Laoise, Contae Laoise agus
- Páirc Ghnó Chluain Maighneáin i bPort Laoise, Contae Laoise a uasghrádú

Tréig

Tá an Chomhairle i mbun a cumhachtaí a chur chun feidhme faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990, lena ndírítear ar na maoine sin atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe. Ag obair in éineacht le húinéirí na maoine sin, táthar ag déileáil leis na saincheisteanna gan fhreagairt agus baintear de Chlár na Láithreán Tréigthe na maoine sin a mheastar nach bhfuil tréigthe a thuilleadh.

Sainmhíniú ar Láithreán Tréigthe

San Acht um Láithreáin Thréigthe 1990, is mar seo a leanas a shainmhínítear Láithreán Tréigthe:

Aon talamh a bhaineann, nó ar dóigh dó baint, go feadh méid ábhartha, ó thaitneamhacht, ó shainghné nó ó dhealramh na talún i gcomharsanacht na talún i gceist-

a) mar gheall ar dhéanmhais atá ina bhfothraigh, tréigthe nó contúirteach a bheith ar an talamh i gceist, nó
b) mar gheall ar an talamh nó aon déanmhais ar an talamh i gceist a bheith ligthe i bhfaillí, mímhaiseach nó gráiniúil, nó
c) mar gheall ar aon bhruscar, truflais, smionagar nó dramhaíl a bheith ann nó a bheith caite nó carntha ar an talamh i gceist, ach amháin i gcás an bruscar, an truflais, an smionagar nó an dramhaíl sin a bheith ann, a bheith caite nó carntha de dhroim fheidhmiú cirt a thugtar le reacht nó leis an dlí coiteann

Líon Iomlán na gComhad a osclaíodh do 2016: 9
Líon Iomlán na gComhad a dúnadh mar thoradh ar aghaidh a thabhairt ar thréig in 2016: 35
Líon Iomlán na gComhad: 66

(iii) Forfheidhmiú Pleanála

I gcomhréir leis na ceanglais reachtúla faoi chuimsiú na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2013 arna leasú, déanann an tÚdarás Pleanála iarracht a áirithiú go gcomhlíontar na ceadanna pleanála agus déanann se iarracht cosc a chur ar fhorbairt neamhúdaraithe.

In 2016, lean an fhoireann Forfheidhmithe leis an obair chun a áirithiú go ndéantar imscrúdú agus obair leantach i ndáil le haon shárú ar an dlí pleanála. In 2016, d'fhreastal foireann na Comhairle ar Chúirt 29 uair i ndáil le hioncúisimh fhorfheidhmithe agus cé go bhfuil roinnt cás fós ar siúl, réitíodh 9 gcás go rathúil i rith 2016.

Sheirbheáil an tÚdarás Pleanála 54 fógra forfheidhmithe, 214 litir rabhaidh agus rinne sé imscrúdú ar 101 gearán, lena gcuirtear béim ar an gcaoi a théann Roinn Forfheidhmithe na Comhairle ar thóir neamhchomhlíonadh pleanála agus fhorbairt neamhúdaraithe ar bhonn gníomhach.

Ócáidí Faoin Spéir a Cheadú

Sainmhínítear ócáid faoin spéir mar léiriú poiblí a tharlaíonn go hiomlán nó i bpáirt faoin spéir nó i struchtúr gan díon nó le díon páirteach, sealadach nó inghiorraithe, faoi scáthlán nó i struchtúr sealadach cosúil leis sin agus ina áirítear ceol, damhsa, léirithe de shiamsaíocht phoiblí nó aon ghníomhaíocht den chineál sin. Ceanglaítear ar eagraithe ócáidí den chineál sin ceadúnas a fháil ón Údarás Áitiúil i gcás ina bhfuil níos mó ná 5,000 duine sa lucht féachana agus éisteachta.

Sampla amháin d'ócáid den chineál sin is ea "Electric Picnic" atá ar siúl sa Sráidbhaile ó 2004.

(v) Rialú Foirgneamh

Bíonn An Roinn Rialaithe Foirgneamh ag déileáil leis na Fógraí Tosaithe a fhaightear, agus déanann sí iniúchadh ar na foirgnimh chun a áirithiú go gcomhlíonann siad na rialacháin éagsúla Rialaithe Foirgneamh.

- Líon na bhfógraí bailí tosaithe a fuarthas: 182
- Líon na bhfógraí tosaithe i gcomhair Athrú Úsáide/Athruithe/Athchóirithe/Síntí = 31
- Líon na bhFógraí Foirgneamh Tráchtála = 25 (Líon na bhfoirgeamh tráchtála arna gcumhdach = 25)
- Líon na dteaghaisí arna gcumhdach le fórgraí bailí tosaithe: = 184 (ar teaghaisí aon uaire 96 díobh)
- Líon na bhfoirgneamh a rinneadh iniúchadh orthu: 30
- Líon na bhfoirgneamh a rinneadh iniúchadh orthu mar % de na foirgnimh arna gcumhdach le fógraí bailí Tosaithe: 12%

(v) Eastáit Neamhchríochnaithe Tithíochta

Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach as eastáit a ghlacadh faoi chúram. In 2016, glacadh 9 eastát a liostaítear thíos faoi chúram. Go traidisiúnta, tharla an méid sin nuair a fuarthas iarratas ó fhorbróir an eastáit agus/nó ó úinéirí na dtithe san eastát. Le blianta beaga anuas, áfach, i gcás inar theip ar an bhforbróir an t-eastát a chríochnú, rinne Comhairle Chontae Laoise idirghabháil chun an t-eastát a chríochnú agus, i gcás inar féidir, is ón mbanna a thagann an cistiú don obair seo. Leanfar leis an mbeartas seo in 2017 de dhul sa tóir ar an bhforbróir agus ar shealbhóir an bhanna ar bhonn gníomhach.

Glacadh na heastáit seo a leanas faoi chúram in 2016:

1. Cúirt Bhaile Mhuiris i gCúil an tSúdaire
2. Túir an Ráithín i mBaile Uí Laigheanáin
3. Bruach na hAbhann
4. An Charraig Liath i gCill an Áird
5. Cúirt Achadh an Chairn
6. Lána Chnoc na mBó i Mainistir Laoise
7. Ascaill na Teile i gCoill Mhinsí, Port Laoise
8. Clós an Bhóthair Nua i Maighean Rátha
9. Radharc na Sléibhte

Fuair na heastáit seo a leanas cistiú faoin "Tionsncamh Náisiúnta d'Eastáit Chónaithe Glacadh Faoi Chúram" (NTICI) in 2016. Táthar ag súil leis go nglacfar na heastáit faoi chúram in 2017.

Ainm an Eastáit	Teaghlaigh	Cistí a leithdháileadh
Ard Erin i Maighean Rátha	48 aonad	€73,082.65
Cúirt an Mhuilinn i mBuiríos Mór Osraí	7 aonad	€18,063.53
Cearnóg Hynd i bPort Laoise	15 aonad	€42,159.58
Sráid an Bhailisigh i Maighean Rátha	10 aonad	€11,350.00
Baile Mhaí i Maighean Rátha	85 aonad	€27,330.80
Iomlán	165 aonad	€171,986.56

Déanann an Roinn Pleanála a seacht ndícheall a bheith i dteagmháil le cónaitheoirí na n-eastát neamhchónaithe chun go mbeidh an t-eolas ar fad acu maidir leis an dul chun cinn ar a n-eastát.

Táscairí Feidhmíochta 2015

Foirgnimh nua a rinneadh iniúchadh orthu

Foirgnimh nua a rinneadh iniúchadh orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás inniúil 15.75%

Líon/% na gcinntí pleanála arna ndeimhniú ag An Bord Pleanála

Líon chinntí pleanála an údaráis áitiúil a bhí ina n-ábhar acomhairc chuig An Bord Pleanála a chinn an Bord in 2015	11
% na gcinntí a dheimhnigh (le nó gan chomhathrú) an cinneadh a rinneadh an t-údarás áitiúil	81.82%

Feidhmíocht Forfheidhmithe

Líon Iomlán na gcásanna pleanála dá dtagraítear nó a thionscnaítear ag an údarás áitiúil i rith 2015 a rinneadh iniúchadh orthu	109
Líon iomlán na gcásanna pleanála a rinneadh iniúchadh orthu ag 31/12/2015	181
Líon iomlán na gcásanna a dúnadh	144
% de na cásanna a dúnadh a díbheadh faoi chuimsiú Chuid 152(2), nó faoi urchosc reachta nó faoi fhorbairt dhílmhaithe	21.53%
% de na cásanna a dúnadh a réitíodh chun sásamh an údaráis inniúil trí idirbheartaíodh	2.78%
% de na cásanna a dúnadh a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmithe	75.69%

Costas na seirbhíse pleanála in aghaidh an duine

Costas na seirbhíse pleanála in aghaidh an duine (bunaithe ar dhaonáireamh 2016)	€21.36

An Coiste Beartais Straitéisigh um Tithíocht

Cathaoirleach:	Paschal McEvoy, C.C.C.
Comhaltaí	Earnálach
Paschal McEvoy, C.C.C. Caroline Dwane Stanley, C.C.C. Catherine Fitzgerald, C.C.C Paddy Bracken, C.C.C.	Michael Kelly Jr. (Forbairt/ Tógáil) Andrew Cremin (Gnó/ Tráchtáil) Sheelagh Coyle (Cuimsiú Sóisialta) Michael Cobbe (Pobal/Deonach)
Stiúrthóirí Seirbhísí:	Gerry Murphy
Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin:	Ian McCormack
Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin:	P J Dempsey
Oibrí Sóisialta Sinsearach	Fionnuala Daly

NA SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Is é is príomhchuspóir don Chomhairle infhaighteacht cóiríochta a mhéadú chun catagóirí difriúla riachtanas a chomhlíonadh agus chun raon iomlán na roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Buaicphointí le linn 2016

- Tosaíodh ar 33 aonad a thógáil i mBealach Conniberry ar Sheanbhóthar Chnoc Maí i bPort Laoise.

- Fuarthas 16 aonad don tithíocht shóisialta i lonnaíochtaí éagsúla ar fud an Chontae.
- Seachadadh 236 deontas go rathúil do dhaoine faoi mhíchumas agus do seandaoine a bhfuil cónaí orthu sa Chontae agus do thionóintí an údaráis áitiúil.
- Formheasadh Dearadh ag Céim 1 i gcomhair forbartha de 20 aonad a bheartaítear i gCúil an tSúdaire, 10 aonad i mBaile Átha an Róine, 8 aonad i Móinteach Mílic, 8 aonad i Maighean Rátha agus atógáil 1 aonad ag Lána an Harpúraigh i bPort Laoise.
- Aisfheistíodh 60 maoine faoin Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Tuarascáil ón CBS

Tháinig an Coiste Beartais Straitéisigh um Tithíocht le chéile i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2016.
Is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna a measadh:

- An Scéim Cheannaigh ag Tionóintí (Incriminteach) 2016
- Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- Tuarascálacha Tithíochta
- An Clár Áitiúil Cóiríochta do Thaistealaithe
- An Straitéis don Tithíocht Shóisialta 2020
- Plean Gnímh don Tithíocht agus don Easpa Dídine de chuid Rebuilding Ireland

An Clár Infheistíochta sa Tithíocht Shóisialta

Infheistíocht shealadach sa Tithíocht Shóisialta €31,100,000 (Caipiteal agus Reatha) is ea leithdháileadh an chláir don tréimhse 2015 go 2017. Áirítear air sin aonaid shóisialta a thógáil, fáil, aonaid Chuid V, Neamhnithe a Aischur, Scéim Cúnaimh Chaipitil, An Clár Caiteachais Reatha do Thithíocht Shóisialta (CCRTS) agus an Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC). Is é an sprioc ná 366 aonad breise a sholáthar.

Á dTógáil: tosaíodh ar 33 aonad i bPort Laoise, rud a raibh íostarraingt de €476,675 mar thoradh air in 2016. Á bhFáil: ceannaíodh 16 aonad ar chostas €1,671,969 agus tá 14 aonad breise ar an bpróiseas tíolactha faoi láthair. In 2016 formheasadh an dearadh i ndáil leis an bhforbairt a bheartaítear de 20 aonad i gCúil an tSúdaire, 10 aonad i mBaile Átha an Róine, 8 aonad i Móinteach Mílic, 8 aonad i Maighean Rátha agus atógáil aonad amháin i Lána an Harpúraigh i bPort Laoise. Cuireadh iarratas ar dhearadh a fhormheasadh i ndáil le 5 aonad i Ráth Domhnaigh faoi bhráid na Roinne i mí na Nollag 2016.

An Scéim Iasachta Caipitil & Fóirdheontais & An Scéim Cúnaimh Chaipitil

Ag 31/12/16, soláthraíodh 271 aonad faoin Scéim Caipitil Iasachta & Fóirdheontais, agus soláthraíodh 264 aonad faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil. Chuir an Cumann Tithíochta Respond isteacht ar fhormheas pleanála i gcomhair 39 aonad i bPort Laoise, a mbeidh 15 ceann díobh cistithe faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil. Ta Oaklee Housing ag feithimh formheasta chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair 8 aonad ar láthair Ospidéal Naomh Fiontan i bPort Laoise. Sheachadaigh Cumann Tithíochta Clúid 2 theach sóisialta faoi chuimsiú na Scéime Cúnaimh Chaipitil in 2016.

An Scéim Cóiríochta Cíosa & Léasú

Go dtí seo, d'urraigh an Roinn Tithíochta 230 maoine ar an iomlán faoin Scéim Cóiríochta Cíosa agus 129 maoine faoin tionscnamh Léasaithe Sóisialta. In 2016, glacadh trí is daichid aonad nua faoi chúram faoi chuimsiú an Tionscnaimh Léasaithe Tithíochta Sóisialta. Fuair 49 aonad breise formheas ón Roinn agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh siad i bhfeidhm in 2017.

Cóiríocht do Thaistealaithe

Leanann an Roinn Tithíochta léir ag cur an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018 chun feidhme. Comhlíonadh na spriocanna faoin gclár i ndáil le cóiríocht do Thaistealaithe ón 2014 go 2016.

Coinneáil Tithíochta agus Tithíocht a Athligean Ar Cíos

In 2016, lean an Roinn Tithíochta léi ag cur feabhas ar na nósanna imeachta gnó a bhaineann le stoc na Comhairle a choinneáil agus a athligean ar cíos, trí thosaíocht a thabhairt agus trí na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil a úsáid ar bhonn éifeachtach. Sa bhreis ar an gcistiú ón gComhairle, chuir an RTPPRÁ €97,053 breise ar fáil chun 12 aonad folmha a athchóiriú in 2016.

Oibreacha Uasghrádaithe agus Feabhsúcháin ar Fhabraic

Le cistiú ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcomhair uasghrádaithe fuinnimh agus deontais aonuaire oiriúnaithe, bhí an Roinn Tithíochta in ann feabhsúcháin shuntasacha struchtúracha a dhéanamh ar chuid mhaith dá maoine. Rinneadh oibreacha inslithe áiléir agus balla ar 60 maoin, a raibh íostarraingt de €77,999 ón Státchiste mar thoradh orthu. Faoi chuimsiú chlár na n-oibreacha oiriúnaithe ar thithe sóisialta, bhain 25 tionónta tairbhe as oibreacha do dhaoine faoi mhíchumas amhail seomraí fliucha, áiseanna ceatha, rampaí agus 2 shíneadh.

Bainistiú Eastát

Príomhfheidhm don Roinn Tithíochta is ea bainistiú eastát, agus in 2016 bhíothas i dteagmháil le tionóintí agus le grúpaí cónaitheoirí ar leibhéal níos fearr. Soláthraíonn an Roinn Tithíochta raon tacaíochtaí do ghrúpaí éagsúla cónaitheoirí lena n-áirítear deontais i gcás inarb iomchuí.

Deontais Phríobháideacha

In 2016, chhuir chuir an RTPPRÁ leithdháileadh de €878,326 ar fáil i gcomhair Scéimeanna Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Sheandaoine agus do Dhaoine Faoi Mhíchumas. Trí bhainistiú éifeachtach an chistithe atá ar fáil, bhí an Roinn Tithíochta in ann an scéim a choinneáil ar oscailt i rith 2016 ina iomláine.

Treo Nua, Ionad Acmhainní Phort Laoise

Tá ról tábhachtach ag Treo Nua, Ionad Acmhainní Phort Laoise, i gcónaí ó thaobh bonneagar sóisialta, eacnamaíoch agus pobail Phort Laoise agus cuirtear seirbhísí ríthábhachtacha sóisialta agus oiliúna ar fáil don phobal ann. Bíonn an naíolann, na seomraí tar éis scoile, na seomraí cruinnithe, pobail agus oiliúna gnóthaí agus seirbhísí, cúrsaí oideachais, ranganna gníomhaíochta fisicúla agus seirbhísí tacaíochta teaghlach á gcur ar fáil iontu.

Cuid V - An Straitéis Tithíochta

In 2016, lean an Roinn Tithíochta léi ag déanamh faireacháin ar fhorbairt agus chuaigh sí i ngleic le forbróirí chun teacht ar chomhaontú i ndáil le Cuid V den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chomhlíonadh. Bhí ceithre chruinniú le forbróirí in 2016 i ndáil le Cuid V.

Láithreacha Príobháideacha

Tá roinnt láthair príobháideach ar díol i mBaile an Chaisleáin agus i mBaile Átha an Róine.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Tugadh ÍCT isteach i gcontae Laoise i mí na Nollag 2016 chun cur in áit an fhorlíonta cíosa. Faoi chuimsiú na scéime, aistreofar cásanna forlíonta cíosa atá ann cheana go dtí ÍCT de réir a chéile agus próiseálfar iarratais nua freisin. Táthar ag súil leis go aistreoidh líon maith iarratasóirí i gcontae Laoise go ÍCT in 2017.

An Scéim Cheannaigh ag Tionóintí (Incriminteach) 2016

Fuarthas 10 iarratas incháilithe faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóintí (Incriminteach) 2016.

Measúnú ar Riachtanais Tithíochta

Rinneadh Measúnú ar Riachtanais Tithíochta i rith mhí Iúil, mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair agus críochnaíodh agus síníodh é an 7 Deireadh Fómhair 2016. Rinneadh measúnú ar 1,762 teaghlach ar an iomlán agus cinneadh nach raibh 460 teaghlach cáilithe don tacaíocht tithíochta sóisialta. Bhí 1,302 teaghlach cáilithe don tacaíocht tithíochta sóisialta ar dháta an Mheasúnaithe Riachtanais Tithíochta an 21ú Meán Fómhair 2016.

Tionscadal Athnuachana Phlás Ó Mórdha

In 2016, chuir an Chomhairle tús le hobair ar dhréachtphlean fisiciúil, eacnamaíoch agus sóisialta a ullmhú do Phlás Ó Mórdha i bPort Laoise i gcomhairliúchán leis na geallsealbhóirí ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear an pobal áitiúil, An Garda Síochána agus Cuideachta Comhpháirtíochta Laoise.

Táscairí Feidhmíochta 2015

Líon Iomlán na dTeaghaisí Tithíochta Sóisialta a Soláthraíodh 01/01/2015 - 31/12/2015

Líon Iomlán na dTeaghaisí Tithíochta Sóisialta a soláthraíodh 1/1/2015 go 31/12/2015	43
Líon na dTeaghaisí a soláthraíodh díreach ón Údarás Áitiúil	34
Líon Theagaisí an Údaráis Áitiúil a tógadh	6
Líon Theaghaisí an Údaráis Áitiúil a ceannaíodh	28
Líon na n-aonad a soláthraíodh faoin Scéim Cóiríochta Cíosa	1
Líon na n-aonad a soláthraíodh faoi ÍCT	N/B
Líon na n-aonad a soláthraíodh faoi CCRTS	8

Stoc Teaghaisí Tithíochta Sóisialta amhail an 31/12/2015

Líon Iomlán na dTeaghaisí Tithíochta Sóisialta amhail an 31/12/2015	2,208
Teaghaisí a soláthraíodh (tógtha nó ceannaithe) díreach ón Údarás Áitiúil	2,042
Teaghaisí a soláthraíodh faoi SCC	143
Teaghaisí a soláthraíodh faoi ÍCT	N/B
Teaghaisí a soláthraíodh faoi CCRTS	23
% na dTeaghaisí a Soláthraíodh Díreach a bhí folamh an 31/12/2015	1.32%

Meánam agus meánchostas Athligean Ar cíos; An Costas Coinneála de réir Aonaid

An Meánam ó Dháta Fágtha na teaghaise go dtí dáta a tosaíodh tionóntacht nua in 2015. (seachtainí)	12.34 seachtaine
An meánchostas a chaitear ar aonaid le tionóintí nua a ullmhú le hathligean ar cíos (€)	4,683.64
Meánchaiteachas in aghaidh an aonaid ar Thithíocht an Údaráis Áitiúil a Dheisiú agus Coinneáil in 2015 (€)	1,348.68

Iniúchtaí ar Thithíocht ar cíos san Earnáil Phríobháideach; Daoine Fásta Gan Dídean ar bhonn Fadtéarma

Líon Iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i limistéar an údarás áitiúil ag deireadh 2015	3,690
Líon na n-iniúchtaí a rinneadh in 2015	92
Líon na nDaoine Fásta Gan Dídean agus i gCóiríocht Éigeandála oíche an 31/12/2015	5
% na nDaoine Fásta a bhí i gCóiríocht Éigeandála ar feadh an 6 mhí ar an Dáta sin	20

Ceann Airgeadais: Gerry Murphy

Cuntasóir Airgeadais/ Bainistithe: Julie Bergin

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Cánachas Feithiclí, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim (Rátaí, Táillí Dóiteáin, Cíosanna, Iasachtaí, Ranníocaíóchtaí Forbartha), Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha, Iniúchadh Inmheánach, Buiséid Bhliantúla agus Ráitis Airgeadais a Ullmhú, Bainistiú Airgeadais agus na cúrsaí coimhdeacha ar fad.

Rátaí Tráchtála

€64.63 ab ea an Ráta Ginearálta Bliantúil ar Luacháil

Táillí Uisce agus Fuíolluisce

An 21ú Deireadh Fómhair 2016, ghlac Uisce Éireann freagracht as sonrasctha custaiméirí uisce neamhbhaile a bhainistiú i gcomhair Seirbhísí Uisce lena n-áiríear Seirbhísí Ilchineálach/Coimhdeacha Uisce. Ghlac Uisce Éireann freagracht freisin as íocaíochtaí, bailiúcháin agus ceisteanna ó chustaiméirí i ndáil le sonraasctha neamhbhaile a bhainistiú. Leanfaidh Comhairle Chontae Laoise léi ag léamh méadar agus ag déanamh oibríochtaí agus cuirfidh sí tacaíocht ar fáil d'Uisce Éireann agus ceisteanna ó chustaiméirí a réiteach.

Íoc Pras Cuntas

Cloíonn an Chomhairle le téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Trachtála).

Líon Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha os cionn €250: Náid

Táscairí Feidhmíochta 2015

Achoimre 5 bliana ar iarmhéid cuntas ioncaim

2011	€-499,962
2012	€-494,535
2013	€-493,027
2014	€-393,286
2015	€-297,861

Achoimre 5 bliana de % na leibhéal bailithe d'fhoinsí móra ioncaim

Figiúirí aonair % do gach ceann de
(a) Rátaí, (b) Cíos & Blianachtaí agus
(c) Iasachtaí Tithíochta 2011, 2012, 2013, 2014 agus 2015

	2011,	2012,	2013,	2014,	2015
Rátaí	77%	74%	70%	69%	75%
Cíos & Blianachtaí	94%	94%	94%	95%	96%
Iasachtaí Tithíochta	81%	76%	67%	62%	64%

Nuashonrú ar MyPay

Faoi láthair tá an tionscadal ag coinneáil leis an sceideal agus leis an mbuiséad. Faoi láthair, tá 69 fostaí bunaithe san ionad seirbhísí roinnte. Críochnaíodh Céimeanna 1, 2, 3, 4 agus 5 in am agus tá Comhairlí Chontae Laoise, Uíbh Fhailí, an Longfoirt, Ros Comáin, na hIarmhí, Liatroma, na Gaillimhe, Cheatharlach, Mhuineacháin, an Chabháin, Chill Dara, na Mí, Chill Chainnigh, Lú, Átha Cliath Theas, Thiobraid Árann, Chiarraí, Chill Mhantáin, Sligigh, Mhaigh Eo agus Dhún na nGall, mar aon le Comhairlí Chontae agus Cathrach Luimní agus Phort Láirge, Comhairlí cathrach Chorcaí agus na Gaillimhe agus Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil beo anois.

Is iad seo a leanas na staidrimh ar an tionscadal go dtí deireadh mhí na Nollag:

Luach na nÍocaíochtaí	€975m
Líon na nÍocaíochtaí	1,175,410
Líon na nGrúpaí Íocaíochta a Íocadh	3,749
Líon na nOlléileamh Párolla	1,768

Tosaíodh cur chun feidhme Chéim 6 le contae an Chláir i mí Mheán Fómhair. Tá obair go maith faoi shiúl chun go mbeidh Comhairlí Contae Fhine Gall agus Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin beo faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2017 mar chuid de Chéim 6. Tá obair leanúnach á déanamh le Comhairle Chontae Chorcaí d'fhonn í a thabhairt ar an gcóras freisin in 2017.

Tosaíodh an ghné Aoisliúntais den tionscadal. Críochnaíodh an mhapáil próisis "mar atá". Reachtáladh ceardlanna i roinnt Údarás Inniúil faoin mapáil próisis "le déanamh" agus riachtanais sonraí.

- Críochnaíodh leagan tionscnaimh den tseirbhís go rathúil i gComhairlí Chontae Laoise agus Cheatharlach in éineacht le Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil i mí Mhéan Fómhair.
- Tosaíodh Feidhmiú Céimneach Chéim 1 i mí Mheán Fómhair agus tá Comhairlí Chontae Sligigh agus An Longfoirt in éineacht le Comhairlí Contae & Cathrach Phort Láirge beo anois. Críochnófar Feidhmiú Céimneach Chéim

1 le Comhairlí Chontae an Chláir agus Ros Comáin i ráithe 1 de 2017.

Mótarcháin

Freastlaíonn an Roinn seo do na hidirbhearta ar fad a bhaineann le Mótarcháin don Chontae, a úsáideann custaiméirí trí chuairt a thabhairt ar an oifig phoiblí, trí phost agus tríd an tseirbhís ar líne, a úsáidtear níos forleithne anois. Tá méadú ag teacht ar líon na n-idirbheart ar líne de réir a chéile, arb ionann anois é agus 46.91% den ghnó foriomlan a dhéantar i Mótarcháin. 49,387 idirbheart iomlán a rinne Oifig Mótarchánach Chontae Laoise in 2016.

Rátaí

Cinntear Mótarcháin d'fheithiclí a cláraíodh tar éis 1 Iúil 2008 ar bhonn bannaí CO_2 nó cumas ciúbach an innill, cibé is ísle. Téann cánacha ó €120 in aghaidh na bliana do na gluaisteáin is glaise go dtí €2,350 do na gluaisteáin leis na rataí is airde astaíochtaí. Grádaítear rátaí mótarchánach de réir mar a théitear suas sna hastaíochtaí CO_2.

Ceadúnais Feithiclí

Thit an t-ollioncam don bhliain le €1,597,463 go dtí €7,821,091, i gcomparáid le €9,418,554 mar a bhí in 2015, ar meath é de 17%. Thit líon na n-idirbheart freisin ó 53,687 go dtí 45,821, ar meath é de 14.6%. Bhíothas ag súil leis an meath sin de dheasca na n-athnuachaintí cánach a dhéantar ar líne ar leibhéal níos airde.

Dearbhuithe Easbhóthair

Más rud é nach n-úsáidfear feithicil i limistéar poiblí, ní mór féindearbhú a dhéanamh sula mbainfear an fheithicil den bhóthar agus fad atá an fheithicil faoi cháin. Is féidir feithicil a dhearbhú a bheith bainte den bhóthar ar feadh tréimhse nach lú ná 3 mhí agus nach mó ná 12 mí. In 2016, próiseáladh 1,167 iarratas ar Dhearbhú Reachtúil Easbhóthair.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe do Thástáil Feithiclí

Is iad na hionaid tástála feithiclí tráchtála a dhéanann na Deimhnithe Róacmhainneachta (DR) i gcomhair feithiclí tráchtála/earraí. Gheobhaidh custaiméirí ráiteas pas ag an ngaráiste agus DR ar stíl nua tríd an bpost. Déantar an córas Comhaid Náisiúnta Tiomáinaithe agus Feithiclí a nuashonrú le mionsonraí DR go huathoibríoch.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe do Chlárú Feithiclí

Cheap na Coimisinéirí Ioncaim na Seirbhísí Náisiúnta Tástála Gluaisteán chun feidhmeanna cláraithe feithiclí a dhéanamh thar a gceann. Is féidir dul i dteagmháil leo ag 1890 927 787 nó ar líne ag www.nct.ie/vrt.

An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNg)

Déantar feithiclí príobháideacha a thástáil ag lonnaíochtaí éagsúla na n-ionad tástála atá ar fud na tíre. I gcontae Laoise, tá an t-ionad tástála lonnaithe i Lárionad Gnó Lismard ar Bhóthar Thigh Mochua i bPort Laoise. Déantar an chéad tástáil tar éis 4 bliana agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Is iad gluaisteáin sheanré an t-aon fheithicil atá saor ón tástáil seo a dhéanamh.

Táscairí Feidhmíochta ag an 31ú Nollaig 2015

% na nIdirbheart Mótarchánach a dhéantar ar líne

Céatadán na n-idirbheart mótarchánach a dhéantar ar líne (i.e. próiseáltar an t-idirbheart agus eisítear an diosca mótarchánach)	46.91%

Bailiú Ioncaim

Iasachtaí Tithíochta		31.12.2016	31.12.2015
a)	An méid a bhailítear ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid a dhlitear	65%	64%
b)	Céatadán na riaráistí:		
	(i) Níos lú na 1 mhí	1%	1%
	(ii) 1-2 mhí	1%	1%
	(iii) 2-3 mhí	2%	1%
	(iv) níos mó ná 3 mhí	96%	97%

Cíosanna			
a)	An méid a bhailítear ag deireadh na bliana mar chéatadán de na méideanna a dhlitear	95%	96%
b)	Céatadán na riaráistí		
	(i) Níos lú ná ceithre seachtaine	9%	10%
	(ii) 4-6 seachtaine	11%	11%
	(iii) 6-12 seachtaine	16%	16%
	(iv) níos mó ná 12 seachtaine	64%	63%

Rátaí Tráchtála		
An méid a bhailítear ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid a dhlitear	76%	75%

Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2016

Cuntas Ioncaim	Ollchaiteachas 2016 €	Ioncam 2016 €	Glanchaiteachas 2016 €
Grúpa Cláir			
Tithíocht & Foirgneamh	10,094,880	11,852,885	(1,758,005)
Iompar & Sabháilteacht Bóithre	15,465,111	11,106,849	4,358,262
Uisce & Séarachas	3,599,138	4,570,835	(971,697)
Tionscnaimh & Rialuithe Forbartha	5,263,218	2,223,832	3,039,385
Cosaint an Chomhshaoil	6,366,422	1,693,084	4,673,338
Áineas & Conláiste	4,001,375	962,806	3,038,569
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	708,593	324,051	384,542
Ilchineálach	9,850,286	6,339,494	3,510,792
Caiteachas/Ioncam Iomlán	55,349,022	39,073,836	

Glanchostas na gclár arna gcistiú ón gCiste Rátaí & Rialtais Áitiúil	16,275,185
Rátaí	12,453,983
Tobhach Pinsean	721,551
Ciste an Rialtais Áitiúil - Deontas do Chuspóir Ginearálta	7,631,324
Barrachas don Bhliain roimh Aistrithe	4,531,672
Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí	(4,432,180)
Barrachas Foriomlán don Bhliain	99,492
Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2016	(297,861)
Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2016	(198,369)

Cuntas Caipitil

Iarmhéid @ 01.01.2016	(4,705,916)
Deontais	8,033,380
Ioncam Eile	6,092,323
Aistriú ó/chuig Ioncam	4,321,271
Caiteachas	(13,007,664)
Iarmhéid @ 31.12.2016	733,395

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE CUMARSÁIDE

Stiúrthóir Seirbhísí: Gerry Murphy

Ceann Cúnta na gCóras Faisnéise: John Smith

Tá an Roinn Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide (T.C.F.) bunaithe ag Ceanncheathrú na Comhairle in Áras an Chontae i bPort Laoise. Is ionann an Roinn agus 8 ball foirne agus déanann sí bonneagar iomlán TCF na Comhairle a bhainistiú, lena n-áirítear an t-ionad sonraí, suiteáil ríomhairí agus cumarsáide i Halla an Chontae, in Oifigí an Cheantair, i Leabharlanna, agus i maoine eile na Comhairle ar fud an chontae. Soláthraíonn an Roinn TF tacaíocht theicniúil do Ranna eile ar fad na Comhairle agus tá sí freagrach as córais TFC na Comhairle a chur chun feidhme, a choinneáil agus a bhainistiú agus as slándáil na gcóras freisin. Tá an Roinn tiomanta do bheartas maidir leis na seirbhísí TCF a fheabhsú ar bhonn leanúnach, sa Chomhairle féin agus na seirbhísí a sholáthraítear don phobal a bhaineann úsáid as seirbhísí na Comhairle araon.

I rith 2016, phróiseáil an fhoireann tacaíochta teicniúla os cionn 2,500 glao tacaíochta ó na ranna laistigh den Chomhairle.

Athnuachan Ríomhairí Deisce

Le blianta beaga anuas, bhí gá le stoc ríomhairí deisce na Comhairle a uasghrádú go dtí an córas oibríochta reatha Windows 7 a formheasadh. Ba thionscadal an-mhór é sin lena raibh gá le an-chuid ama na foirne, agus cuireadh ar aghaidh tuilleadh é in 2016. Rinneadh uasghrádú ar stoc na ríomhairí deisce a bhí fágtha go dtí Windows 7 agus leis sin cuireadh deireadh leis an athrú chun trealaimh níos cumhachtaí agus ar shonraíocht níos airde.

Cosaint Sonraí

Leis na hAchtanna Cosanta Sonraí, ceanglaítear ar an gComhairle a áirithiú go gcoinnítear na sonraí atá ina seilbh aici go slán sábháilte. Ceanglas is ea é seo a bhfuil an Chomhairle an-dáiríre faoi agus tá go leor acmhainní tiomanta do shábháilteacht & sláine na sonraí agus na gcóras a áirithiú. Rinneadh scrúdú ar roinnt tionsncamh slándála agus cuireadh chun feidhme iad in 2016 d'fhonn bearta slándála a mhéadú chun déileáil le timpeallacht bagartha atá ag éirí níos deacra.

Córas Bainistithe Airgeadais Agresso a Uasghrádú

Bhí Comhairle Chontae Laoise i measc na chéad údarás áitiúil a chuir córas Bainistithe Airgeadais Agresso chun feidhme in 2001. Thar na blianta rinneadh uasghrádú agus feabhsúchán éagsúil ar an gcóras sin. Bhí an Leagan nua den Chóras MS4 sceidealaithe le cur chun feidhme in 2016. Bunaíodh Foireann Tionscadail chun an cur chun feidhme a bhainistiú. Bhí an Roinn TCF rannpháirteach ar bhonn suntasach ó thaobh ghnéithe teicniúla an tionscadail i rith na céime cur chun feidhme agus tugann sí tacaíocht i gcónaí don chóras ar bhonn leanúnach.

Córas do Chruinnithe na Comhairle

Ag teacht le roinnt údarás áitiúil eile, chuir Comhairle Chontae Laoise córas ríomhairithe chun feidhme chun cruinnithe na Comhairle tofa, agus cruinnithe coistí agus grúpaí eile, a stiúradh. Leis an gcóras nua cruinnithe, éascaíodh laghdú i láimhseáil agus próiseáil páipéarachais a raibh gá leis, agus laghdaíodh freisin na costais poist agus costais eile lena mbaineann. Tá doiciméadú, tuarascálacha agus comhfhreagairt eile a bhaineann le cruinnithe curtha ar fáil do rannpháirtithe i gcruinnithe gan líon mór ábhar ar pháipéar.

An Láithreán Gréasáin Corporáideach a Uasghrádú

Tá láithreán gréasáin corporáideach na Comhairle, www.laois.ie, ar bun agus an cuma atá air faoi láthair le blianta anuas. Rinneadh cinneadh chun cuma agus feidhmiúlacht an láithreáin ghréasáin a athnuachan, agus é a dhéanamh níos éasca do chuairteoirí na seirbhísí nó an fhaisnéis atá uathu a lorg. Ba é foireann bainistithe gréasáin na Comhairle féin a dhear agus a chruthaigh leagan 2017 an láithreáin ghréasáin chorporáidigh, agus seoladh go foirmiúil é ag cruinniú de chuid na Comhairle an 28ú Samhain 2016.

Na Meáin Shóisialta

Laois.ie

Bhí 536,014 amharc leathanaigh agus 201,612 seisiún ag Laois.ie in 2016, agus tháinig beagnach leath den trácht sin ó úsáideoirí fón soghluaiste agus táibléad. Leis na figiúirí sin, léirítear méadú beag ar na figiúirí comhfhreagracha ó 2015, agus is ionann iad agus meán de os cionn 1468 cuairt ar an láithreán in aghaidh an lae. Mealltar go leor cuairteoirí leis na háiseanna ar líne Fiosrúcháin faoi Phleanáil agus fiosrúcháin faoi Fholúntas Post, agus úsáideann úsáideoirí an Láithreáin Ghréasáin na háiseanna íocaíochta ar líne go minic mar is bealach áisiúil iad chun íoc as Seirbhísí éagsúla an Údaráis Áitiúil. Ar an gcuma céanna, baineann líon mór úsáideoirí an Láithreáin Ghréasáin úsáid as an gcóras Mótarchánach Ar Líne, agus mealltar líon réidh fiosrúchán ar bhonn seachtainiúil leis an bhfoirm teagmhála/fiosrúchán ar líne.

Twitter:

Tá os cionn 3,500 leantóir ag príomhleathanach Twitter na Comhairle - @LaoisCouncil

Tá os cionn 2,200 leantóir ag Fóram Oidhreachta Laoise - @LaoisHeritage
Tá beagnach 1400 leantóir ag Leabharlanna Laoise - @LaoisLibraries
Tá os cionn 300 leantóir ag Music Generation Laoise - @MusicGenLaois
Tá os cionn 250 leantóir ag an tIonad Sainealaíone agus an Leabharlann - @ArthouseLibrary
Tá beagnach 100 leantóir ag an nGníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre - @MidlandEnergy
Tá beagnach 420 leantóir ag Turasóireacht Laoise - @TourismLaois
á os cionn 200 leantóir ag Scoil James Fintan Lalor - @JFLSchool

Láithreáin Ghréasáin

Tá an Roinn TCF tiomanta do chostais a laghdú trí tuilleadh láithreán gréasáin a fhorbairt agus a choinneáil intí áit ar féidir é sin a dhéanamh. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse sin le blianta beaga anuas agus críochnaíodh obair forbartha i roinnt réimsí in 2016. Tá tuilleadh forbartha pleanáilte don réimse sin agus cuirfear ar aghaidh é de réir mar is féidir leis na hacmhainní. Faoi láthair, déanann an Chomhairle óstáil ar roinnt mhaith láithreán gréasáin agus déanann sí iad a choinneáil, sa bhreis ar láithreán gréasáin laois.ie.

Córas Faisnéise Geografaí (CFG)

Chuir an Roinn CFG tús le feidhmiú céimneach córais mhapála ar líne nua, ArcGis, lena n-áireofar tairseach chun rochtain thapa a fháil ar léarscáil ag an bhfoireann agus ag an bpobal, tríd an idirlíon agus tríd an inlíon. Cuirfear seirbhísí arna reachtáil ó shuiteáil bhonneagar nua CFG in áit an réitigh phleanála ar líne arna soláthar ón mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúill. Leis an teicneolaíocht seo, éascófar seirbhísí ó chomhlachtaí eile an rialtais a áireamh, amhail an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Beidh sé ina ghné den tseirbhís go mbeidh rochtain bheo ar na sonraí is déanaí arna gcur ar fáil ag na ranna sin.

Táscairí Feidhmíochta 2015

Líon na gcuairteanna leathanaigh ar láithreán gréasáin an údaráis áitiúil

Amharctha iomlán carnach leathanaigh	532,037

Costas foriomlán sholáthar TCF in aghaidh na cóimhéise lánaimseartha

Costas foriomlán	€3,191.31

An Club Sóisialta

D'éirigh go maith leis an gClub Sóisialta, ina bhfuil 284 ball, in 2016. Cuireadh go leor ócáidí ar siúl in 2016.

An Tarraingt Mhíosúil

Bíónn tarraingt ar siúl do bhaill an Chlub Sóisialta ar an gcéad Aoine de gach mí. Méadaíodh trí dhuais de €50.00 na duaise go 10 mbuaiteoir i dtarraingt na Nollag.

Fulacht Fia an tSamhraidh

Bhí Fulacht Fia ar siúl an 23ú Meitheamh i Halla an Chontae agus d'fhreastal 70 duine air.

Oíche Shóisialta i mí Dheireadh Fómhair

Bhí tionól sóisialta ar siúl i Lethean an 21ú Deireadh Fómhair agus d'fhreastal thart ar 40 duine air. Bhí méaróga bia ar fáil.

An tAifreann Bliantúil

Bhí an tAifreann Bliantúil do bhaill agus foireann Chomhairle Chontae Laoise atá imithe ar shlí na fírinne ar siúl i Seomra na Comhairle an 15ú Samhain. Tugadh cuireadh do bhaill foirne reatha agus ar scor ar fad na Comhairle. D'fhreastal an-chuid daoine ar an Aifreann agus bhí sólaistí ar fáil sa bhialann ina dhiaidh. Bhí an tAifreann ar siúl ar 6in seachas ag 7.30in arb é an gnátham.

Cóisir na Nollag do Chlann Bhaill an Chlub

Bhí Cóisir na Nollag do Chlann Bhaill an Chlub ar siúl in Óstán Heritage, Dé Domhnach an 11ú Nollaig i mbliana. D'éirigh go thar cionn leis. Thaitin Daidí na Nollag (aka An Comhairleoir John King), a lucharachán agus Jecca an Bobaide go mór leis na páistí.

Cóisir Bliantúil na Nollag

Bhí an cóisir ar siúl Dé hAoine an 2ú Nollag in Óstán Heritage. D'fhreastal 100 ball foirne air agus thaitin an oíche le gach duine.

D'éirigh go thar cionn le tarraing na Nollag an bhliain roimhe agus méadaíodh an duais i mbliana. Lá na nGeansaithe Nollag a bhí ann freisin agus tugadh an t-airgead ar fad a fuarthas do Portlaiose Action to Homelessness.

Baill Ar Scor

Tugadh bronntanais do na baill foirne ar scor.

Ócáidí Eile

Tugadh ticéidí lascainithe do na baill do na hócáidí seo a leanas:

Bloom - bhain 69 duine leas astu
The Knitting and Stitching Show - bhain 6 duine leas astu
The Nutcracker - bhain 40 duine leas astu

Ar na hócáidí eile a bhí ar siúl aíríodh:

Pacáistí fóirdheontais do Zú Bhaile Átha Cliath,
National Stud/Japanese Gardens,
Fota Island,
Tayto Park agus
Thank Crunchie its Friday

TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS COMHALTAÍ GACH COISTE AGUS COMHCHOISTE AGUS LÍON NA gCRUINNITHE A BHÍ AG GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA I RITH 2016

COISTÍ

Ainm an Choiste	Comhaltaí Tofa	Numbe of Meetings
An Coiste um Fhorbairt Áitiúil	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir John King	8
An Comhchoiste Póilíneachta	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Seamus McDonald An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir John Moran An Comhairleoir John King An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir David Goodwin An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Noel Tuohy An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley	3
An Fóram Oidhreachta	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir William Aird	4
An Coiste Logainmneacha	An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Mary Sweeney	Cruinniú Ar Bith
An Coiste Iniúchta	An Comhairleoir John Moran An Comhairleoir Jerry Lodge	5
Scoil Cheoil Laoise	An Comhairleoir Mary Sweeney	1
An Coiste Comhairleach Áitiúil Cóiríochta Taistealaithe	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Mary Sweeney An Comhairleoir Tom Mulhall An Comhairleoir John King An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Paddy Bracken	2
Coiste Faireacháin ar Choillte Laoise	An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Seamus McDonald An Comhairleoir William Aird	3
An Coiste Faireacháin ar Uisce Tuaithe	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir Tom Mulhall	3

An Coiste Comórtha Deich mBliana	An Comhairleoir Noel Tuohy An Comhairleoir Aidan Mullins An Comhairleoir John Joe Fennelly An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir John King An Comhairleoir James Kelly	7

COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA

Ainm an Choiste	**Comhaltaí Tofa**
Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann	An Comhairleoir John Joe Fennelly An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir David Goodwin
Bord Oideachais & Oiliúna Laoise & Uíbh Fhailí	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Mary Sweeney An Comhairleoir John King An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley
Cuideachta Turasóireachta Laoise Teo.	An Comhairleoir John Moran
Cruinniú Cinn Bliana Chomhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.	An Comhairleoir Jerry Lodge
Cuideachta Amharclannaíochta Ealaíon Laoise Teo.	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir Mary Sweeney
Bord Iontaobhais Oidhreachta Mhainistir Laoise	An Comhairleoir John Joe Fennelly
Cumann Bhaill an Údaráis Áitiúil	An Comhairleoir Séamus McDonald
Tionól Réigiúnach an Oirthir & Lár Tíre	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Paddy Bracken
Cuideachta Comhpháirtíochta Laoise Teo.	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir William Aird
Ionad Fóillíochta Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleori Pádraig Fleming An Comhairleoir Tom Mulhall
Ionad Fóillíochta Phort Laoise	An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Noel Tuohy
Ionad Fiontair Phort Laoise	An Comhairleoir Jerry Lodge An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Mary Sweeney
Ionad Fiontair Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Tom Mulhall

An Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre	An Comhairleoir John Joe Fennelly
Bord Threo Nua Teo.	An Comhairleoir Noel Tuohy
Fóram Réigiúnach Átha Cliath Laighin Láir	An Comhairleoir Pádraig Fleming An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir John King
Eagraíocht Thathanta I gCoinne Drochíde sa Teaghlach Laoise Teoranta	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald
Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí Lár Tíre	An Comhairleoir Paschal McEvoy
LABEL - Tionscnamh Tríú Leibhéal Laoise	An Comhairleoir Jerry Lodge

ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHALTAÍ 2016

Comhdhálacha	€ 9,286.31
Oiliúint	€ 55,442.25
Fóin	€ 776.83
Speansais in aghaidh an mhí	€ 85,760.27
Liúntas Chathaoirleach Choiste Beartais Straitéisigh	€ 24,000.00
Liúntas Ionadaíoch	€313,650.48
Liúntas an Chathaoirligh	€ 19,929.30
Liúntas an Leaschathaoirligh	€ 3,986.06
Liúntas Chathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh	€ 17,937.66
Iomlán	€530,769.16

Is iad seo a leanas mionsonraí na gcomhdhálacha agus na hócáidí oiliúna a d'fhreastal Comhaltaí Chomhairle Chontae Laoise orthu in 2016

Comhdháil	Ionad	Dáta	Toscaire	Caiteach.
27ú Oidhreacht Cholmchille	Gartán	26ú & 27ú Feabhra	6	€3,780.39
An tAcht Tithíochta (Forálacha Ilchineálacha)	Gaillimh	5ú & 6ú Feabhra	1	€ 417.65
An Beartas Comhtháite maidir le Bóithre & Pleanáil	Gaillimh	12ú & 13ú Feabhra	1	€ 282.35
Deontais & Scéimeanna Tithíochta	Cairlinn	18ú-20ú Márta	1	€ 534.07
Uisce, Séarachas agus Dramhaíl	Baile Átha Cliath	19ú Aibreán	1	€ 129.47
Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha & Pobail	Cloich na Coillte	26ú-28ú Lúnasa	5	€2,854.33
Spáráil Uisce Baile	Cloich na Coillte	16ú-18ú Meán Fómhair	1	€ 257.45
Treoir Phraiticiúil do Bhuiséad 2017	Cloich na Coillte	28ú-30ú Deireadh Fómhair	1	€ 613.03
Forbairt Pobail Iena mBaintear Amach Cuimsiú Sóisialta	Gaillimh	16ú & 17ú Nollaig	1	€ 417.51
		Iomlán foriomlán:		€9,286.31

Oiliúint	Ionad	Dáta	Toscairí	Caiteachas
Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (ARÁÉ)				
ARÁÉ Modúl 1	An Muileann gCearr	18ú Feabhra	5	€ 775.09
3ú Comhdháil Bhliantúil ARÁÉ	Bun Cranncha	5ú & 6ú Bealtaine	7	€4,909.64
ARÁÉ Modúl 2	An tInbhear Mór	10ú Bealtaine	3	€ 591.35
ARÁÉ Modúl 3	Dún Dealgan	18ú Meitheamh	3	
	Achadh an Iúir	23ú Meitheamh	1	
	Inis Díomáin	14ú Meitheamh	2	€1,686.41
ARÁÉ Modúl 4	An Longfort	15ú Meán Fómhair	4	€ 746.32
ARÁÉ Fómhar 2016	Guaire	13ú & 14ú Deireadh Fómhair	7	€2,526.75
ARÁÉ Modúl 5	Biorra	18ú Deireadh Fómhair	3	
	Sligeach	22ú Deireadh Fómhair	1	€ 754.92
ARÁÉ Modúl 6	Baile Átha Cliath	19ú Samhain	3	
	Béal Átha na Sluaighe	24ú Samhain	1	€ 757.34
Cuman Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCÚÁ)				
Oiliúint CCÚÁ san Earrach	Sligeach	1ú & 2ú Aibreán	13	€7,117.88
Oiliúint CCÚÁ san Fhómhar	Beanntraí	30ú Meán Fómhair & 1ú Deireadh Fómhair	7	€3,754.62
Comhlachtaí Príobháideacha & Poiblí na hÉireann (Comhairliúchán) Teo.				
Tógáil Rialtas 2020	Loch Garman	22ú-24ú Eanáir	2	€ 835.55
Teorainneacha/Athruithe	Litir Ceanainn	12ú-14ú Feabhra	8	€5,855.42
Luach an Rialtais Áitiúil	Loch Garman	11ú-13ú Márta	7	€2,861.41
Acht SF 2014 agus An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	Litir Ceanainn	15ú-17ú Aibreán	10	€7,543.87
Treochtaí & Cur Chuige atá ag Athrú maidir le Mí-Úsáid Drugaí & Alcóil	Corcaigh	6ú-8ú Bealtaine	1	€ 559.38
Clár don Rialtas	Loch Garman	27ú-29ú Bealtaine	3	€1,262.80
An Chomhairle & Forbairt Áitiúil	Litir Ceanainn	10ú-12ú Meitheamh	12	€8,700.41
Caidreamh Tionsclaíoch & Toghthóirí na gComhairleoirí	Loch Garman	8ú-10ú Iúil	9	€4,092.04
Cruinniú Cinn Bliana CÁCÉ	Baile Átha Cliath	29ú Aibreán	1	€ 111.05
		Iomlán Foriomlán:		€55,442.25

www.laois.ie

Ríomhphost: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Port Laoise	Teil: (057) 8664000
Cuntais Iníoctha, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664117
An Oifig Ealaíon, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664033
Oifig an Airgid, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674308
An Ceanncheathrú Cosanta Sibhialta, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664106
An Comhshaol, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674318
Deontais Ardoideachais, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664137
Tithíocht, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664110
Acmhainní Daonna, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664219
Láithreán Líonadh Talún, Coillte Laoise, Port Laoise	Teil: (057) 8620653
Ceanncheathrú na Leabharlanna, Áras an Chontae	Teil: (057) 8594982
An Oifig Mótarchánach, Foirgneamh 2, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674385
Pleanáil, Foirgneamh 1, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664032
Clár na dToghthóirí, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664105
Bóithre, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674352
Spóirt & Fóillíocht, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664041
Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674355